



2024/257

11.1.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/257 ÓN gCOMHAIRLE
an 10 Eanáir 2024

lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceanglaítear, le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, go nglactar bearta caomhnaithe agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) agus ag comhlachtaí comhairleacha eile agus aon chomhairle a fhaightear ó chomhairlí comhairleacha.
- (2) Ba cheart don Chomhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta sin, de réir mar is iomchuí. Faoi Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, socrófar deiseanna iascaireachta i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) de réir mar a leagtar amach in Airteagal 2(2) den Rialachán sin. Faoi Airteagal 16(1) den Rialachán sin, déanfar deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát chun go n-áiritheofar cobhsaíocht choibhneasta gníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoc éisc nó gach iascaigh.
- (3) Ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a bhunú, dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus gnéithe bitheolaíoch agus socheacnamaíoch a gcur san áireamh, agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háiritiú, agus i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.
- (4) De bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá na stoic uile a bhfuil teorainneacha gabhálacha ag gabháil leo faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ón 1 Eanáir 2019, ach tá feidhm ag díolúintí áirithe. Ar bhonn moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, glacann an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena leagtar síos na mionsonraí le haghaidh iascaigh áirithe maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.
- (5) Ba cheart a chur san áireamh sna deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic a chumhdaítear leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, nach gceadaítear a thuilleadh i bprionsabal ábhar muirí a aiscur. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith bunaithe ar an bhfigiúr comhairle le haghaidh gabhálacha iomlána arna chur ar fáil ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES). Na cainníochtaí a bhféadfar, mar dhíolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, leanúint de bheith á n-aiscur, ba cheart iad a asbhaint ón bhfigiúr comhairle sin le haghaidh gabhálacha iomlána. Ina theannta sin, i gcás deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic nach dtugann ICES ach comhairle maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír ina leith, ba cheart iad a shocrú ar bhonn na comhairle sin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

- (6) Le Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, bunaíodh plean ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh ('plean ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh') agus le Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ bunaíodh plean ilbhliantúil d'Uisce an Iarthair ('plean ilbhliantúil d'Uisce an Iarthair'). Leagtar amach sna pleananna ilbhliantúla spriocanna agus bearta chun bainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar stoic a chumhdaítear leis na pleananna ilbhliantúla sin. Ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic a liostaítear in Airteagal 1(1) de na Rialacháin sin (spriocstoic) a shocrú i gcomhréir le raon luachanna na básmháireachta iascaireachta as a n-eascaíonn an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) (raonta F_{MSY}), nó ar leibhéal níos ísle, agus i gcomhréir leis na coimircí dá bhforáiltear sna Rialacháin sin. Leagtar amach raonta an F_{MSY} sa chomhairle ábhartha ó ICES. I gcás nach mbeidh faisnéis eolaíoch leormhaith ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na spriocstoc nó na stoc dá dtagraítear in Airteagal 1(4) de na Rialacháin sin (stoic foghabhála) a shocrú i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim, mar a leagtar amach sna Rialacháin sin. De bhun Airteagal 5(3) de na Rialacháin sin, agus deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic foghabhála á socrú, ba cheart breithníthe maidir le hiascaigh mheasctha a chur san áireamh freisin.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 7 den phlean ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh agus Airteagal 8 den phlean ilbhliantúil d'Uisce an Iarthair, i gcás ina léireoidh an chomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite aon stoic dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de na Rialacháin sin faoi bhun an phointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais (B_{lim}) ⁽⁴⁾, tá bearta ceartaitheacha breise le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic a athbhunú go tapa go leibhéil os cionn na leibhéil atá in ann an MSY a tháirgeadh. Féadfar a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin go háirithe iascaireacht dhírithé an stoic atá i gceist a chur ar fionraí agus laghdú leordhóthanach deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc sin nó na stoc eile san iascach.
- (8) Tá stoic áirithe ann a dtugann ICES comhairle ina leith maidir le gabhálacha nialasacha. Mar sin féin, má bhunaítear TACanna na stoic sin ar na leibhéil a moladh, thiocfadh feiniméan an 'tachtspeicis' chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha na stoc sin in iascaigh mheasctha. Is speiceas é 'tachtspeiceas' a bhfuil easpa cuóta air a d'fhéadfadh stop a chur le hiascaireacht soithigh iascaireachta amháin nó níos mó fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile. Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an t-iascach a choimeád ar bun, i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc in iascach measctha ag MSY, is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart na TACanna foghabhála sin a shocrú ar leibhéil lena n-áirithítear go laghdófar ráta básmháireachta na stoc sin, agus lena soláthraítear dreasachtaí chun feabhas a chur ar an roghnaíocht agus lena seachnaítear foghabhálacha na stoc sin. Chun gabhálacha na stoc a laghdú a bhfuil TACanna foghabhála socraithe ina leith, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach as a ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéil a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athshlánú go leibhéil inbhuanaithe.
- (9) Ina chomhairle eolaíoch maidir le trosc (*Gadus morhua*) i bhForoinn 21 ICES (Kattegat), molann ICES nach ndéanfaí aon ghabhálacha den stoc sin in 2024. Thairis sin, de réir ICES, is mar fhoghabháil in iascach ghliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) a ghabhtar trosc sa limistéar sin go príomha. Dá bhrí sin, dá mbunófaí an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) le haghaidh trosc in Kattegat le haghaidh 2024 ag nialas, is é an toradh sonracha a bheadh air sin go gcuirfí deireadh le hiascaireacht ghliomaigh na hIorua sa limistéar sin in 2024, rud a d'fhéadfadh an t-iascach sin a dhúnadh roimh am. Bunaithe ar shonraí Fhairsceall an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA) ⁽⁵⁾, meastar gurb é EUR 98 561 451 luach táscach ⁽⁶⁾ na ngabhálacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hiascach ghliomach na hIorua i roinn 3a (Skagerrak-Kattegat) laistigh de theorainneacha an TAC le haghaidh 2024. Is iomchuí, dá bhrí sin, TAC a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha an tachtspeicis trosc in Kattegat.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uisce an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

⁽⁴⁾ Is é atá in B_{lim} an bithmhais ar féidir acmhainneacht síolraithe laghdaithe a bheith faoina bun.

⁽⁵⁾ Sonraí EUMOFA maidir leis an bpraghas céad-díola agus an méid gabhálacha a thugtar i dtír, meánaithe le haghaidh na mblianta 2019 go 2021 i gcás Ballstáit shonracha, agus arna dtiontú go praghas céad-díola. Is é an praghas céad-díola an praghas atá ar éisc a thugtar i dtír agus a dhíoltar nó a chláraítear ag ionad ceant le ceannaitheoirí cláraithe nó le heagraíochtaí táirgeoirí. Dá bhrí sin, ní léirítear leis an luach measta bunaithe ar an bpraghas céad-díola sin ach an luach ag an gcéad chéim den slabhra luacha.

⁽⁶⁾ Tagraíonn luach táscach, nach ionann é agus luach an mhargaidh, don luach measta a ríomhtar trí na TACanna a iolrú faoi na praghsanna céad-díola, gan tosca eile a chur san áireamh, mar shampla solúbthachtaí maidir le héifeacht na bpraghsanna nó glacadh cuótaí.

- (10) Chun úsáid deiseanna iascaireachta in iascaigh mheasctha i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a ráthú a mhéid is féidir, is iomchuí linn a bhunú le haghaidh malartuithe cuótaí le haghaidh na mBallstát nach bhfuil aon chuóta acu chun a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, maidir le stoic nach gcumhdaítear leis an bplean ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh ná leis an bplean ilbhliantúil d'Uisce an Iarthair, i gcás ina bhfuil faisnéis eolaíoch leordhóthanach ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir le básmaireacht iascaireachta an MSY agus i gcás nach bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (8), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
- (12) I gcás stoic áirithe, tá comhairle ICES fós bailí ar feadh roinnt blianta agus is í an chomhairle sin an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil le haghaidh tréimhse iomlán na comhairle. Sna cásanna sin, ba cheart TACanna bliantúla a shocrú lena gcumhdófar tréimhse iomlán na comhairle (TAC ilbhliantúil). Mar sin féin, má bhíonn comhairle nua ó ICES ar fáil le linn na tréimhse sin, ba cheart a áirithiú go leanfaidh an TAC ilbhliantúil de bheith comhsheasmhach leis an gcomhairle nua. Thairis sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh na hasbhaintí bliantúla ón bhfigiúr comhairle i gcás gabhálacha iomlána chun díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh comhsheasmhach leis na sonraí atá ar fáil.
- (13) Is spriocstoc faoin bplean ilbhliantúil d'Uisce an Iarthair é an doingeann mara Eorpach (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 8a agus 8b ICES (Bá na Bioscáine). De réir na comhairle ó ICES le haghaidh 2024, laghdaíodh bithmhais an stoic sin faoi bhun an MSY $B_{trigger}$ in 2023 agus meastar go dtiocfaidh laghdú breise uirthi in 2024 agus í ag fanacht os cionn an B_{lim} . Dá bhrí sin, ba cheart bearta ceartaítheacha iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar an stoc sin a athbhunú go tapa chuig leibhéal os cionn na leibhéil sin a bhfuiltear in ann MSY a tháirgeadh os a gcionn. Dá bhrí sin, ba cheart don Fhrainc agus don Spáinn a áirithiú go mbeidh gabhálacha tráchtála agus aistriú áineasa don stoc sin, atá le socrú acu le haghaidh 2024, faoi bhun luach phointe F_{MSY} (⁽⁷⁾), arna laghdú go comhréireach chun an laghdú ar an mbithmhais a chur san áireamh, agus ba cheart don Fhrainc agus don Spáinn bearta breise a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
- (14) Ba cheart na bearta lena rialaítear iascaigh áineasa doingeann mara Eorpach i ranna 8a agus 8b ICES a neartú, i bhfianaise an tionchair shuntasáigh a bheidh acu ar bhithmhais an stoic sin agus an bhithmhais laghdaithe á cur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart an teorainn ghabhála a laghdú go hiasc amháin a ghabhtar agus a choinnítear in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae. Ba cheart líonta seasmhacha a eisiáim freisin, toisc nach bhfuil siad sách roghnaitheach agus gur dócha go ngabhtar roinnt eiseamal a sháraíonn an teorainn arna bunú.
- (15) Foráiltear le hAirteagal 5(3) de Phlean Ilbhliantúil Uisce an Iarthair maidir le hiascaigh mheasctha a bhainistiú i ndáil le stoic foghabhála, agus a dheacra agus atá sé na stoic uile a iascaireacht ag MSY an am céanna á cur san áireamh, go háirithe i gcásanna ina ndúntar an t-iascach roimh am mar thoradh air sin. Léirítear le breithnithe maidir le hiascaigh mheasctha i mBá na Bioscáine, a foilsíodh an 14 Samhain 2023, gurb é, diomaithe den bholmán, an mangach (*Pollachius pollachius*) an stoc is mó lena bhfuil teorainn i dtaca le hiascaigh ghrinnill i mBá na Bioscáine i gcás trí roinn iascaireachta as 21. Ós rud é go dtugtar le fios leis na sonraí socheacnamaíocha arna gcur isteach ag ceann de na Ballstáit lena mbaineann, i gcás an mhangaigh i mBá na Bioscáine agus in uisce na hIbéire (folimistéar 8 agus roinn 9a ICES), go léiríonn breithnithe maidir le hiascaigh mheasctha a dheacra agus atá sé na TACanna uile a iascaireacht go hiomlán, tá níos mó ama de dhíth chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar socheacnamaíoch a bheadh ag socrú na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh mangach ar iascairí atá gníomhach san iascach measctha sin (an sól (*Solea solea*) agus gliomach na hIorua). Ar an gcúis sin, ba cheart TAC sealadach le haghaidh mangaigh i mBá na Bioscáine (ranna 8abde) a shocrú don chéad leath den bhliain. Ar bhonn na comhairle a thug ICES an 30 Meitheamh 2023 maidir leis an mangach i mBá na Bioscáine agus in uisce na hIbéire, agus séasúracht an iascaigh á cur san áireamh, ba cheart leibhéal an chuóta shealadaigh sin a shocrú ag 500 tona ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2024. Is é is aidhm don TAC sealadach sin a áirithiú gur féidir leanúint le gníomhaíochtaí iascaireachta fad a bheidh na sonraí á measúnú, go dtí go socróidh an Chomhairle TAC cinntitheach de chuid an Aontais.

(⁷) Is é luach an F_{MSY} luach na básmaireachta iascaireachta measta a thugann, le patrún iascaireachta ar leith agus faoi mheándálaí comhshaoil reatha, an MSY fadtéarmach.

- (16) De réir na comhairle eolaíche, is gabhálacha neamhdhíomaibhseacha iad na gabhálacha áineasa den mhangach i bhfolimistéir 8, 9, 10 ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF (Bá na Bioscáine agus uiscí Ibéaracha) agus is iomchuí, dá bhrí sin, teorainneacha a thabhairt isteach ar iascach áineasa don mhangach sna limistéir sin. Chun na láithreacha sceite a chosaint agus chun teorainn a chur le gabhálacha iasc óg, ní fhéadfar aon eiseamal de mhangach a ghabháil agus a choinneáil in iascaigh áineasa idir an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán, agus d'fhéadfaí uasmhéid dhá eiseamal a cheadú don chuid eile den bhliain.
- (17) I mí na Bealtaine 2022 chuir ICES in iúl nach ndearnadh aon dul chun cinn foriomlán, d'ainneoin iarrachtaí na mBallstát i gcás na heascainne Eorpaí (*Anguilla anguilla*), maidir le baint amach an chuspóra ligean do 40 % de bhithmhais na n-eascann geal éalú ar fud an Aontais ina iomláine, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle ⁽⁸⁾, agus nár breathnaíodh aon phatrún soiléir maidir le mortlaíocht. I mí na Samhna 2023, mhol ICES arís eile, nuair a chuirtear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm, nár cheart gabhálacha ar bith den eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*) a bheith ann i ngach gnáthóg agus ag gach céim den saol, ar fud a raoin nádúrtha, lena n-áirítear an tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Mheánmhuir. Baineann sin le gabhálacha áineasa agus tráchtála araon agus áirítear leis gabhálacha eascann gloine le haghaidh athstocála agus dobharshaothraithe.
- (18) Le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle ⁽⁹⁾, cuireadh síneadh 6 mhí leis an tréimhse choiscthe le haghaidh aon ghníomhaíocht iascaireachta eascann tráchtála in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh agus sa Mheánmhuir, agus le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí muirí uile na Meánmhara. Cuireadh cosc leis freisin ar gach iascach eascann áineasa sna huiscí sin. Measadh gurbh fhearr a chosnódh tréimhse choiscthe 6 mhí an stoc ná mar a chosnódh bearta an Aontais agus na bearta náisiúnta a cuireadh chun feidhme go dtí 2022. Measadh freisin leis an tréimhse choiscthe shínithe go bhféadfaí leanúint de bhearta athstocála, go rannchuideofaí le hathbhunú an stoic eascann agus go gcuirfí le baint amach an chuspóra a leagtar amach in Airteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle ligean do 40 % ar a laghad d'eascanna geala éalú. I bhfianaise staid chriticiúil leanúnach na heascainne Eorpaí, is iomchuí na bearta sin a choinneáil ar bun in 2024.
- (19) Bíonn tionchar ag raon leathan tosca comhshaoil agus bitheolaíochta ar an tréimhse a théann eascanna ar imirce agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sí a bheith éagsúil ag brath ar an gcéim i saol eascainne, ar an ngnáthóg agus ar an limistéar geografach, go háirithe caolais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí tréimhsí choiscthe éagsúla a shocrú, go háirithe do limistéir éagsúla iascaireachta i mBallstát agus do chineálacha éagsúla iascaigh laistigh de na limistéir iascaireachta sin, chun na gnéithe sin chomh maith le patrúin imirce aimseartha agus gheografacha na heascainne a chur san áireamh ag céim na heascainne gloine agus na heascainne airgid faoi seach. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann an tréimhse choiscthe ábhartha nó na tréimhsí choiscthe ábhartha a chinneadh bunaithe ar na gnéithe sin.
- (20) In uiscí muirí agus goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh, ba cheart an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe príomhthréimhse nó príomhthréimhsí imirce na heascainne gloine agus na heascainne gile, faoi seach, a chumhdach, cé is moite d'oibríochtaí iascaireachta a dhéantar, le soitheach iascaireachta nó gan soitheach iascaireachta, chun críche imscrúduithe eolaíochta agus chun na críche sin amháin, ar oibríocht í a dhéantar i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾. I bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le dúnadh iomlán na n-iascach ina ndírítear ar an eascann ghloine agus ar an eascann gheal le linn a bpríomhthréimhse nó a bpríomhthréimhsí imirce, féadfaidh na Ballstáit iascaireacht eascann a cheadú ar feadh mí amháin le linn a bpríomhthréimhsí imirce. Chun cosaint éifeachtach na heascainne gile a dhéanann imirce ó Mhuir Bhailt isteach sa Mhuir Thuaidh a áirithiú, ba cheart do Bhallstáit chósta fholimistéir 3 ICES is iad sin an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn teacht ar chomhaontú maidir le tréimhsí choiscthe seasmhacha le haghaidh na heascainne gile. I gcás nach féidir leis na Ballstáit lena mbaineann teacht ar chomhaontú faoin 1 Márta 2024, ba cheart an 15 Meán Fómhair 2024 go dtí an 15 Márta 2025 a leagan síos mar thréimhse choiscthe éifeachtacha le haghaidh na heascainne gile i Muir Bhailt.

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athbhunú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2019/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

- (21) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, is beart caomhnaithe é eascanna gloine a athstocáil arna roghnú ag Ballstáit áirithe ina bpleananna bainistíochta eascann. Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit sin leanúint den bheart sin a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gabhálacha eascann gloine in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh ag an am iomchuí den bhliain agus b'fhéidir le linn a bpríomhthréimhse imirce nó a bpríomhthréimhsí imirce. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit iascaireacht leanúnach eascann gloine a cheadú ar feadh mí bhreise eile le linn phríomhthréimhse imirce nó phríomhthréimhsí imirce eascann gloine.
- (22) Ina chomhairle maidir le stoic áirithe ealásmabrainciach (sciataí, siorcanna, roic), molann ICES gabhálacha nialasacha, de dheasca a ndrochstádais caomhnaithe. Ina theannta sin, bíonn rátaí arda marthanais ag na healásmabrainciach sin nuair a dhéantar iad a aischur. Dá bhrí sin, ba cheart gabhálacha na stoc sin a aischur seachas iad a thabhairt i dtír, ós rud é nach meastar go méadaíonn aischur a mbásmhaireacht iascaireachta go suntasach agus go dtacódh sé fiú le caomhnú na stoc sin. Dá bhrí sin, ba cheart iascaireacht na speiceas sin a thoirmeasc, toisc nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leis na speicis a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh orthu faoi Airteagal 15(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Nuair a ghabhtar de thaisme iad, níor cheart dochar a dhéanamh do na speicis sin agus ba cheart iad a scaoileadh saor go pras.
- (23) I gcás speicis áirithe, mar shampla speicis áirithe siorcanna, d'fhéadfadh fiú gníomhaíocht theoranta iascaireachta a bheith ina siocair le riosca tromchúiseach caomhnaithe. Ba cheart mar sin srian iomlán a chur ar dheiseanna iascaireachta le haghaidh na speiceas sin trí bhíthin toirmeasc ginearálta ar na speicis sin a iascach.
- (24) Ag an 12ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Mainile, an 23-28 Deireadh Fómhair 2017), cuireadh roinnt speiceas leis na liostaí de speicis faoi chosaint i bhFoscibhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cosaint na speiceas sin i ndáil le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a fheidhmíonn sna huisc uile agus maidir le soithí iascaireachta tríú tír a fheidhmíonn in uiscí an Aontais.
- (25) Chun an úsáid a bhaintear as deiseanna iascaireachta a uasmhéadú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le socrú solúbtha a chur chun feidhme idir limistéir áirithe TAC inarb é an stoc bitheolaíoch céanna atá i gceist.
- (26) Foráiltear le hAirteagal 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle ⁽¹⁾ do sholúbthacht ó bhliain go bliain maidir le cuótaí le haghaidh stoic atáfaoi réir TACanna réamhchúraim agus anailíseacha araon. Faoi Airteagal 2 den Rialachán sin, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á socrú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagal 3 agus 4 den Rialachán sin maidir leo, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc. Thairis sin, le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 rinneadh foráil maidir le solúbthacht bhreise ó bhliain go bliain le haghaidh na stoc uile atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de ghnóthú chuspóirí CBI, níor cheart feidhm charnach a bheith ag solúbthacht ó bhliain go bliain le haghaidh cuótaí de bhun Airteagal 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) 1380/2013. Ar deireadh, ba cheart solúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) den Bhunrialachán a eisiáimh, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc.
- (27) I gcás nach gcionroinnfead TAC ach ar aon Bhallstát amháin, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí an Ballstát sin a chumhachtú leis an TAC sin a shocrú, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is iomchuí an cumhachtú sin, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Ballstát, agus leibhéal an TAC á chinneadh aige, prionsabail agus rialacha CBI. Chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit sin prionsabail agus rialacha CBI i bhfeidhm i gceart, déanann an Coimisiún meastóireacht ar fhaisnéis a chuir an Ballstát faoina bhráid maidir le leibhéal an TAC sin a chinneadh agus ar na sonraí a úsáidtear mar bhonn leis an gcinneadh sin.
- (28) Is gá teorainneacha na hiarrachta iascaireachta le haghaidh sól a bhunú i Muir nIocht Thiar (roinn 7e ICES) i gcomhréir le hAirteagal 12 de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

- (29) Is gá uasteorainneacha na hiarrachta iascaireachta le haghaidh 2024 a bhunú i gcomhréir le hAirteagail 6, 11, 13 agus 16 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.
- (30) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ⁽¹³⁾, agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 den Rialachán sin, maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta a thairfeadh agus maidir le fógra a thabhairt faoi shonraí i ndáil le hídú deiseanna iascaireachta. Is gá, dá bhrí sin, na cóid atá le húsáid ag na Ballstáit a shonrú agus sonraí á gcur chuig an gCoimisiún maidir le stoic éisc a thabhairt i dtír atá faoi réir an Rialachán seo.
- (31) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2023, dhearbhaigh an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) na bearta caomhnaithe le haghaidh 2024 maidir leis an dá stoc péirsí mara (*Sebastes mentella*) (peiligeach éadomhain agus peiligeach domhain) i Muir Irminger agus sna huiscí máguaird, lena cuireadh toirmeasc ar iascach dírithe ar na stoic sin agus toirmeasc ar aon ghníomhaíochtaí tacaíochta. Ina theannta sin, chuir NEAFC toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar ina gcomhchruinníonn péirsí mara, chun foghabhálacha a íoslághdú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (32) Ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh haileabónna Graonlannacha (*Reinhardtius hippoglossoides*) in uiscí idirnáisiúnta fholimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2024 a shocrú ag an leibhéal 1 711 tona. Comhfhreagraíonn leibhéal an chuóta sin de chuid an Aontais do 9,25 % de leibhéal na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil ó fholimistéir ICES le haghaidh haileabónna Graonlannacha i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES eadhon an chomhairle maidir leis an stoc sin arna fhoilsiú ag ICES in 2021 inar moladh uasleibhéal gabhálacha 18 494 tona le haghaidh gach bliain in 2022 agus 2023.
- (33) Ghlac NEAFC teorainn ghabhála le haghaidh péirsí mara (*Sebastes mentella*) in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2024. Mar sin féin, go dtí go dtabharfar i gcrích imscrúdú an Aontais ar an gceist cé acu is ceart nó nach ceart cur i gcoinne an mholta NEAFC sin, go háirithe maidir le cearta iascaireachta stairiúla an Aontais, is iomchuí cuóta an Aontais atá ann cheana do phéirsí mara in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 2 ICES mar 'le socrú' a mharcáil. Is iomchuí freisin go socródh an tAontas sa chéad leath de 2024, trí leasú inbhliana, an cuóta sin de chuid an Aontais, agus á chur san áireamh freisin go bhfuil an t-iascach teoranta don tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2024.
- (34) Tá an ronnach (*Scomber scombrus*), an faoitín gorm (*Micromesistius poutassou*) agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann (*Clupea harengus*) san Atlantach Thoir Thuaidh faoi réir comhairliúcháin leis na Stáit chósta maidir le bainistíú iascaigh i gcás na stoc sin, agus is stoic iad a bhainistíonn NEAFC freisin. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn na seasamh a d'fhorhnuigh an Chomhairle an 5 Deireadh Fómhair 2023. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin sin a dhoiciméadú i dTaifid Chomhaontaithe le haghaidh scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh 2024 a síníodh an 13 Deireadh Fómhair 2023, faoitíní gorma san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh 2024 a síníodh an 18 Deireadh Fómhair 2023, agus ronnaigh san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh 2024 a síníodh freisin an 18 Deireadh Fómhair 2023. Ag an 42ú cruinniú bliantúil a bhí aige in 2023, ghlac NEAFC moltaí maidir le bearta caomhnaithe agus bainistíochta le haghaidh scadáin agus ronnaigh an Atlantaigh-Chríoch Lochlann le haghaidh 2024. Níor ghlac NEAFC moladh maidir le bearta caomhnaithe agus bainistíochta le haghaidh faoitíní gorma le haghaidh 2024. Is iomchuí, dá bhrí sin, na TACanna le haghaidh scadáin agus ronnaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a shocrú ar leibhéal na ndeiseanna iascaireachta a comhaontaíodh i dTaifid Chomhaontaithe na Stát cósta agus i moltaí NEAFC. Is iomchuí freisin TAC le haghaidh faoitíní gorma san Atlantach Thoir Thuaidh a shocrú ar leibhéal na ndeiseanna iascaireachta a leagtar amach i dTaifead Comhaontaithe na Stát cósta maidir le faoitíní gorma agus i gcomhréir le seasamh an Aontais a cuireadh in iúl in NEAFC.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1)

⁽¹³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

- (35) Ó bhí 2021 ann, níl rochtain ag an Aontas ar a chuóta ronnach in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh (MAC/2A4A-N). Chun go n-úsáidfidh an tAontas an cuóta sin, is iomchuí deiseanna iascaireachta nua a chionroinnt ar TAC (MAC/2A34-N) lena gcumhdaítear raon feidhme geografach na Mara Thuaidh (MAC/2A34) agus Uiscí na hIorua (MAC/2A4A-N) lena ngabhann scála cobhsaíochta coibhneasta nua. Ba cheart don Danmhairg cuid de na deiseanna iascaireachta arna gcionroinnt ar MAC/2A34-N a aistriú chuig sealbhóirí cuótaí in TAC Uiscí an Iarthair (MAC/2CX14-) bunaithe ar an scála cobhsaíochta coibhneasta atá ann cheana don TAC sin.
- (36) Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí aige in 2023, chomhaontaigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) na TACanna arna socrú le haghaidh 2023 do thuinníní gorma an Atlantaigh Thoir (*Thunnus thynnus*), tuinníní colgacha na Meánmhara agus tuinníní colgacha an Deiscirt (*Thunnus alalunga*), colgáin (*Xiphias gladius*) na Meánmhara, an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas, mairlí gorma (*Makaira nigricans*), mairlí bána (*Tetrapturus albidus*), tuinníní buí (*Thunnus albacares*) agus tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) a choinneáil ar bun le haghaidh 2024, chomh maith leis an líuntas coinneála le haghaidh mácónna biorshronacha an Atlantaigh Theas (*Isurus oxyrinchus*). Shocraigh ICCAT freisin TACanna 2024 do thuinníní colgach an Atlantaigh Thuaidh ag 47 251 tona, do shiorc gorm an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas (*Prionace glauca*) ag 30 000 tona agus 27 711 tona faoi seach. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (37) Chun básmaireacht iascaireachta tuinníní mórshúileacha óga agus tuinníní buí a laghdú, d'aontaigh ICCAT go gcoinneofaí an uasteorainn de 300 feiste comhthiomsaithe éisc (FADanna) in aghaidh an tsoithigh iascaireachta in 2024 agus tréimhse choiscithe 72 lá le haghaidh úsáid FADanna.
- (38) De bhun roinnt moltaí arna ndéanamh ag ICCAT, féadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán de chuóta stoic ICCAT atá aige nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh ón mbliain leathdheireanach nó ón mbliain roimhe sin go bliain ar leith, de réir rialacha maidir le gach stoc arna leagan síos ag ICCAT. Chun gur féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as an tabhairt anonn sin, ba cheart na cainníochtaí comhfhreagracha dá bhforáiltear sna moltaí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ar bhonn togra ón gCoimisiún a luaithe is féidir, ionas gur féidir leis na Ballstáit cuótaí an Aontais a úsáid le haghaidh stoic ICCAT ina n-iomláine mar atá foráilte ag ICCAT do 2024. Go dtí go gcuirfead na moltaí sin chun feidhme i ndlí an Aontais, ba cheart cuótaí a bhunú do Bhallstáit aonair le haghaidh stoic áirithe ar bhonn chuóta iomlán an Aontais do 2024 mar a chomhaontaigh ICCAT é sula ndéanfar aon choigeartú mar thoradh ar ró-iascaireacht nó tearc-iascaireacht arna ndéanamh ag na Ballstáit.
- (39) Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí aige in 2023, ghlac an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR) teorainneacha gabhála le haghaidh na spriocspeiceas agus na speiceas foghabhála araon le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2024. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (40) Ag a chruinniú bliantúil in 2023, rinne an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) an teorannú ar acmhainneacht iascaireachta, FADanna agus soithí soláthair agus an teorainn ghabhála le haghaidh tuinníní buí i Limistéar Inniúlachta IOTC a choinneáil ar bun. Ghlac IOTC freisin Rún 23/04 lena mbunaítear den chéad uair teorainn ghabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) le haghaidh 2024 agus 2025 i Limistéar Inniúlachta IOTC. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (41) Tionólfar cruinniú bliantúil na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) ón 29 Eanáir go dtí an 2 Feabhra 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, na bearta reatha i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna a choinneáil go sealadach go dtí go dtionólfar an cruinniú bliantúil agus go dtí go gcinnefead na TACanna do 2024.
- (42) Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí aige in 2023, chinn an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (WCPFC) na bearta reatha is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin a choinneáil ar bun. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (43) Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí aige in 2023, ghlac an Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT) an TAC don tuinnín gorm Deisceartach (*Thunnus maccoyii*) ar feadh tréimhse 3 bliana (ó 2024 go 2026). Ba cheart an beart sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (44) Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí aici in 2023, chinn Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO) na TACanna i limistéar Choinbhinsiún SEAFO, a leagtar amach do 2023, a choinneáil ar bun le haghaidh 2024.

- (45) Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí aige in 2022, chinn an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) na bearta reatha is infheidhme i limistéar Choinbhinsiún WCPFC a choinneáil ar bun. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (46) Ag an 45ú cruinniú bliantúil a bhí aici in 2023, ghlac Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) deiseanna iascaireachta i gcás stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún NAFO le haghaidh 2024. Ghlac sé freisin bearta áirithe le haghaidh 2024 a bhfuil nasc feidhmiúil acu le deiseanna iascaireachta don scuid ghearrshronach (*Illex illecebrosus*) i bhfolimistéir 3 agus 4 NAFO agus leitheanna buí (*Limanda ferruginea*) i ranna 3LNO NAFO, arb é is aidhm dóibh leibhéil fhoghabhálacha na speiceas sin nach spriocspeicis iad a íoslághdú mar go gcaithfí, gan na bearta sin, na deiseanna iascaireachta do na stoic sin a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (47) Ag an 10ú cruinniú a bhí ag Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) in 2023, coinníodh ar bun na deiseanna iascaireachta a glacadh roimhe sin le haghaidh na stoc a chumhdaítear leis an gComhaontú sin. Glacadh teorainn foghabhála freisin le haghaidh an fhíogaigh Phortaingéalaigh (*Centroscyrmus coelolepis*) agus leasaíodh teorainneacha na limistéar bainistithe déadiasc (*Dissostichus spp.*) Del Cano agus Williams Ridge, agus síneadh á chur leis na ceanglais bhreathnóireachta agus chlibeála maidir le déadéisc sa chuid eile de Limistéar an Chomhaontaithe. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (48) Faoi Airteagal 498(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile⁽¹⁴⁾ (an Comhaontú Trádála agus Comhair), déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin a réachtáil go bliantúil, faoin 10 Nollaig gach bliain, chun na TACanna don bhliain dár gcionn a chomhaontú le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Mura gcomhaontófar na TACanna sin faoin 10 Nollaig, tá na Páirtithe le dul i mbun comhairliúcháin arís láithreach agus é d'aidhm leanúnach acu teacht ar chomhaontú maidir leis na TACanna, mar a cheanglaítear le hAirteagal 499(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.
- (49) In 2023, bhí comhairliúcháin dhéthaobhacha ag an Aontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le líon mór TACanna a shocrú le haghaidh 2024 le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Rinneadh na comhairliúcháin sin de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn sonraíochtaí a ghabhann le seasamh an Aontais a d'fhorghuinigh an Chomhairle an 12 Deireadh Fómhair 2023 agus páipéir neamhoifigiúla fhorlíontacha ina dhiaidh sin, de bhun Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle⁽¹⁵⁾. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin sin a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn a síníodh an 6 Nollaig 2023 agus a forlíonadh le hagusín an 8 Nollaig 2023. Ba cheart na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú, dá bhrí sin, ar an leibhéal a leagtar amach sa Taifead i Scríbhinn sin. Ba cheart na bearta eile atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Taifead i Scríbhinn sin freisin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (50) Áiríodh TACanna le haghaidh stoic dhomhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair le haghaidh 2024 i Rialachán (AE) 2023/194 ach marcáladh iad 'le bunú'. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/194 a leasú agus na deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc sin a shocrú ar an leibhéal a leagtar amach sa Taifead i Scríbhinn ar na comhairliúcháin iascaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe le haghaidh 2024.
- (51) Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gurb é 100 cm an t-uasmhéid is ceart a urramú nuair a dhírítear ar fhíogaigh ghobacha (*Squalus acanthias*), chun iascaigh dhíríte atá dírithe ar chomhbhailiúcháin de chinn bhaineanna aibí a dhíspreagadh chun cosaint a thabhairt do chomhpháirt den stoc sin atá an-leochaileach i leith básmhaireacht iascaireachta. Tá nasc feidhmiúil idir an beart sin agus TAC an stoic éisc, ós rud é, in éagmais an bhirt sin, nach n-áiritheodh leibhéal an TAC amháin cosaint leordhóthanach do bhaineannaigh bhreithe, ar cuid an-leochaileach den phobal iad. Níor cheart feidhm a bheith ag an mbeart sin a bhaineann le huasmhéid ach amháin go dtí go mbeidh gníomh tarmlichte lena dtugtar bearta comhfhreagracha isteach infheidhme.

⁽¹⁴⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

⁽¹⁵⁾ Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (IO L 378, 26.10.2021, lch. 6).

- (52) Tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le rochtain chómhálartach in 2024 chun 280 tona de thuinníní colgacha an Tuaiscirt a spriocdhíriú mar iomlán tosaigh i limistéir eacnamaíocha eisiacha na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe. Ní áirítear leis sin rochtain ar limistéir a chumhdaítear faoi Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
- (53) Tá nasc feidhmiúil idir na bearta chun foghabhálacha gadóideach a laghdú, a glacadh le déanaí i ngníomh tarmligthe, agus TACanna na speiceas a ghabhtar in iascaigh mheasctha mar aon le gadóidigh, eadhon cadóga, méigrim scoilteán, láimhínigh agus gliomach na hIorua), mar, gan na bearta sin a bheith i bhfeidhm, ba cheart leibhéal TAC na spriocspeiceas a laghdú chun a áirithiú go mbeidh stoic gadóideach in ann téarnamh.
- (54) Na bearta a glacadh le déanaí i ngníomh tarmligthe chun feabhas a chur ar stádas caomhantais an deargáin, chun leibhéal na ngabhálacha de thaisme a laghdú agus chun cosaint níos fearr a thabhairt do láithreacha sceite agus éisc óga i bhfolimistéir 6 go 8 ICES, tá siad nasctha go feidhmiúil le TAC an deargáin, ós rud é gur cheart leibhéal an TAC a laghdú a thuilleadh dá n-uireasa chun téarnamh an stoic a áirithiú.
- (55) Níor cheart feidhm a bheith ag na bearta teicniúla atá nasctha go feidhmiúil le haghaidh gadóideach agus deargán ach amháin go dtí go mbeidh na gníomhartha tarmligthe ábhartha lena dtugtar bearta comhfhreagracha isteach infheidhme.
- (56) Ba cheart leanúint de thréimhsí coiscthe séasúracha le haghaidh iascaigh corr gainimh le trealamh tarraingthe áirithe i ranna 2a, 3a agus folimistéir 4 ICES ionas go mbeifear in ann láithreacha sceite a chosaint agus gabhálacha iasc óg a theorannú.
- (57) In 2023, reáchtáil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin thríthaobhacha maidir le sé stoc a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhpháirteach a bhíonn laistigh de na limistéir atá faoi dhlínse na dtrí pháirtí, agus é d'aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir leis na stoic sin a bhainistiú, lena n-áirítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir an 3 Samhain agus an 8 Nollaig 2023, ar bhonn an tseasaimh ón Aontas arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2023 agus páipéir neamhoifigiúla fhorlíontacha ina dhiaidh sin. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin a dhoiciméadú i dTaifead Comhaontaithe a shínigh Ceann na dToscaireachtaí an 8 Nollaig 2023. Ba cheart na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú ar an leibhéal arna chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, mar aon leis na forálacha eile sa taifead comhaontaithe.
- (58) Reáchtáil an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua maidir le stoc amháin a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhpháirteach i limistéir Skagerrak (an faoitín), agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir le bainistiú an stoic sin agus deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024, mar aon le malartú cuótaí agus socruithe rochtana chomh maith. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir an 30 Deireadh Fómhair agus an 8 Nollaig 2023, ar bhonn an tseasaimh ón Aontas arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2023. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin a dhoiciméadú i dTaifid Chomhaontaithe. Ba cheart na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú ar an leibhéal arna chomhaontú leis an Iorua, mar aon leis na forálacha eile sna taifid chomhaontaithe sin.
- (59) Chomhaontaigh an tAontas Eorpach go comhpháirteach in 2023 leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua bearta feabhais maidir le troisc sa Mhuir Thuaidh (*Gadus morhua*) a choinneáil ar bun chun an stoc a bhainistiú go fadtéarmach ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Phlean Ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh.
- (60) I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus sa Phrótacal lena gcuirfí an Comhaontú sin chun feidhme⁽¹⁶⁾, tá leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas in uiscí na Graonlainne in 2024 bunaithe ag an gComhchoiste. Rinneadh leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas in uiscí na Graonlainne in 2024 a dhoiciméadú i miontuairiscí chruinniú an Chomhchoiste a tionóladh an 21 agus an 23 Samhain 2023 sa Bhruiséil. Ba cheart, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú ar an leibhéal a leagtar amach sna miontuairiscí sin, agus na haistrithe chuig an Iorua faoin malartú bliantúil deiseanna iascaireachta á gcur san áireamh. Maidir le leibhéal na ndeiseanna iascaireachta arna bhunú le haghaidh séaclaí (*Pandalus borealis*) in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 5 agus 14 ICES, ní áirítear cúlchiste dar méid 150 tona ann, méid atáthar le meas go leagtar amach i dTaifead Comhaontaithe na gcomhairliúcháin iascaigh idir an tAontas agus an Iorua le haghaidh 2024 é.

⁽¹⁶⁾ IO L 175, 18.5.2021, lch. 3.

- (61) Deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) (Conradh Pháras 1920) rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear é sin a dheonú i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach seasamh an Aontais maidir leis an rochtain sin i roinnt *notes verbales* chuig an Iorua, arb iad na cinn an 26 Feabhra 2021, an 28 Meitheamh 2021 agus an 1 Lúnasa 2022 na cinn is déanaí. A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh portáin sneachta (*Chionoecetes* spp.) timpeall ar limistéar Svalbard, is iomchuí an líon soithí iascaireachta atá údaraithe leis an iascach sin a dhéanamh a shocrú chun a áirithiú go mbeidh saothrú portán sneachta timpeall ar Svalbard comhsheasmhach le cibé rialacha bainistíochta neamh-idirdhealaitheacha a d'fhéadfadh an Iorua a leagan amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar i gcomhréir le forálacha ábhartha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Chonradh Pháras 1920. Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin i measc na mBallstát teoranta do 2024. Meabhraítear gur ar na Ballstáit bhraitaí atá an phríomhfhreagracht, san Aontas, comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.
- (62) A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh an troisc san Artach Thoir Thuaidh, is iomchuí cuóta an Aontais le haghaidh an troisc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholmistéar 1 agus roinn 2b ICES a shocrú bunaithe ar an TAC tagartha le haghaidh an stoic sin agus ar chearta iascaireachta stairiúla an Aontais. Ba cheart cuóta sin an Aontais a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle ⁽¹⁷⁾, faoi réir na n-oiriúnuithe is gá de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a bheith déanta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 36, tábla E, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.
- (63) I gcomhréir le Dearbhú an Aontais chuig Poblacht Bholavarach Veiniséala maidir le deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais a dheonú do shoithí iascaireachta a mbeidh bratach Veiniséala ar foluain acu sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince, arna fhorpheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle ⁽¹⁸⁾, ní mór an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh sclamhairí a bheidh ar fáil do Veiniséala in uiscí an Aontais a shocrú.
- (64) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun Ballstáit aonair a údarú le cionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavata-lae; chun laethanta breise ar muir a dheonú le haghaidh scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta agus le haghaidh cumhdach feabhsaithe breathnóra eolaíoch agus chun formáidí scarbhíleoige a bhunú chun faisnéis a bhailiú agus a tharchur maidir le haistrithe laethanta ar muir idir soithí iascaireachta a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu. Ba cheart don Choimisiún na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾.
- (65) Ós rud é gur cheart forálacha áirithe a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach, agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint sa tréimhse idir deireadh na bliana roimhe sin agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana ina dhiaidh sin, ba cheart forálacha an Rialacháin seo maidir le toirmisc agus séasúir choiscthe a bheith fós infheidhme ag tús 2025, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025 i bhfeidhm. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart na forálacha a mbeidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2025 nó an 31 Nollaig 2026 leanúint d'fheidhm a bheith acu ag tús 2026 nó 2027, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2026 nó 2027 faoi seach i bhfeidhm.

⁽¹⁷⁾ Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála do throsic i réigiún Spitsbergen agus Oileán na mBéar a leithdháileadh agus i Roinn 3M mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135, 23.5.1987, lch. 29).

⁽¹⁸⁾ Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhatach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 19.9.2015, lch. 55).

⁽¹⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (66) Ionas nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun slí bheatha na n-iascairí a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha maidir le teorainneacha iarrachta iascaireachta ón 1 Feabhra 2024. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh na heascainne Eorpaí in uiscí muirí agus uiscí goirte an Aontais i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES, agus in uiscí goirte cóngaracha de chuid an Aontais ón 1 Aibreán 2024, chun forálacha forluiteacha le Rialachán (AE) 2023/194 maidir leis an ábhar céanna a sheachaint. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.
- (67) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na deiseanna iascaireachta nua-chionroinnte le haghaidh ronnach i roinn 3a ICES; an Ríocht Aontaithe, uiscí an Aontais i ranna 2a, 3b, 3c; roinn 3d agus folimistéir 4 ICES; uiscí na hIorua i ranna 2a agus 4a (in MAC/2A34-N) ón 1 Eanáir 2023 chun go mbeidh rochtain iomlán ag an Aontas ar a chuóta ronnach. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag an gcur i bhfeidhm cúlghabhálach ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla ná an ionchais dhliteanaigh.
- (68) Ag deireadh 2023 ghlac na heagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh ábhartha (ERBInna) bearta idirnáisiúnta áirithe lena gcruthófar nó lena gcuirfear srian le deiseanna iascaireachta le haghaidh an Aontais agus bhí feidhm ag na bearta sin sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm cúlghabhálach a bheith ag na forálacha den Rialachán seo lena gcuirtear na bearta sin chun feidhme i ndlí an Aontais. Go háirithe, ós rud é go maireann an séasúr iascaireachta i limistéir Choinbhinsiún CCAMLR ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain agus go leagtar síos deiseanna nó toirmisc áirithe iascaireachta i limistéir Choinbhinsiún CCAMLR le haghaidh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2023, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo ón dáta sin. Ina theannta sin, maireann an séasúr iascaireachta le haghaidh déadiasc i limistéir Chomhaontú SIOFA ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain, agus ós rud é go mbunaítear na TACanna don ghrúpa speiceas sin ar feadh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2023, ba cheart feidhm a bheith ag na TACanna ón dáta sin. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach mar sin dochar do phrionsabal an ionchais dhliteanaigh toisc go bhfuil cosc ar shoithí iascaireachta a bhfuil bratach an Pháirtí Chonarthaigh ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh i limistéir Choinbhinsiún CCAMLR agus i limistéir Chomhaontú SIOFA gan údarú.
- (69) I gcomhréir le rialacha ICCAT, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach n-imscairfí a gcuid soithí iascaireachta FADanna le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscithe, is é sin ón 17 Nollaig 2023 ar aghaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm cúlghabhálach a bheith ag an bhforáil den Rialachán seo lena gcuirtear an beart sin chun feidhme i ndlí an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

- Leis an Rialachán seo socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.
- Áirítear leis na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1:
 - na teorainneacha gabhála le haghaidh na bliana 2024 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh na mblianta 2025 agus 2026 freisin;
 - na teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh na bliana 2024, cé is moite de na teorainneacha iarrachta iascaireachta in Iarscríbhinn II, a mbeidh feidhm acu ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025;
 - deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2024 le haghaidh stoic áirithe i limistéir Choinbhinsiún CCAMLR agus le haghaidh stoic áirithe i limistéir Chomhaontú SIOFA.

*Airteagal 2***Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soithí iascaireachta seo a leanas:
 - (a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais; agus
 - (b) soithí iascaireachta tríú tír in uiscí an Aontais.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) iascaigh áineasa áirithe dá dtagraítear go sainráite sna forálacha ábhartha den Rialachán seo; agus
 - (b) iascaigh thráchtála ón gcósta.

*Airteagal 3***Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Sa bhreis air sin, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘soitheach iascaireachta tríú tír’ soitheach iascaireachta a bhfuil bratach tríú tír ar foluain aici, agus atá cláraithe i dtríú tír;
- (b) ciallaíonn ‘iascach áineasa’ gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíoch na mara i gcomhthéacs áineasa, turasóireachta nó spóirt;
- (c) ciallaíonn ‘uiscí idirnáisiúnta’ uiscí atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon Stáit;
- (d) ciallaíonn ‘gabháil iomlán incheadaithe’ (TAC):
 - (i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadfar a thabhairt i dtír maidir le gach stoc gach bliain;
 - (ii) i ngach iascach eile, an chainníocht éisc a fhéadfar a ghabháil as gach stoc gach bliain;
- (e) ciallaíonn ‘cuóta’ an cion de TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;
- (f) ciallaíonn ‘measúnú anailíseach’ meastóireacht chainníochtúil ar threochtaí i gcás stoc ar leith, bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, lena n-áirítear meastóireacht atá bunaithe ar athróa, ar sonraíodh le hathbhreithniú eolaíoch na sonraí sin go raibh siad de cháilíocht leordhóthanach chun comhairle eolaíoch a sholáthar;
- (g) ciallaíonn ‘TAC anailíseach’ TAC a bhfuil measúnú anailíseach ar fáil ina leith;
- (h) ciallaíonn ‘TAC réamhchúraim’ TAC nach bhfuil measúnú anailíseach ar fáil ina leith ach ina ionad sin go bhfuil measúnú bunaithe ar an gcur chuige réamhchúraim ar fáil nó nach bhfuil aon mheasúnú ar fáil;
- (i) ciallaíonn ‘mogallmhéid’ mogallmhéid líonta iascaireachta mar a shainmhínítear in Airteagal (6), pointe (34) de Rialachán (AE) 2019/1241;
- (j) ciallaíonn ‘clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais’ an clár arna bhunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- (k) ciallaíonn ‘logleabhar iascaireachta’ an logleabhar dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- (l) ciallaíonn ‘baoi gléasta’ baoi atá marcáilte go soiléir le huimhir thagartha uathúil lenar féidir a úinéir a shainithint agus atá feistithe le córas rianaithe satailíte chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh;
- (m) ciallaíonn ‘baoi oibríochtúil’ aon bhaoi gléasta, a rinneadh a ghníomhachtú, a chasadh air agus a imscaradh roimhe sin ar muir ar shruthfheiste um chomhbhailiú éisc (FAD) nó ar loga le sruth, a tharchuireann suíomhanna agus faisnéis eile a bhíonn ar fáil, meastacháin sondálaí fuaime, mar shampla.

Airteagal 4

Limistéir iascaireachta

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas maidir le limistéir iascaireachta:

- (a) ciallaíonn ‘limistéir ICES (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara)’ na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾;
- (b) ciallaíonn ‘Skagerrak’ an limistéar geografach a theorannaítear thiar le líne a théann ó theach solais Hanstholm go dtí teach solais Lindesnes agus ó dheas le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne;
- (c) ciallaíonn ‘Kattegat’ an limistéar geografach a theorannaítear ó thuaidh le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne agus ó dheas le líne a théann ó Hasenøre go dtí Gribens Spids, ó Korshage go dtí Spodsbjerg, agus ó Gilbjerg Hoved go dtí Kullen;
- (d) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 16 d’fholimistéar 7 ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínite a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

53°30’T 15 00’I,

53 30’T 11°00’I,

51°30’T 11 00’I,

51 30’T 13 00’I,

51°00’T 13°00’I,

51°00’T 15°00’I;

- (e) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 25 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínite a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

43 00’T 9°00’I,

43°00’T 10°00’I,

43°30’T 10 00’I,

43°30’T 9°00’I,

44°00’T 9°00’I,

44°00’T 8°00’I,

43°30’T 8°00’I;

- (f) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 26 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínite a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

43°00’T 8°00’I,

43°00’T 10 00’I,

42 00’T 10°00’I,

42 00’T 8°00’I;

⁽²⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach thoir thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70).

- (g) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 27 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínite a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

42°00'T 8°00'I,

42°00'T 10°00'I,

38°30'T 10°00'I,

38°30'T 9°00'I,

40°00'T 9°00'I,

40°00'T 8°00'I;

- (h) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 30 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach faoi dhlínse na Spáinne i Murascaill Cádiz agus sna huiscí máguaird i roinn 9a ICES;

- (i) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 31 de roinn 8c ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínite a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

43°30'T 6°00'I,

44°00'T 6°00'I,

44°00'T 2°00'I,

43°30'T 2°00'I;

- (j) ciallaíonn 'Murascaill Cádiz' an limistéar geografach i roinn 9a ICES lastoir de dhomhanfhad 7° 23' 48' I;

- (k) ciallaíonn 'limistéar Choinbhinsiún CCAMLR (an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le beo-acmhainní muirí san Antartach a chaomhnú ⁽²¹⁾;

- (l) ciallaíonn 'limistéir CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir)' na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²²⁾;

- (m) ciallaíonn 'limistéar Choinbhinsiún IATTC (an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha)' an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Nearthú (Coinbhinsiún Antigua) ⁽²³⁾;

⁽²¹⁾ IO L 252, 5.9.1981, lch. 27. D'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún CCAMLR trí bhíthin Chinneadh 81/691/CEE ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le beo-acmhainní muirí san Antartach a chaomhnú (IO L 252, 5.9.1981, lch. 26).

⁽²²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 1).

⁽²³⁾ IO L 224, 16.8.2006, lch. 24. D'fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún chun IATTC a Nearthú trí bhíthin Chinneadh 2006/539/CE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Nearthú (IO L 224, 16.8.2006, lch. 22).

- (n) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún ICCAT (an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ⁽²⁴⁾;
- (o) ciallaíonn ‘Limistéar Inniúlachta IOTC (an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Chomhaontú maidir le Bunú an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh ⁽²⁵⁾;
- (p) ciallaíonn ‘limistéir NAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh)’ na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁶⁾;
- (q) ciallaíonn ‘Limistéar Choinbhinsiún NAFO’ na limistéir gheografacha a shainmhínítear sa Choinbhinsiún maidir le Comhar in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ⁽²⁷⁾;
- (r) ciallaíonn ‘Limistéar Rialála NAFO’ an chuid de Limistéar Choinbhinsiún NAFO atá taobh amuigh den dlínse náisiúnta;
- (s) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún SEAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas ⁽²⁸⁾;
- (t) ciallaíonn ‘Limistéar Chomhaontú SIOFA (Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas)’ an limistéar geografach a shainítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas ⁽²⁹⁾;
- (u) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh na mórmhara san Aigéan Ciúin Theas ⁽³⁰⁾;
- (v) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún WCPFC (An Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú ⁽³¹⁾;
- (w) ciallaíonn ‘mórmhuir Mhuir Bheiring’ limistéar geografach mhórmhuir Mhuir Bheiring thar 200 muirmhíle ó na bonnlínte óna dtomhaistear leithead fharraige theorann Stáit chósta Mhuir Bheiring;

⁽²⁴⁾ IO L 162, 18.6.1986, lch. 34. D’aontaigh an tAontas do ICCAT trí bhíthin Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

⁽²⁵⁾ IO L 236, 5.10.1995, lch. 25. D’aontaigh an tAontas do IOTC trí bhíthin Chinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir le Bunú Choimisiúin Tuinníní an Aigéin Indiaigh (IO L 236, 5.10.1995, lch. 24).

⁽²⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (IO L 87, 31.3.2009, lch. 42).

⁽²⁷⁾ IO L 378, 30.12.1978, lch. 2. D’aontaigh an tAontas do Choinbhinsiún NAFO trí bhíthin Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle an 28 Nollaig 1978 maidir leis an gCoinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Toghchán in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh a bheith á thabhairt i gcrích ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 378, 30.12.1978, lch. 1).

⁽²⁸⁾ IO L 234, 31.8.2002, lch. 40. D’fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SEAFO trí bhíthin Chinneadh 2002/738/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir leis an gCoinbhinsiún um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas a bheith á thabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach (IO L 234, 31.8.2002, lch. 39).

⁽²⁹⁾ IO L 196, 18.7.2006, lch. 15. D’fhormheas an tAontas SIOFA trí bhíthin Chinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27).

⁽³⁰⁾ IO L 67, 6.3.2012, lch. 3. D’fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SPRFMO trí bhíthin Chinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1).

⁽³¹⁾ IO L 32, 4.2.2005, lch. 3. D’aontaigh an tAontas do WCPFC trí bhíthin Chinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1).

- (x) ciallaíonn an 'limistéar forluí idir limistéir Choinbhinsiún IATTC agus WCPFC' an limistéar geografach a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:
- domhanfhad 150°I,
 - domhanfhad 130°I,
 - domhanleithead 4° D,
 - domhanleithead 50°D;
- (y) ciallaíonn 'folimistéir gheografacha CGIM' na limistéir a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾.

TEIDEAL II

NA DEISEANNA IASCAIREACHTA DO SHOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 5

TACanna agus cionrannta

- Leagtar amach in Iarscríbhinn I na TACanna do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach den Aontas iad, cionroinnt na TACanna sin i measc na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin.
- Féadfaidh an Stát cósta lena mbaineann soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí faoi dhlínse iascaigh Oileáin Fharó, na Graonlainne agus na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta mórthimpeall Jan Mayen faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 22 den Rialachán seo, i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³³⁾ agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.
- Féadfaidh an Ríocht Aontaithe soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí faoina dlínse iascaigh faoi réir na TACanna in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Rialachán seo, i Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin .

Airteagal 6

TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit

- Is é an Ballstát lena mbaineann a chinneadh na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás ina sonraítear iad san Iarscríbhinn sin.

⁽³²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

⁽³³⁾ Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistíú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

2. Maidir leis na TACanna a bheidh le cinneadh ag Ballstát dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) beidh siad comhsheasmhach le prionsabail agus rialacha CBI, go háirithe prionsabal shaothrú inbhuanaithe an stoic; agus
 - (b) beidh saothrú ar an stoc mar thoradh orthu atá:
 - (i) i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, má bhíonn measúnú anailíseach ar fáil, agus an dóchúlacht is airde is féidir ann gurb amhlaidh a bheidh; nó
 - (ii) comhsheasmhach leis an gcur chuige réamhchúraim leith bainistíocht iascach, mura mbeidh measúnú anailíseach ar fáil nó má bhíonn sé neamhiomlán.
3. Faoin 15 Márta 2024 cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:
 - (a) na TACanna a chinn sé;
 - (b) na sonraí a bailíodh, a ndearnadh measúnú orthu agus a úsáideadh mar bhonn leis na TACanna a chinneadh;
 - (c) mionsonraí maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann na TACanna a cinneadh mír 2.

Airteagal 7

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

1. Gabhálacha nach mbeidh faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní choinneofar ar bord iad ná ní thabharfar i dtír iad ach amháin:
 - (a) má ghabh soithí iascaireachta iad a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu, a bhfuil cuóta acu agus nach bhfuil an cuóta sin ídithe; nó
 - (b) más cion de chuóta de chuid an Aontais iad nár cionroinneadh i measc na mBallstát agus nár ídíodh.
2. Sainaitnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun críocha an mhaolaithe ar an oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

Airteagal 8

Sásra um malartuithe cuótaí do TACanna maidir le foghabhálacha dosheachanta

1. Chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh, agus chun cuótaí le haghaidh foghabhálacha áirithe a chur ar fáil do na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, beidh feidhm ag an sásra um malartuithe cuótaí mar a leagtar amach i míreanna 2 go 5 maidir leis na TACanna a shainaitnítear in Iarscríbhinn IA.
2. Cuirfear 6 % de gach cuóta ó na TACanna le haghaidh troisc (*Gadus morhua*) sa Mhuir Cheilteach (COD/7XAD34), troisc in Iarthar na hAlban (COD/5BE6A), faoitíní i Muir Éireann (WHG/07A.) agus leathóga ballacha i ranna 7h, 7j agus 7k ICES (PLE/7HJK.), agus 3 % de gach cuóta ón TAC le haghaidh fhaoitíní Iarthar na hAlban (WHG/56-14), arna gcionroinnt ar gach Ballstát, ar fáil do linn le haghaidh malartuithe cuótaí ('an linn'), a osclófar an 1 Eanáir 2024. Beidh rochtain eisiach ag na Ballstáit gan chuóta ar an linn go dtí an 31 Márta 2024.
3. Ní fhéadfar na cainníochtaí arna dtarraingt ón linn a mhalartú nó a aistriú chuig an mbliain dár gcionn. Tar éis an 31 Márta 2024 tabharfar aon chainníocht nár úsáideadh ar ais do na Ballstáit sin a rannchuidigh leis an linn i dtosach.
4. Na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, tabharfaidh siad cuótaí ar ais le haghaidh stoic a liostaítear in Iarscríbhinn IA, Cuid C, mura gcomhaontóidh an Ballstát nach bhfuil cuóta aige agus an Ballstát atá ag rannchuidiú leis an linn a mhalairt.
5. Beidh luach tráchtála coibhéseach ag na cuótaí dá dtagraítear i mír 4, arna chinneadh ar bhonn ráta malairte margaidh nó rátaí malairte eile atá inghlactha go frithpháirteach. In éagmais malairt roghanna, déanfar an luach tráchtála coibhéseach a chinneadh ar bhonn mheánphraghsanna an Aontais ón mbliain roimhe sin, arna soláthar ag Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe.

6. I gcás nach gceadaítear leis an sásra um malartuithe cuótaí a leagtar amach i míreanna 2 go 5 thuas do na Ballstáit a bhfoghhabhála dosheachanta a chumhdach go pointe comhchosúil, déanfaidh na Ballstáit iarracht teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus é á áirithiú acu go mbeidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí a mhalartaítear.

Airteagal 9

Teorainneacha ar iarrachtaí iascaireachta i roinn 7e ICES

1. Le haghaidh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (b), leagtar amach teorainneacha ar iarracht iascaireachta le haghaidh sóil i roinn 7e ICES in Iarscríbhinn II.
2. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát i gcomhréir le pointe 7.4 d'Iarscríbhinn II, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcionroinntear ar an mBallstát sin líon breise laethanta ar muir, de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith údaraithe ag a Ballstát brataí le bheith i roinn 7e ICES agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aici. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 57(2) den Rialachán seo.
3. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh trína gcionroinnfidh sé ar an mBallstát sin 3 lá ar a mhéad idir an 1 Feabhra 2024 agus an 31 Eanáir 2025, de bhreis ar na laethanta sin dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, ar a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith i roinn 7e ICES ar bhonn clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch, dá dtagraítear i bpointe 8.1 d'Iarscríbhinn II. Déanfar an chionroinnt sin ar bhonn na tuairisce a chuir an Ballstát sin isteach i gcomhréir le pointe 8.3 d'Iarscríbhinn II agus tar éis dul i gcomhairle le STECF. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55(2) den Rialachán seo.

Airteagal 10

Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i ranna 4b, 4c agus 6a ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES

1. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais, agus ar aon iascach tráchtála ón gcladach, iascaireacht a dhéanamh ar an doingean mara Eorpach (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 4b agus 4c ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES nó ar dhoingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír.
2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le foghabhála doingean mara i ngníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh. Baineann an díolúine sin le líon stairiúil na líonta trá a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. Ní bheidh gníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh dírithe ar dhoingin mhara agus ní fhéadfar ach foghabhála dosheachanta doingean mara a thabhairt i dtír.
3. De mhaolú ar mhír 1, in Eanáir 2024 agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2024 féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:
 - (a) ag úsáid tráil ghrinnill⁽³⁴⁾, le haghaidh foghabhála dosheachanta nach mó ná 3.8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 5 % de mheáchan ghabhála iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach iascaireachta lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;
 - (b) ag úsáid saighní⁽³⁵⁾, le haghaidh foghabhála dosheachanta nach mó ná 3.8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 5 % de mheáchan ghabhála iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach iascaireachta lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;
 - (c) agus úsáid á baint as duáin agus doruithe⁽³⁶⁾, nach mó ná 6.2 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta;
 - (d) agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta⁽³⁷⁾, le haghaidh foghabhála dosheachanta nach mó ná 1.6 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta.

⁽³⁴⁾ Gach cineál tráil grinnill (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).

⁽³⁵⁾ Gach cineál saighne (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).

⁽³⁶⁾ Gach iascach spiléir nó gach iascach cleithe agus dorú nó gach iascach slaite agus dorú (LHP, LHM, LLD, LL, LTL, LX agus LLS).

⁽³⁷⁾ Gach eangach gheolbhaigh sheasta agus gach gaiste (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (c), maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as duáin agus doruithe i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír den phointe seo, maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

I gcás ina ndéanfar soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ionadú, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go mbeidh feidhm ag na maoluithe sin maidir le soitheach iascaireachta eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar líon na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir gach ceann de na maoluithe ná ar a n-acmhainneacht fhoriomlán iascaireachta.

4. Ní bheidh na teorainneacha gabhála a leagtar amach i mír 3 inaistrithe idir soithí iascaireachta.
5. In iascaigh áineasa, lena n-áirítear iascach ón gcladach, i ranna 4b, 4c, 6a agus 7a go 7k ICES:
 - (a) ón 1 Feabhra go dtí an 31 Márta 2024:
 - (i) ní cheadófar ach iascaireacht gabh agus scaoil le slat nó le dorú láimhe ar an doingean mara Eorpach;
 - (ii) toirmiscfear na doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír;
 - (b) i mí Eanáir agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2024:
 - (i) ní fhéadfar níos mó ná dhá eiseamal de dhoingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;
 - (ii) is é 42 cm an t-íosmhéid do dhoingean mara Eorpach a choinneofar;
 - (iii) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.
6. Beidh mír 5 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

Airteagal 11

Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i roinn 8a agus 8b ICES

1. Maidir leis an doingean mara Eorpach i bhfolimistéir 8a agus 8b ICES, áiritheoidh an Fhrainc agus an Spáinn, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/472, nach rachaidh na gabhálacha tráchtála a thugtar i dtír agus an méid a bhaintear de bhun iascaireacht áineasa thar 2 642 tona faoin MSY Btrigger, méid a chomhfhreagraíonn do luach an phointe FMSY arna laghdú go comhréireach chun an laghdú ar an mbithmhais a chur san áireamh.
2. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i ranna 8a agus 8b ICES:
 - (a) féadfaidh uasmhéid eiseamal amháin de dhoingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;
 - (b) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.
3. Beidh feidhm ag mír 2 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

Airteagal 12

Bearta maidir le hiascaigh áineasa le haghaidh mangach i bhfolimistéir 8, 9, 10 ICES agus in uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1

1. In iascaigh áineasa, lena n-áirítear ó chladaigh i bhfolimistéir 8, 9, 10 ICES agus in uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1:
 - (a) féadfaidh uasmhéid dhá eiseamal de mhangach (*Pollachius pollachius*) a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae. Ach an uasteorainn sin a bheith bainte amach, féadfar iascach 'gabháil agus scaoileadh saor' a dhéanamh.

- (b) ní fhéadfar aon eiseamal de mhangach a ghabháil ná a choinneáil ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán. Mar sin féin, féadfar iascach 'gabháil agus scaoileadh saor' a dhéanamh le linn na tréimhse sin.
2. Tá feidhm ag mír 1 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

Airteagal 13

Bearta maidir le hiascaigh eascann Eorpach in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le huiscí muirí agus uiscí goirte i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES, agus maidir le huiscí goirte de chuid an Aontais atá cóngarach dóibh. Áirítear in uiscí goirte inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha.
2. Níl feidhm aige maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 agus go ndearbhóidh STECF don Choimisiún agus do na Ballstáit lena mbaineann go bhfuil údar maith eolaíoch leis na himscrúduithe eolaíoch a sin. Beidh feidhm ag na coinníollacha céanna ar an gcaoi chéanna maidir le hoibríochtaí iascaireachta tráchtála ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad agus chun na críche sin amháin agus a dhéantar gan soitheach iascaireachta.
3. Cuirfear toirmeasc ar ghabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh eascanna Eorpacha (*Anguilla anguilla*) ag gach céim dá saolré ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad idir an 1 Aibreán 2024 agus an 31 Márta 2025. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit agus na hiascairí gach iarracht réasúnach foghabhálacha teagmhasacha eascann Eorpach a íoslághdú agus, i gcás inar féidir, a chosc ina n-iomláine. Aon eiseamal d'eascainn a ghabhtar de thaisme, ní dhéanfar aon díobháil dóibh agus cuirfear ar ais i bhfarraige go pras iad. Chuige sin, cinntí na Ballstáit lena mbaineann, ina n-aonar nó i gcomhpháirt, tréimhse choiscthe amháin nó níos mó faoi réir an mhéid seo a leanas:
- (a) i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát nó laistigh de Bhallstát amháin ó limistéar iascaireachta amháin go limistéar iascaireachta eile chun patrún imirce geografai agus aimseartha na heascainne a chur san áireamh ag na céimeanna difriúla dá saolré;
- (b) mairfidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe ar feadh tréimhse ama 6 mhí ar a laghad a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta;
- (c) beidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe i gcomhréir leis na cuspóirí caomhnaithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, agus le pleananna bainistíochta náisiúnta arna mbunú de bhun Airteagal 2 den Rialachán sin; agus
- (d) cumhdóidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe príomhthréimhse nó príomhthréimhsí imirce na heascainne Eorpaí, lena n-áirítear an bhuaic chomhfhreagrach, ag an gcéim chomhfhreagrach den saolré sa Bhallstát lena mbaineann.
4. De mhaolú ar mhír 2, pointe (d), maidir le heascanna Eorpacha arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann gníomhaireachtaí iascaireachta ar feadh suas le 30 lá san iomlán, a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, a cheadú le linn na príomhthréimhse imirce, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta. Sa chás sin, cinntí na Ballstáit lena mbaineann cosc breise ar feadh tréimhse choibhéiseach ama le linn na príomhthréimhse imirce nó, ar bhonn coimhdeach, díreach roimhe nó ina diaidh. I gcás ina gceadóidh Ballstát iascach a dhéanamh ar laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile, déanfar an trealamh iascaireachta a thógáil amach as an uisce le linn aon tréimhse idir laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile.
5. Maidir le heascanna Eorpacha i bhfolimistéir 3 ICES arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán, socróidh na Ballstáit uile lena mbaineann an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe dá dtagraítear i mír 2 agus an maolú orthu dá dtagraítear i mír 3 chun a áirithiú go gcosnófar an eascann go héifeachtach le linn dá himirce ón Muir Bhailt go dtí an Muir Thuaidh. In éagmais comhaontú mar sin faoin 1 Márta 2024, is é an 15 Meán Fómhair 2024 go dtí an 15 Márta 2025 an tréimhse choiscthe sa Danmhairg, sa Ghearmáin, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn agus sa tSualainn, agus ní fhéadfaidh an maolú dá dtagraítear i mír 3 a bheith ann.

6. De mhaolú breise ar mhír 2, pointe (d), maidir le heascanna Eorpacha ar lú ná 12 cm a bhfad foriomlán, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann gníomhaireachtaí iascaireachta ar feadh suas le 30 lá san iomlán, a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile, a cheadú le linn na príomhthréimhse imirce, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le gach iascaire lena mbaineann sa limistéar ábhartha iascaireachta. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann iascaireacht a dhéantar go heisiach le haghaidh athstocála a cheadú ar feadh suas le 50 lá breise le linn na príomhthréimhse imirce. Sa dá chás, cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann cosc breise ar feadh tréimhse choibhéseach ama le linn na príomhthréimhse imirce nó, ar bhonn coimhdeach, díreach roimhe nó ina diaidh. I gcás ina gceadóidh Ballstát iascach a dhéanamh ar laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile, déanfar an trealamh iascaireachta a thógáil amach as an uisce le linn aon tréimhse idir laethanta nach dtagann i ndiaidh a chéile.

7. Toirmiscfear iascaigh áineasa eascann Eorpach ag gach céim dá saolré.

8. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann, ina n-aonar nó i gcomhpháirt, an Coimisiún ar an eolas:

- faoin 1 Márta 2024, maidir leis an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe a chinn sé i gcomhréir le míreanna 3 go 6 mar aon leis an bhfaisnéis tacaíochta lena dtugtar bonn cirt don tréimhse nó do na tréimhsí a roghnaíodh;
- laistigh de 2 sheachtain tar éis a nglactha, maidir leis na bearta náisiúnta a bhaineann leis an tréimhse choiscthe nó leis na tréimhsí choiscthe a chinn sé i gcomhréir le míreanna 3 go 6.

Airteagal 14

Forálacha speisialta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta

1. Beidh cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

- malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- asbhaintí agus ath-chionrannta de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- ath-chionrannta de bhun Airteagail 12 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403;
- gabhála breise a thabharfar i dtír arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- asbhaintí de bhun Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- aistrithe agus malartuithe cuótaí de bhun Airteagail 23 agus 51 den Rialachán seo.

2. Déantar na stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim nó anailíseacha chun na TACanna agus na cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96 a shaináithint in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TAC réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus ag Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 15

Séasúir choiscthe iascaireachta le haghaidh corra gainimh

Toirmeascfar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar spéirlintí (*Ammodytes* spp.) le trál grinnill, saighní nó trealamh tharraingthe chomhchosúla ag a bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2024 agus ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2024.

Airteagal 16

Bearta ceartaitheacha don trosc sa Mhuir Thuaidh

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV na limistéir atá coiscthe don iascaireacht seachas le trealamh peiligeach (peas-
saigne agus tráil) agus na tréimhsí a mbeidh feidhm ag na tréimhsí coiscthe lena linn.
2. Soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill agus saighní le mogallmhéid íosta 70 mm i ranna 4a agus
4b ICES nó ar a laghad 90 mm i roinn 3a ICES, agus spiléir ⁽³⁸⁾, cuirfear toirmeasc orthu iascaireacht a dhéanamh in uiscí de
chuid an Aontais i roinn 4a ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 58° 30' 00' T agus laistea de dhomhanleithead
61° 30' 00' T, agus in uiscí de chuid an Aontais i ranna 3a.20 (Skagerrak), 4a agus 4b ICES, lastuaidh de dhomhanleithead
57°00'00' T agus lastoir de dhomhanfhad 5° 00'00' O.
3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh soithí iascaireachta dá dtagraítear sa mhír sin iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dá
dtagraítear sa mhír sin ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:
 - (a) ní mó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána in aghaidh an turais iascaireachta; soithí iascaireachta nár
mhó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána sa tréimhse 2017–2019, glactar leis go gcomhlíonann siad
an critéir sin ar choinníoll go leanann siad de bheith ag úsáid an trealaimh chéanna a bhí á úsáid acu le linn na
tréimhse sin; féadfar an toimhde sin a fhrisnéis;
 - (b) úsáidtear trál grinnill nó saighean atá rialáilte agus ardroghnaitheach, agus dá bharr sin, de réir staidéar eolaíoch, bíonn
laghdú 30 % ar a laghad ar ghabhálacha trosc i gcomparáid le soithí a dhéanann iascaireacht leis an mogallmhéid íosta
do threalaimh tharraingthe, mar a shonraítear i gCuid B, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán
(AE) 2019/1241; féadfaidh STECF meastóireacht a dhéanamh ar na staidéir sin; agus i gcás ina ndéanfaidh STECF
meastóireacht dhiúltach, ní mheasfar na trealaimh sin a bheith bailí a thuilleadh lena n-úsáid sna limistéir dá
dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;
 - (c) i gcás soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le grinnill nó saighní a bhfuil a mogallmhéid cothrom le 100 mm nó
níos mó ná sin (TR1), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:
 - (i) tráil bhoilg le mogallmhéid íosta 600 mm sa bholg;
 - (ii) líne iascaireachta ardaithe (0.6 m);
 - (iii) painéal deighilte cothrománach ina bhfuil painéal éalaithe mogaill mhóir;
 - (d) i gcás soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní le mogallmhéid atá cothrom le 70 mm nó
níos mó ná sin i roinn 4a ICES agus atá cothrom le 90 mm nó níos mó ná sin i roinn 3a ICES ach nach lú ná 100 mm
(TR2), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:
 - (i) greille shórtála chothrománach nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na héisc leathógacha leis
na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;
 - (ii) Painéal Seltra a bhfuil mogallmhéid chearnógach 300 mm ann;
 - (iii) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach éisc neamhbhlocáilte;
 - (e) tá soithí iascaireachta faoi réir plean náisiúnta seachanta trosc chun gabhálacha trosc a choinneáil i gcomhréir leis an
mbásmhaireacht san iascaireacht a chomhfhreagraíonn do na deiseanna iascaireachta arna socrú, bunaithe ar leibhéal
na comhairle eolaíche, trí bhearta spásúla nó teicniúla, nó meascán den díobh sin; déanfar na pleananna sin a
mheasúnú tráth nach déanaí ná 2 mhí i ndiaidh a gcur chun feidhme, ag STECF i gcás na mBallstát agus ag an
gcomhlacht eolaíoch náisiúnta ábhartha i gcás tríú tíortha, agus, i gcás ina meastar gur gá, ba cheart na pleananna sin
a athbhreithniú a thuilleadh má fhaightear amach de réir na measúnuithe sin nach gcomhlíonfar cuspóir an plean
náisiúnta seachanta trosc.
4. Feabhsóidh na Ballstáit faireachán, rialú agus faireachas na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 chun a áirithiú go
ndéanfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 a chomhlíonadh.
5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad
agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán
(AE) 2019/1241.

⁽³⁸⁾ Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB, SDN, SSC, SX, LL, LLS.

Airteagal 17

Bearta teicniúla don Mhuir Cheilteach, do Mhuir Éireann agus d'Iarthar na hAlban

1. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill agus le saighní i ranna 7f, 7g de ICES, sa chuid de 7h ó Thuaidh ó dhomhanleithead 49 30' ó Thuaidh agus sa chuid de 7j ó Thuaidh ó dhomhanleithead 49 30' ó Thuaidh agus Thoir ó dhomhanfhad 11 Thiar:

(a) Soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó le saighní, úsáidfidh siad trealamh ag a bhfuil ceann de na mogallmhéideanna seo a leanas:

- (i) soc-fhoirceann 110 mm le painéal de mhogall cearnógach 120 mm;
- (ii) soc-fhoirceann 100 mm T90;
- (iii) soc-fhoirceann 120 mm;
- (iv) 100 mm le painéal de mhogall cearnógach 160 mm;

(b) ina theannta sin, soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill agus ar cadóga iad 20 % ar a laghad dá ngabhálacha arna meá roimh aon aischur, úsáidfidh siad trealamh iascaireachta a tógadh le spás 1 mhéadair ar laghad idir an líne iascaireachta agus an trealamh talún.

Féadfaidh Ballstáit soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill, ar troisc iad níos lú ná 1.5 % dá ngabhálacha, arna meá roimh aon aischur, a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm phointe (b), ar choinníoll go bhfuil na soithí sin faoi réir méadú forchéimnitheach ar chumhdach breathnóirí ar muir ar suas le 20 % ar a laghad dá dturais iascaireachta go léir é.

(c) soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní, ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

- (i) painéal de mhogall cearnógach 300 mm; soithí ar lú ná 12 mhéadar ar fhad iad ar an iomlán, féadfaidh siad painéal de mhogall cearnógach 200 mm a úsáid;
- (ii) painéal seltra;
- (iii) greille shórtála le spás 35 mm idir na barraí nó líonghreille roghnaíochta chomhchosúil;
- (iv) soc-fhoirceann 100 mm le painéal de mhogall cearnógach 100 mm;
- (v) soc-fhoirceann dúbailte ar tógadh an soc-fhoirceann is uachtaraí de le mogall T90 100 mm ar a laghad agus atá feistithe le painéal deighilte ag a bhfuil mogallmhéid uasta 300 mm.

(d) soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní, ar faoitíní iad níos mó ná 55 % dá ngabhálacha nó ar láimhínigh, colmóirí nó scoilteáin le chéile iad níos mó ná 55 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh seo a leanas:

- (i) soc-fhoirceann 100 mm le painéal de mhogall cearnógach 100 mm;
- (ii) soc-fhoirceann 100 mm T90 agus síneadh.

2. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní i ranna 6a agus 5b ICES laistigh d'uiscí an Aontais, Soir ó 12° I (Iarthar na hAlban) in iascaigh ghliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*):

- (a) úsáidfidh soithí iascaireachta painéal de mhogall cearnógach (suíomh arna choinneáil) 300 mm ar a laghad i gcás soithí a úsáideann mogallmhéid soc-fhoircinn is lú ná 100 mm; le haghaidh soithí is lú ná 12 m ar fhad iomlán agus/nó le cumhacht innill 200 kW nó níos lú, féadfaidh an painéal a bheith 2 m ar fhad foriomlán agus le painéal 200 mm;
- (b) soithí iascaireachta ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad painéal de mhogall cearnógach (suíomh arna choinneáil) 160 mm ar a laghad i gcás soithí a úsáideann soc-fhoirceann de mhogallmhéid 100-119 mm.

3. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní i roinn 7a ICES (Muir Éireann):

(a) soithí a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill nó saighní a bhfuil mogallmhéid a soc-fhoircinn comhionann le 70 mm nó níos mó ná sin agus ar lú é ná 100 mm agus ar gliomaigh na hIorua iad níos mó ná 30 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad ceann de na trealaimh seo a leanas:

- (i) painéal de mhogall cearnógach 300 mm; soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar ar fhad iad ar an iomlán, féadfaidh siad painéal de mhogall cearnógach 200 mm a úsáid;

- (ii) painéal seltra;
 - (iii) greille shórtála le spás 35 mm idir na barraí;
 - (iv) líonghreille CEFAS;
 - (v) trál flapa;
- (b) soithí iascaireachta is comhionann le 12 mhéadar ar fhad iomlán nó atá níos faide ná sin, a oibríonn le tráil ghrinnill nó saighní ar cadóga, troisc, sciataí agus roic le chéile iad níos mó ná 10 % dá ngabhálacha, úsáidfidh siad soc-fhoirceann 120 mm.

4. Ríomhfar na céatadáin ghabhála i bpointí 1 agus 2 den Airteagal seo mar chion de bheomheáchan na n-acmhainní bitheolaíochá mairí uile a thabharfar i dtír tar éis gach turais iascaireachta, de réir Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

5. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta iascaireacht a dhéanamh le tráil ghrinnill agus saighní sna limistéir seo a leanas:

- (a) ranna 7f go 7k ICES,
- (b) sa limistéar Thiar ó dhomhanfhad 5° i roinn 7e ICES, agus
- (c) i ranna 7b agus 7c ICES.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc seo maidir le soithí iascaireachta sna cásanna seo a leanas:

- (i) má úsáideann siad soc-fhoirceann de mhogallmhéid 100 mm ar a laghad, nó
- (ii) mura mó ná 1.5 % a bhfoghabhála trosc, arna measúnú ag CETEL, agus iascaireacht á déanamh lasmuigh de na limistéir a luaitear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 18

Bearta teicniúla le haghaidh deargán i bhfolimistéir 6 go 8 ICES

1. Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 36 cm maidir leis na gabhála deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 ICES.
2. Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 40 cm maidir leis na gabhála áineasa deargán i bhfolimistéir 6 agus 7 ICES.
3. Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2024, beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta, a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu, gach iascaireacht a dhéanamh ar dheargán i bhfolimistéir 6, 7 agus 8 ICES.
4. Ón 1 Feabhra go dtí an 30 Meán Fómhair 2024, beidh toirmeasc ar iascaireacht le spiléir ghrinneallsocraithe (LLS) agus le tráil ghrinnill (OTB) i limistéar iarthar Mhuir Chantabriach, os coinne Asturias agus na Gailíse.
5. Toirmiscfear iascaigh áineasa le haghaidh deargán laistigh de na limistéir gheografacha seo a leanas: Limistéar RF 1 (Cariño/Celeiro), Limistéar RF 2 (Ribadeo), Limistéar RF 3 (Navia), Limistéar RF 4 (Ensenada Canero), Limistéar RF 5 (Ensenada de Cabrera/Ría San Martín de la Arena), Limistéar RF 6 (Ría de Treso), Limistéar RF 7 (Bilbao/Plentzia), Limistéar RF 8 (Bermeo/Mundaka).

Airteagal 19

Bearta ceartaitheacha don trosc in Kattegat

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht in Kattegat le tráil ghrinnill⁽³⁹⁾ ag a bhfuil mogallmhéid íosta 70 mm, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh roghnaitheacha seo a leanas:
 - (a) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach éisc neamhbhlocáilte;
 - (b) greille shórtála nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na héisc leathógacha leis na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach éisc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;

⁽³⁹⁾ Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB.

- (c) painéal seltra a bhfuil mogallmhéid chearnógach 300 mm ann;
- (d) trealamh ardroghnaitheacha rialáilte, a mbeidh níos lú ná 1,5 % gabhálacha trosc ann mar thoradh ar a shaintréithe teicniúla, de réir staidéar eolaíoch arna mheasúnú ag STECF, i gcás soithí iascaireachta a bhfuil an trealamh sin á iompar acu ar bord go heisiach.

2. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá rannpháirteach i dtionscadal a réachtálann Ballstát agus a mbeidh trealamh acu a fheidhmeoidh le haghaidh iascach lán-doiciméadaithe, féadfaidh siad trealamh a úsáid i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Faoin 31 Márta 2024 cuirfidh na Ballstát lena mbaineann liosta de na soithí sin in iúl don Choimisiún.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 20

Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Maidir leis na speicis seo a leanas, ní dhéanfaidh soithí de chuid an Aontais iascaireacht orthu, iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír:

- (a) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 agus roinn 7d ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí an Aontais i roinn 3a;
- (b) an t-alfainsín taibhseach (*Beryx splendens*) i bhfolimistéar 6 NAFO;
- (c) an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus 14 ICES;
- (d) an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus 14 ICES;
- (e) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus 14 ICES;
- (f) an fíogach éansocach (*Deania calceus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus 14 ICES;
- (g) an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus cf. flossada* agus *Dipturus cf. intermedia*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 agus 6 go 8 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus folimistéar 5; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 3, 9 agus 10;
- (h) an lóchransiorc mór (*Etmopterus princeps*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus 14 ICES;
- (i) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 5; uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 6 go 8; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 12 agus 14;
- (j) an craosaire (*Lamna nasus*) sna huiscí uile;
- (k) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;
- (l) an roc dústríochta (*Raja undulata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 6 ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 10 ICES;
- (m) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;
- (n) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir.

2. Nuair a ghabhtar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfead go pras iad.

*Airteagal 21***Tarchur sonraí**

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le gabhálacha a thabhairt i dtír agus a bhaineann le hiarracht iascaireachta, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Caibidil II**Údaruithe iascaireachta in uiscí tríú tíortha***Airteagal 22***Údaruithe iascaireachta**

1. I gcás inarb infheidhme, leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht in uiscí tríú tír.
2. I gcás ina n-aistroidh Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tar éis dó fógra a thabhairt don Choimisiún, cuóta chuig Ballstát eile sna limistéir iascaireachta a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh aistriú iomchuí údaruithe iascaireachta ag gabháil leis an aistriú, i gcás inarb ábhartha. Ní rachfar thar an líon iomlán údaruithe le haghaidh gach limistéir iascaireachta, mar a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo. Tabharfaidh Ballstát an aistrithe fógra don Choimisiún faoi aistriú na n-údaruithe iascaireachta tráth a thabharfar fógra don Choimisiún faoin aistriú cuótaí.

Caibidil III**Deiseanna iascaireachta arna mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh****Roinn 1****Forálacha ginearálta***Airteagal 23***Aistrithe agus malartuithe cuótaí**

1. I gcás ina gceadófar le rialacha eagraíochta réigiúnaí um bainistíocht iascaigh (ERBI) aistrithe cuótaí nó malartuithe idir na Páirtithe Conarthacha chuig an ERBI sin, féadfaidh Ballstát (an Ballstát lena mbaineann) plé a dhéanamh le Páirtí Conarthach san ERBI sin agus leagan amach féideartha a bhunú i dtaca le haistriú nó malartú cuótaí atá beartaithe, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach.
2. A luaithe a thabharfar fógra don Choimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Coimisiún leagan amach an aistrithe nó an mhalartaithe cuótaí atá beartaithe a fhormhuiniú. Má fhormhuiníonn an Coimisiún an achoimre, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchúí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht an ERBI maidir leis an aistriú nó malartú cuótaí i gcomhréir le rialacha an ERBI sin.
3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí arna chomhaontú.

4. Na deiseanna iascaireachta a gheofar ón bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI nó a aistrefar chuige faoin aistriú nó malartú cuótaí, measfar gur cuótaí iad a chuirfear le cionroinnt an Bhallstáit lena mbaineann nó a asbhainfear as an gcionroinnt sin, ón uair a bheidh feidhm leis an aistriú nó an malartú cuótaí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe leis an bPáirtí Conarthach ábhartha san ERBI nó i gcomhréir le rialacha ábhartha an ERBI, de réir mar is iomchuí. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don scála cionroinnte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

Roinn 2

Limistéar Choinbhinsiún NEAFC

Airteagal 24

Péirsí mara i Muir Irminger

1. Beidh toirmeasc ar gach gníomhaíocht iascaireachta sa limistéar a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas arna dtomhas de réir chóras WGS84:

Domhanleithead	Domhanfhad
63°00'T	30°00'I
61°30'T	27°35'I
60°45'T	28°45'I
62°00'T	31°35'I
63°00'T	30°00'I

2. Péirsí domhainmhara peiligeacha éadoimhne agus péirsí domhainmhara peiligeacha doimhne (*Sebastes mentella*) ó Mhuir Irminger agus ó na huiscí máguaird (folimistéir 5, 12 agus 14 ICES, agus folimistéir 1 agus 2 NAFO), beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta iascaireacht a dhéanamh orthu nó iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcalafoirt an Aontais agus beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais na nithe sin a dhéanamh i gcalafoirt tríú tír freisin.

3. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach in oibríochtaí trasloingsithe lena mbaineann na stoic dá dtagraítear i mír 2.

4. Beidh toirmeasc ar shoithí an Aontais athbhreoslú nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar do shoithí iascaireachta a bhfuil gabhálacha de na stoic dá dtagraítear i mír 2 acu..

Roinn 3

Limistéar Choinbhinsiún ICCAT

Airteagal 25

Teorainneacha maidir le hacmhainneacht iascaireachta, feirmeoireachta agus ramhraithe

1. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI leis an líon bád baoite agus bád trádála de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm san Atlantach Thoir.

2. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta mionscála de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm sa Mheánmhuir.

3. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar thuinníní gorma i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta agus a údarófar chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go ghníomhach.

4. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun tuinníní gorma a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.
5. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn VI leis an líon gaistí a úsáidfeadh in iascach tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.
6. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 7 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) mar spriocspeiceas i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2017/2107 ⁽⁴⁰⁾.
7. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 8 d'Iarscríbhinn VI leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 20 m ar a laghad ar a bhfad agus a bheidh ag déanamh iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) i limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

Airteagal 26

Iascaigh áineasa

I gcás inarb iomchuí, cionroinnfidh na Ballstáit sciar sonracha óna gcuótaí cionroinnte ar an iascach áineasa, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn ID.

Airteagal 27

Siorcanna

1. Toirmeascfar aon pháirt de chonablaigh nó conablaigh iomlán siorcanna súisteála mórshúileacha (*Alopias superciliosus*) a ghabhfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
2. Toirmeascfar tabhairt faoi iascaireacht spriocdhírthe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*.
3. Toirmeascfar aon pháirt de chonablaigh nó conablaigh iomlán siorcanna ceann casúir den phór *Sphyrnidae* (ach amháin *Sphyrna tiburo*) a ghabhfar san iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
4. Toirmeascfar aon pháirt de chonablaigh nó conablaigh iomlán siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a ghabhfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
5. Toirmeascfar síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*) a ghabhfar in iascach ar bith a choinneáil ar bord.
6. Toirmeascfar aon pháirt de chonablaigh nó conablaigh iomlán mácónna biorshrónacha (*Isurus oxyrinchus*) a ghabhfar san iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

Airteagal 28

FADanna le haghaidh Tuinníní Trópaiceacha

1. Toirmeascfar FADanna a úsáid i limistéar Choinbhinsiún ICCAT ón 1 Eanáir go dtí an 12 Márta 2024.
2. Ón 17 Nollaig 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 áiríteoidh na Ballstáit nach n-úsáidfidh a soithí iascaireachta FADanna. Ní bheidh níos mó ná 300 FAD le baoithe oibríochtúla á n-imscaradh ag aon am amháin ag gach soitheach iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún IATTC.

⁽⁴⁰⁾ Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

3. Déanfaidh na Ballstáit sonraí stairiúla maidir le trealamh iascaireachta atá leagtha síos timpeall FADanna ag a gcuid soithí peas-saighne a thuairisciú don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2024. I gcás nach ndéanfaidh na Ballstáit na sonraí sin a thuairisciú faoin dáta sin, ní dhéanfaidh soithí iascaireachta a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain acu trealamh iascaireachta a leagan síos timpeall FADanna go dtí go bhfaighidh an Coimisiún na sonraí sin ó na Ballstáit chun tuairisciú breise a dhéanamh do ICCAT.

Roinn 4

Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR

Airteagal 29

Fógraí maidir le hiascaigh thaiscéalaíochta don déadiasc le haghaidh shéasúr iascaireachta 2024-2025

1. Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in iascaigh spiléireachta thaiscéalaíochta déadiasc (*Dissostichus* spp.) i bhfolimistéir 48.6, 88.1 agus 88.2 FAO agus i ranna 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a FAO lasmuigh de limistéir faoi dhlínse náisiúnta le haghaidh iascaireacht sa tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 30 Samhain 2025, nó féadfaidh siad a soithí iascaireachta a údarú le bheith rannpháirteach iontu, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) go (7) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle ⁽⁴¹⁾.
2. De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, tabharfaidh na Ballstáit sin a bhfuil sé beartaithe acu a dhéanamh amhlaidh fógra do Rúnáiocht CCAMLR tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2024.

Airteagal 30

Iascach déadiasc le linn shéasúr iascaireachta 2023-2024

1. I dteannta na gceanglas speisialta maidir le hiascaigh thaiscéalaíochta a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, beidh iascaireacht ar dhéadéisc le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2024 teoranta do na Ballstáit, do na folimistéir agus don líon soithí iascaireachta a leagtar amach i dTábla A in Iarscríbhinn VII, agus do na TACanna agus do na teorainneacha foghabhála a leagtar amach i dTábla B san Iarscríbhinn sin.
2. Toirmiscfear iascaireacht dhíreach ar speicis siorcanna chun críoch eile seachas taighde eolaíoch. Scaoilfear saor ina mbeatha aon fhoghabháil siorcanna, go háirithe siorcanna óga agus baineannaigh thorra, a ghabhfar de thaisme san iascach déadiasc.
3. I gcás inarb infheidhme, scoirfear d'iascaireacht déadiasc in aon aonad taighde ar mionscála (ATMS) nuair a shroichfidh an ghabháil arna tuairisciú an TAC sonraithe, agus beidh cosc ar iascaireacht san ATMS don chuid eile den séasúr iascaireachta.
4. Déanfar an iascaireacht ar an raon geografach agus bataiméadrach is mó is féidir chun an fhaisnéis is gá a fháil chun an acmhainneacht iascaigh a chinneadh agus chun ró-chomhchruinniú gabhálacha agus iarrachta iascaireachta a sheachaint. Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh, áfach, in áiteanna i bhfolimistéir 48.6, 88.1 agus 88.2 FAO i ndoimhneachtaí is lú ná 550 m.

Airteagal 31

Iascach crille le linn shéasúr iascaireachta 2024-2025

1. Chun críoch Airteagal 5a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna (*Euphausia superba*) i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 30 Samhain 2025, tabharfaidh siad fógra maidir leis sin don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2024, agus úsáid á baint acu as an bhfoirm i gCuid B den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VII.

⁽⁴¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leagtar síos bearta rialaithe áirithe is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar a thagann faoi réim an Choinbhinsiúin maidir le beo-acmhainní muirí Antartacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 3943/90, (CE) Uimh. 66/98 agus (CE) Uimh. 1721/1999 (IO L 97, 1.4.2004, lch. 16).

2. De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004, agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún na fógraí faoi bhráid Rúnaíocht CCAMLR tráth nach déanaí ná an 30 Bealtaine 2024.
3. Áireofar leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 lena n-údarófar gach soitheach chun bheith rannpháirteach san iascach crilleanna.
4. Maidir le Ballstát a bhfuil rún aige iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR, ní thabharfaidh sé fógra faoin rún sin ach i leith soithí iascaireachta údaraithe tráth an fhógra:
 - (a) a mbeidh a bhratach ar foluain acu; nó
 - (b) a mbeidh bratach comhalta eile de CCAMLR ar foluain acu agus a mbeifí ag súil, tráth a tharlóidh an t-iascach, go mbeadh bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.
5. I gcás ina gcoiscfear ar shoitheach iascaireacht údaraithe, a tugadh fógra fúithi do Rúnaíocht CCAMLR i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, a bheith rannpháirteach in iascach crilleanna de bharr cúiseanna dlísteanacha oibríochtúla nó de bharr force majeure, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann soitheach iascaireacht ionadaíoch eile a údarú le bheith rannpháirteach san iascach sin. I gcás mar sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann Rúnaíocht CCAMLR a chur ar an eolas láithreach agus an Coimisiún i gcóip agus soláthróidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) sonraí iomlána an tsoithigh (na soithí) iascaireachta ionaid atá beartaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004; agus
 - (b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna lena dtugtar bonn cirt don ionadú agus aon fhianaise thacaíochta nó tagairt ábhartha.

Roinn 5

Limistéar Inniúlachta IOTC

Airteagal 32

Acmhainneacht iascaireachta soithí a dhéanann iascaireacht i Limistéar Inniúlachta IOTC a theorannú

1. Is mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.
2. Is mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar cholgáin (*Xiphias gladius*) agus ar thuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.
3. Féadfaidh na Ballstáit soithí iascaireachta a sannadh do cheann amháin de na hiascaigh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a ath-chionroinnt ar an iascach eile, ar choinníoll gur féidir leo a léiriú don Choimisiún nach dtiocfaidh méadú as an sannadh sin ar an iarracht iascaireachta i ndáil leis na stoic éisc atá i gceist.
4. Áiríteoidh an Ballstát sin, i gcás ina mbeartófar acmhainneacht a aistriú chuig cabhlach an Bhallstáit, go mbeidh na soithí iascaireachta atá le haistriú ar chlár soithí údaraithe IOTC nó ar chlár soithí ERBInna eile a bhainistíonn iascaigh tuinníní. Ní fhéadfar soithí iascaireachta a aistriú a bheidh ar liosta aon ERBI de shoití a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN.
5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a n-acmhainneacht iascaireachta a mhéadú os cionn na n-uasteorainneacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach laistigh de na huasteorainneacha a leagtar amach sna pleananna forbartha a cuireadh faoi bhráid IOTC.

Airteagal 33

Sruthfheistí um chomhbhailiú éisc agus soithí soláthair

1. Beidh FADanna feistithe le baoithe gléasta. Beidh cosc ar aon bhaoi eile, mar shampla baoithe raidió, a úsáid.
2. Ní leanfaidh soitheach peas-saighne níos mó ná 300 baoi oibríochtúil ag aon tráth amháin.
3. Gheofar 500 baoi gléasta ar a mhéad ar bhonn bliantúil le haghaidh gach soithigh peas-saighne. Ní bheidh níos mó ná 500 baoi gléasta ag aon soitheach peas-saighne, idir bhaoithe atá sa stoc agus bhaoithe oibríochtúla araon, tráth ar bith.
4. Ní bheidh níos mó ná trí shoitheach soláthair mar thaca le líon nach lú ná deich soitheach peas-saighne, agus bratach Bhallstáit ar foluain acu uile. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis na Ballstáit nach mbainfidh úsáid ach as an aon soitheach soláthair amháin.
5. Ní bheidh níos mó ná aon soitheach soláthair amháin, ar a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain, mar thaca ag soitheach peas-saighne tráth ar bith.
6. Ní chláróidh an tAontas soithí soláthair nua nó breise i gclár soithí údaraithe IOTC.

Roinn 6**Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO**

Airteagal 34

Iascaigh pheiligeacha

1. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit sin a d'fheidhmigh gníomhaíochtaí iascach peiligeach go gníomhach i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in 2007, 2008 nó 2009 iascaireacht a dhéanamh ar stoic pheiligeacha sa limistéar sin i gcomhréir leis na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IH.
2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 na deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IH a úsáid ach amháin ar choinníoll go seolfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas chuig an gCoimisiún ar a dhéanaí faoin 15ú lá den mhí ina dhiaidh sin, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur in iúl do Rúnaíocht SPRFMO:
 - (a) liosta de na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach nó a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;
 - (b) tuarascálacha míosúla maidir le gabhálacha.

Roinn 7**Limistéar Choinbhinsiún IATTC**

Airteagal 35

Iascaigh pheas-saighne

1. Ní dhéanfaidh soithí peas-saighne iascaireacht ar thuinníní buí (*Thunnus albacares*), tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) ná tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*):
 - (a) ó 00.00 uair an chloig an 29 Iúil 2024 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Deireadh Fómhair 2024 nó ó 00.00 uair an chloig an 9 Samhain 2024 go dtí 24.00 uair an chloig an 19 Eanáir 2025 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:
 - imeallbhoird an Aigéin Chiúin de Chríocha Mheiriceá,
 - domhanfhad 150°I,

- domhanleithead 40°T,
 - domhanleithead 40°D;
- (b) ó 00.00 uair an chloig an 9 Deireadh Fómhair 2024 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Samhain 2024 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:
- domhanfhad 96°I,
 - domhanfhad 110°I,
 - domhanleithead 4°T,
 - domhanleithead 3°D.
2. Tabharfaidh an Ballstát brataí sin fógra don Choimisiún roimh an 1 Aibreán 2024 maidir le cé acu tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a roghnaigh an soitheach iascaireachta i dtaca le gach ceann de na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain orthu.
3. Soithí peas-saighne a bheidh ag déanamh iascaireachta ar thuinníní i limistéar Choinbhinsiún IATTC, coinneoidh siad ar bord gach tuinnín buí, gach tuinnín mórshúileach agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfaidh siad agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh siad iad a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) i gcás ina measfar go bhfuil an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid;
- (b) le linn an tacair deiridh de thuras, i gcás nach mbeidh dóthain spáis sa pholl taosctha do na tuinníní uile a gabhadh sa tacar sin.

Airteagal 36

Sruthfheistí um chomhbhailiú éisc

1. Ní bheidh níos mó ná 400 feiste um chomhbhailiú éisc gníomhach in úsáid ag aon am amháin ag soitheach peas-saighne i limistéar Choinbhinsiún IATTC. Measfar FAD a bheith gníomhach nuair a dhéanfar é a imscaradh ar muir, nuair a thosóidh sé ag tarchur a shuímh, agus nuair a bheidh sé á rianú ag an soitheach, ag a úinéir nó ag a oibreoir. Ní dhéanfar FAD a ghníomhachtú ach amháin ar bhord soithigh peas-saighne.
2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 35(1), pointe (a), den Rialachán seo déanfaidh soitheach peas-saighne an méid seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún IATTC:
- (a) staonadh ó FADanna a imscaradh;
- (b) an líon céanna FADanna a aisghabháil agus a rinne sé a imscaradh sa chéad dul síos.

Airteagal 37

Teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha in iascaigh spiléireachta

Leagtar amach in Iarscríbhinn IL na gabhála bliantúla iomlána le haghaidh tuinníní mórshúileacha ag soithí spiléireachta gach Ballstáit i limistéar Choinbhinsiún IATTC.

Airteagal 38

Toirmeasc ar shiorcanna bána aigéanacha a iascach

1. Toirmeascfar iascaireacht a dhéanamh ar shiorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) i limistéar Choinbhinsiún IATTC, agus aon pháirt de chonabhlach nó conabhlach iomlán siorcanna bána aigéanacha sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol nó a dhíol.
2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de shiorcanna bána aigéanacha, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfidh na hoibreoirí soithigh iascaireachta go pras iad.
3. Déanfaidh oibreoirí na soitheach iascaireachta an líon scaoilte a thaifeadh lena dtabharfaidh siad léiriú ar stádas (marbh nó beo) agus déanfaidh siad an fhaisnéis sin a thuairisciú don Bhallstát ar náisiúnaigh de iad. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin a bailíodh le linn 2023 a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir 2024.

Airteagal 39

Toirmeasc ar roic de chineál Mobulidae a iascach

Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i limistéar Choinbhinsiún IATTC iascaireacht ar roic de chineál mobulidae (den phór *Mobulidae*, lena n-áirítear na géinis *Manta* agus *Mobula*), agus ní dhéanfaidh siad aon pháirt de chonabhlach nó conabhlach iomlán roic de chineál mobulidae a ghabhtar sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol, nó a dhíol. A luaithe a thabharfaidh siad faoi deara gur gabhadh roic de chineál mobulidae, scaoilfidh siad go pras iad, agus iad beo agus gan ghortú i gcás inar féidir.

Roinn 8**Limistéar Choinbhinsiún SEAFO**

Airteagal 40

Toirmeasc ar shiorcanna domhainfharraige a iascach

Toirmeascfar iascaireacht dhírthe a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún SEAFO:

- an catsúileach taibhsiúil (*Apristurus manis*);
- an lóchranssiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);
- an lóchranssiorc earrghearr (*Etmopterus brachyurus*);
- an lóchranssiorc mór (*Etmopterus princeps*);
- an lóchranssiorc mín (*Etmopterus pusillus*);
- sciataí (*Rajidae*);
- an fíogach slim (*Scymnodon squamulosus*);
- siorcanna domhainfharraige den sárord Selachimorpha;
- an fíogach gobach (*Squalus acanthias*).

Roinn 9**Limistéar Choinbhinsiún WCPFC**

Airteagal 41

Coinníollacha maidir le hiascaigh tuinníní mórshúileacha, tuinníní buí, tuinníní aigéanacha agus tuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas

- Áiritheoidh na Ballstáit nach mó ná 403 an líon laethanta iascaireachta a chionroinnfear ar shoithí peas-saighne a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*), tuinníní buí (*Thunnus albacares*) agus tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) sa chuid de limistéar Choinbhinsiún WCPFC i limistéir na mórmhara idir 20° T agus 20° D.
- Ní dhíreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas (*Thunnus alalunga*) i limistéar Choinbhinsiún WCPFC laistean de 20° D.
- Ní sháróidh an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar cholgáin (*Xiphias gladius*) i limistéir laistean de 20°D de limistéar Choinbhinsiún WCPFC thar na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, Tábla 1.
- An líon uasta soithí peas-saighne de chuid an Aontais a údarófar chun tuinníní trópaiceacha a iascach i limistéir na mórmhara idir 20° T agus 20°D i limistéar Choinbhinsiún WCPFC, ní rachaidh sé thar na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, Tábla 2.

*Airteagal 42***Bainistíocht na hiascaireachta le FADanna**

1. Sa chuid sin de limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D, ní dhéanfaidh soithí peas-saighne FADanna a imscaradh, a sheirbhísiú nó eangacha a chur orthu idir 00.00 uair an chloig an 1 Iúil 2024 agus 24.00 uair an chloig an 30 Meán Fómhair 2024.
2. I dteannta an toirmisc i mír 1, toirmeascfar eangacha a chur ar FADanna ar mórmhuir i limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D ar feadh 2 mhí bhreise, ó 00.00 uair an chloig an 1 Aibreán 2024 go 24.00 uair an chloig an 31 Bealtaine 2024, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Samhain 2024 go 24.00 uair an chloig an 31 Nollaig 2024.
3. Cinnfidh gach Ballstát lena mbaineann cé acu de na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 2 a mbeidh feidhm acu maidir le soithí peas-saighne a bhfuil a bhratach ar foluain acu. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin 15 Feabhra 2024 maidir leis an tréimhse choiscthe a roghnaíodh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht WCPFC maidir leis na tréimhsí coiscthe a roghnaigh na Ballstáit roimh an 1 Márta 2024.
4. Áiritheoidh gach Ballstát nach mó ná 350 an líon FADanna a mbeidh baoithe gléasta gníomhachtaithe acu a dhéanfaidh soithí peas-saighne dá chuid a imscaradh ar muir ag aon am amháin. Ní dhéanfar na baoithe a ghníomhachtú ach amháin ar bord soithigh peas-saighne.

*Airteagal 43***An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar cholgáin**

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar cholgáin (*Xiphias gladius*) i limistéir de limistéar Choinbhinsiún WCPFC laistean de 20° D.

*Airteagal 44***Teorainneacha gabhála le haghaidh colgán in iascaigh spiléireachta laistean de 20° D**

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na gabhálacha colgán (*Xiphias gladius*) laistean de 20° D ag soithí spiléireachta in 2024 thar an teorainn a leagtar amach i dtábla 2 in Iarscríbhinn IG. Airitheoidh siad freisin nach n-aistreofar an iarracht iascaireachta le haghaidh colgán chuig an limistéar atá lastuaidh de 20° D dá bharr sin.

Roinn 10**Muir Bheiring***Airteagal 45***Toirmeasc ar mhangaigh a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring**

Toirmeascfar mangaigh (*Gadus chalcogrammus*) a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring.

Roinn 11**Limistéar chomhaontú SIOFA***Airteagal 46***Teorainneacha le hiascaireacht ghrinnill**

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a iascann i limistéar Chomhaontú SIOFA, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

- go ndéanfar a n-iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil a theorannú go dtí an leibhéal a leagtar amach in Iarscríbhinn X;
- nach ndéanfar iascaireacht ghrinnill ach i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill; agus
- nach ndéanfar iascaireacht i limistéir Atlantis Bank, Coral, Fools Flat, Middle of What, ná Walter's Shoal, ar limistéir iad atá faoi chosaint eatramhach, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IK, ach i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill agus ar an goinníoll breathnóir eolaíoch a bheith ar bord acu i gcónaí le linn dóibh a bheith ag iascaireacht sna limistéir sin.

*Airteagal 47***Bearta iascaigh déadisc**

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a iascann déadéisc (*Dissostichus* spp.) i limistéar Chomhaontú SIOFA, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

- nach ndéanann siad iascaireacht i ndoimhneacht is éadoimhne ná 500 méadar;
- go mbeidh ar a laghad breathnóir eolaíoch amháin ar bord acu i gcónaí a mbeidh sé mar sprioc aige 25 % de na duáin a tharlaítear in aghaidh na líne a bhreathnú le linn na hiascaireachta; agus
- eiseamail déadéisc a chlibeáil agus a scaoileadh ar ráta 5 iasc ar a laghad in aghaidh an tona de mheáchan glas a ghabhtar. A luaithe a bheidh 30 déadisc nó níos mó gafa, beidh feidhm ag staidreamh forluí íosta de 60 % ar a laghad le haghaidh scaoileadh clibeála.

*Airteagal 48***Toirmeasc ar dhíriú ar shiorcanna domhainfharraige**

Toirmeascfar iascaireacht dhírite a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Chomhaontú SIOFA:

- an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*), seachas i gcomhthéacs an liúntais foghabhála mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IK;
- an fíogach éansocach (*Deania calceus*);
- an siorc slogach (*Centrophorus granulosus*);
- an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*);
- catsúileach Bach (*Bythaelurus bachi*);
- ciméara an bhéal dorcha (*Chimaera buccanigella*);
- ciméara Falkor (*Chimaera didierae*);
- siorc taibhsiúil an mhairnéalaigh (*Chimaera willwatchi*);
- an fíogach slim socfhada (*Centroselachus crepidater*);
- siorc Plunket (*Centroscymnus plunketi*);
- an fíogach slim (*Zameus squamulosus*);
- an lóchranssiorc bánleicneach (*Etmopterus alphus*);

- (m) catsúileach an bhoilg bhig (*Apristurus indicus*);
- (n) an ciméara socfhada (*Harriotta raleighana*);
- (o) catsúileach an chinn chaoil (*Bythaelurus tenuicephalus*);
- (p) an siorc rufach (*Chlamydoselachus anguineus*);
- (q) an siorc bó mórshúileach (*Hexanchus nakamurai*);
- (r) an lóchransiorc mín (*Etmopterus pusillus*);
- (s) suansiorc an deiscirt (*Somniosus antarcticus*);
- (t) an siorc gruagaigh (*Mitsukurina owstoni*);
- (u) an lóchransiorc súilghorm (*Etmopterus viator*);
- (v) an lóchransiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);
- (w) an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*);
- (x) an siorc slogach beag (*Centrophorus uyato*);
- (y) an fíogach gobach gearrspíne (*Squalus mitsukurii*);
- (z) an fíogach socfhada (*Deania quadrispinosa*);
- (za) an fíogach ceannbhiorach (*Deania profundorum*);
- (zb) sciata Cristina (*Bathyraja tunae*);
- (zc) an ciméara srónbhosach (*Rhinochimaera africana*).

TEIDEAL III

DEISEANNA IASCAIREACHTA LE HAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR IN UISCÍ AN AONTAIS

Airteagal 49

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua nó bratach Oileáin Fharó ar foluain acu

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua ar foluain acu nó soithí iascaireachta de chuid Oileáin Fharó, féadfaidh an Coimisiún iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

Airteagal 50

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, i mBáillcheantar Gheansaí, i mBáillcheantar Gheirsí nó in Oileán Mhanann, agus atá ceadúnaithe ag lucht riaracháin iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe, i mBáillcheantar Gheansaí, i mBáillcheantar Gheirsí nó in Oileán Mhanann, agus atá ceadúnaithe ag lucht riaracháin iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, féadfaidh an Coimisiún iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún agus ar bhonn an Rialacháin sin.

Airteagal 51

Aistrithe cuótaí nó malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe

1. Déanfar aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cuótaí a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe, féadfaidh sé achoimre ar an aistriú cuótaí nó ar an malartú cuótaí a phlé leis an Ríocht Aontaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach.

3. I gcás ina bhformhuineoidh an Coimisiún imlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí dá dtagraítear i mír 2 ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith, cuirfidh sé in iúl, gan moill mhíchúí, an toiliú a bheidh le ceangal den aistriú cuótaí nó den mhalartú cuótaí sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh.

4. Maidir leis na deiseanna iascaireachta a fhaightear ón Ríocht Aontaithe nó a aistrítear chuici faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh, measfar é a bheith ina chuóta arna chur le cionroinnt chearta an Bhallstáit lena mbaineann nó arna asbhaint ón gcionroinnt sin, ón nóiméad a thugtar fógra maidir leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí i gcomhréir le mír 3. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don scála cionroinnte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

Airteagal 52

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu, beidh siad faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403 agus i ngníomhartha tarmlichte arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin.

Airteagal 53

Údaruithe iascaireachta

Is mar a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a bheidh an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta tríú tír a oibríonn in uiscí an Aontais.

Airteagal 54

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán seo maidir leis na gabhálacha agus na foghabhálacha a dhéanfaidh soithí iascaireachta tríú tír faoi na húdaruithe iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 53 den Rialachán seo.

Airteagal 55

Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireacht tríú tír na speicis seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír i gcás ina ngeofar in uiscí an Aontais iad:

- an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí an Aontais i ranna 3a agus 7d ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4;
- an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus cf. flossada* agus *Dipturus cf. intermedia*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4 agus 6 go 10 ICES;
- an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 4 agus 6 go 8 ICES;
- an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*), an fíogach éansocach (*Deamia calceus*), an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*), an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*) agus an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES;
- an craosaire (*Lamna nasus*) in uiscí uile an Aontais;
- an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;
- an roc dústríochta (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6 agus 10 ICES;

- (h) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) in uiscí an Aontais sa Mheánmhuir;
- (i) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) in uiscí uile an Aontais;

2. Nuair a ghabhtar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 56

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/194

1. Leasaítear Iarscríbhinn IA, Cuid B, a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 i gcomhréir le hIarscríbhinn XI, pointe 2, a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Leasaítear Iarscríbhinn IA, Cuid F, a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 i gcomhréir le hIarscríbhinn XI, pointe 1, a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 57

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 58

Forálacha idirthréimhseacha

Leanfaidh Airteagail 9 go 13, 15 go 20, 24, 27, 38, 39, 40, 45, 48 agus 55 d'fheidhm a bheith acu, *mutatis mutandis*, in 2025 go dtiocfaidh an Rialachán lena socrófar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025 i bhfeidhm.

Airteagal 59

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Mar sin féin:

- (a) Beidh feidhm ag Airteagal 13(1) agus (6) ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Márta 2025;
- (b) Beidh feidhm ag Airteagal 13(2) go (5) ón 1 Aibreán 2024 go dtí an 31 Márta 2025;
- (c) Scoirfidh Airteagail 17 agus 18 d'fheidhm a bheith acu ar an dáta a thiocfaidh gníomhartha tarmligthe lena dtugtar isteach bearta comhfhreagra chun bheith infheidhme;
- (d) Beidh feidhm ag Airteagal 23 ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025;
- (e) Beidh feidhm ag Airteagal 30 agus ag Iarscríbhinn VII ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2024;

- (f) Beidh feidhm ag Airteagal 28(2) ón 17 Nollaig 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;
- (g) Beidh feidhm ag Airteagal 35(1), pointe (a), ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 19 Eanáir 2025;
- (h) Beidh feidhm ag Airteagal 54(2) ón 1 Eanáir 2023;
- (i) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn I freisin maidir leis na blianta 2025 agus 2026, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin;
- (j) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn IK ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2024, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin;
- (k) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn II ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025;
- (l) ba cheart gan fheidhm a bheith ag an uasmhéid le haghaidh an fhíogaigh ghobaigh (DGS/03A-C., DGS/2AC4-C agus DGS/15X14) a thuilleadh ar an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm lena dtugtar isteach bearta comhfhreagracha agus lena rialaítear láimhseáil ghabhálacha na stoc sin os cionn 100 cm.
- (m) na teorainneacha gabhála agus iarrachta arna socrú leis an Rialachán seo le haghaidh na bliana 2024 agus, i gcás ina sonraítear sa Rialachán seo, le haghaidh na mblianta 2025 agus 2026 freisin, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu in 2025, agus i gcás inarb ábhartha in 2026 agus 2027, go heisiach chun na gcríoch seo a leanas:
 - (i) malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
 - (ii) asbhaintí agus ath-chionrannta de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
 - (iii) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; agus
 - (iv) asbhaintí de bhun Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Eanáir 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB

LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ

- IARSCRÍBHINN I: Na TACanna is infheidhme maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais i limistéir arb ann do TACanna ina leith de réir speicis agus de réir limistéir
- IARSCRÍBHINN IA: Skagerrak, Kattegat, folimistéir 1 go 10, 12 agus 14 ICES, uiscí an Aontais in CECAF, uiscí Ghuáin na Fraince
- IARSCRÍBHINN IB: An tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Ghraonlainn, folimistéir 1, 2, 5, 12 agus 14 ICES agus uiscí na Graonlainne in NAFO 1
- IARSCRÍBHINN IC: An tAtlantach Thiar Thuaidh – Limistéar Choinbhinsiún NAFO
- IARSCRÍBHINN ID: Limistéar Choinbhinsiún ICCAT
- IARSCRÍBHINN IE: An tAigéan Atlantach Thoir Theas – Limistéar Choinbhinsiún SEAFO
- IARSCRÍBHINN IF: An tuinnín gorm deisceartach – limistéir dháileacháin
- IARSCRÍBHINN IG: Limistéar Choinbhinsiún WCPFC
- IARSCRÍBHINN IH: Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO
- IARSCRÍBHINN IJ: Limistéar Inniúlachta IOTC
- IARSCRÍBHINN IK: Limistéar Chomhaontú SIOFA
- IARSCRÍBHINN IL: Limistéar Choinbhinsiún IATTC
- IARSCRÍBHINN II: Iarracht iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta i gcomhthéacs bhainistíocht na stoc sóil i Muir nIocht Thiar i roinn 7e ICES
- IARSCRÍBHINN III: Limistéir bhainistíochta le haghaidh corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES
- IARSCRÍBHINN IV: Tréimhsí coiscthe séasúracha chun troisc sceite a chosaint
- IARSCRÍBHINN V: Údaruithe iascaireachta
- IARSCRÍBHINN VI: Limistéar Choinbhinsiún ICCAT
- IARSCRÍBHINN VII: Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR
- IARSCRÍBHINN VIII: Limistéar Inniúlachta IOTC
- IARSCRÍBHINN IX: Limistéar Choinbhinsiún WCPFC
- IARSCRÍBHINN X: Limistéar Chomhaontú SIOFA
- IARSCRÍBHINN XI: Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/194 a mhéid a bhaineann le stoic dhomhainfharraige

IARSCRÍBHINN I

NA TACanna IS INFHEIDHME MAIDIR LE SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN
AONTAIS

I LIMISTÉIR ARB ANN DO TACanna INA LEITH DE RÉIR SPEICIS AGUS DE RÉIR
LIMISTÉIR

Déantar, sna táblaí sna hIarscríbhinní, na TACanna agus na cuótaí a leagan amach (ina dtonaí beomheáchain, seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt) de réir stoic agus, i gcás inarb iomchuí, de réir na gcoinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leo.

Beidh na deiseanna iascaireachta go léir a leagtar amach sna hIarscríbhinní faoi réir na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus go háirithe in Airteagail 33 agus 34 de.

Sna hIarscríbhinní, is tagairtí do limistéir ICES iad na tagairtí do limistéir iascaireachta, mura sonraítear a mhalairt. Laistigh de gach réimse, tagraítear do na stoic éisc de réir ord aibitre ainm eolaíoch an speicis. Is le hainmneacha eolaíocha agus leo sin amháin a shainnithnítear speicis chun críoch rialála.

Chun críocha an Rialacháin seo, cuirtear tábla comparáideach d'ainmneacha eolaíocha agus de ghnáthainmneacha na speiceas a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo ar fáil thíos, ar mhaithe le tagairt dóibh a éascú. Tá Iarscríbhinní IA go IL mar chuid d'Iarscríbhinn I.

Tábla comparáideach d'ainmneacha eolaíoch agus de ghnáthainmneacha na speiceas a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo

Ainm eolaíoch	Cód Alpha-3	Gnáthainm
<i>Ammodytes</i> spp.	SAN	An spéirlint
<i>Aphanopus carbo</i>	BSF	An scabaird dhubh
<i>Argentina silus</i>	ARU	An t-airgintín mór
<i>Beryx</i> spp.	ALF	An t-alfainsín
<i>Brosme brosme</i>	USK	An torsca
<i>Caproidae</i>	BOR	An torciasc
<i>Centroscymnus coelolepis</i>	CYO	An fíogach Portaingéalach
<i>Chaceon</i> spp.	GER	An portán dearg domhainmhara
<i>Chionoecetes</i> spp.	PCR	An portán sneachta
<i>Clupea harengus</i>	HER	An scadán
<i>Coryphaenoides rupestris</i>	RNG	An gránadóir cruinnsocach
<i>Dissostichus eleginoides</i>	TOP	An déadiasc Patagónach
<i>Dissostichus mawsoni</i>	TOA	An déadiasc Antartach
<i>Dissostichus</i> spp.	TOT	An déadiasc
<i>Engraulis encrasicolus</i>	ANE	An t-ainseabhai
<i>Euphausia superba</i>	KRI	An chrill
<i>Gadus morhua</i>	COD	An trosc
<i>Glyptocephalus cynoglossus</i>	WIT	An leathóg bhán
<i>Hippoglossoides platessoides</i>	PLA	An daba gorm
<i>Hoplostethus atlanticus</i>	ORY	An gainneachán flannbhuí
<i>Illex illecebrosus</i>	SQI	An scuid ghearreiteach thuaisceartach
<i>Lepidorhombus</i> spp.	LEZ	An méagram scoilteán
<i>Leucoraja fullonica</i>	RJF	An roc úcaire
<i>Leucoraja naevus</i>	RJN	Roc na súl dubh

Ainm eolaíoch	Cód Alpha-3	Gnáthainm
<i>Limanda ferruginea</i>	YEL	An leith earrbhúí
<i>Lophiidae</i>	ANF	An láimhíneach
<i>Macrourus</i> spp.	GRV	An gránadóir
<i>Macrourus berglax</i>	RHG	An gránadóir ceanngharbh
<i>Makaira nigricans</i>	BUM	An mairlín gorm Atlantach
<i>Mallotus villosus</i>	CAP	An caibeallán
<i>Melanogrammus aeglefinus</i>	HAD	An chadóg
<i>Merlangius merlangus</i>	WHG	An faoitín
<i>Merluccius merluccius</i>	HKE	An colmóir
<i>Micromesistius poutassou</i>	WHB	An faoitín gorm
<i>Microstomus kitt</i>	LEM	An leathóg mhín
<i>Molva dypterygia</i>	BLI	An langa gorm
<i>Molva molva</i>	LIN	An langa
<i>Nephrops norvegicus</i>	NEP	Gliomach na hIorua
<i>Pagellus bogaraveo</i>	SBR	An deargán
<i>Pandalus borealis</i>	PRA	An séacla Artach
<i>Penaeus</i> spp.	PEN	Cloicheáin ‘Penaeus’
<i>Pleuronectes platessa</i>	PLE	An leathóg
<i>Pleuronectiformes</i>	FLX	An t-iasc leathógach
<i>Pollachius pollachius</i>	POL	An mangach
<i>Pollachius virens</i>	POK	An glasán
<i>Pseudopentaceros</i> spp.	EDW	An cruacheann peiligeach
<i>Raja brachyura</i>	RJH	An roc fionn
<i>Leucoraja circularis</i>	RJI	An roc gainmheach
<i>Raja clavata</i>	RJC	An roc garbh
<i>Raja microocellata</i>	RJE	An roc mionsúileach

Ainm eolaíoch	Cód Alpha-3	Gnáthainm
<i>Raja montagui</i>	RJM	An roc mín
<i>Raja undulata</i>	RJU	An roc dústrioctha
<i>Rajiformes</i>	SRX	Sciataí agus roic
<i>Reinhardtius hippoglossoides</i>	GHL	An haileabó Graonlannach
<i>Rostroraja alba</i>	RJA	An sciata bán
<i>Scomber scombrus</i>	MAC	An ronnach
<i>Scophthalmus maximus</i>	TUR	An turbard
<i>Scophthalmus rhombus</i>	BLL	An bhroit
<i>Sebastes spp.</i>	RED	An phéirse mhara
<i>Solea solea</i>	SOL	An sól coiteann
<i>Solea spp.</i>	SOO	An sól
<i>Sprattus sprattus</i>	SPR	An salán
<i>Squalus acanthias</i>	DGS	An fíogach gobach
<i>Tetrapturus albidus</i>	WHM	An mairlín geal
<i>Thunnus alalunga</i>	ALB	An tuinnín colgach
<i>Thunnus maccoyii</i>	SBF	An tuinnín gorm deisceartach
<i>Thunnus obesus</i>	BET	An tuinnín mórshúileach
<i>Thunnus thynnus</i>	BFT	An tuinnín gorm
<i>Trachurus murphyi</i>	CJM	An bolmán Sileach
<i>Trachurus spp.</i>	JAX	An bolmán
<i>Trisopterus esmarkii</i>	NOP	An trosc Ioruach
<i>Urophycis tenuis</i>	HKW	An colmóir bán
<i>Xiphias gladius</i>	SWO	An colgán

IARSCRÍBHINN IA

SKAGERRAK, KATTEGAT, FOLIMISTÉIR 1 GO 10, 12 AGUS 14,
ICES, UISCÍ AN AONTAIS IN CECAF, UISCÍ GHUÁIN NA FRAINCE

CUID A

Stoic uathrialacha an Aontais

Tábla 1

Speiceas:	An t-ainseabhaí	Limistéar:	8
	<i>Engraulis encrasicolus</i>		(ANE/08.)
An Spáinn	29 700	TAC anailíseach	
An Fhrainc	3 300		
An tAontas	33 000		
TAC	33 000		

Tábla 2

Speiceas:	An t-ainseabhaí	Limistéar:	9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1
	<i>Engraulis encrasicolus</i>		(ANE/9/3411)
An Spáinn	0 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Phortaingéil	0 ⁽¹⁾		
An tAontas	0 ⁽¹⁾		
TAC	0 ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

Tábla 3

Speiceas:	An trosce <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	Kattegat (COD/03AS.)
An Danmhairg	53,68 (1)(2)	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	1,11 (1)(2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tSualainn	32,21 (1)(2)		
An tAontas	87 (1)(2)		
TAC	87 (1)(2)		

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo.

(2) De bhreis ar na cuótaí seo, féadfaidh Ballstát cionroinnt bhreise a dheonú do shoithí iascaireachta a mbíonn bratach an Bhallstáit féin sin ar foluain acu agus atá rannpháirteach i dtrialacha ar chianfhaireachán leictreonach, laistigh d'uasteorainn 30 % den iarracht iascaireachta arna cionroinnt ar an mBallstát sin. Ní ghabhfaidh aon soitheach iascaireachta atá rannpháirteach i dtrialacha ar chianfhaireachán leictreonach níos mó ná 300 kg. Tuairisceofar ar leithligh na gabhálacha a dhéanfar faoin gcionroinnt bhreise sin (COD/03AS_REM). Beidh sin gan dochar don chobhsaíocht choibhneasta.

Tábla 4

Speiceas:	An méagram scoilteán <i>Lepidorhombus spp.</i>	Limistéar:	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (LEZ/8C3411)
An Spáinn	3 210	TAC anailiseach	
An Fhrainc	160	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Phortaingéil	107		
An tAontas	3 477		
TAC	3 622		

Tábla 5

Speiceas:	An láimhíneach <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (ANF/8C3411)
An Spáinn	3 715	TAC anailiseach	
An Fhrainc	4	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Phortaingéil	739		
An tAontas	4 458		
TAC	4 650		

Tábla 6

Speiceas:	An faoitín <i>Merlangius merlangus</i>	Limistéar:	8 (WHG/08.)
Bliain	2024 agus 2025		
An Spáinn	539	TAC anailíseach	
An Fhrainc	808		
An tAontas	1 347		
TAC	1 347		

Tábla 7

Speiceas:	An colmóir <i>Merluccius merluccius</i>	Limistéar:	8c, 9 agus 10; uisce an Aontais in CECAF 34.1.1 (HKE/8C3411)
An Spáinn	10 921	TAC anailíseach	
An Fhrainc	1 048	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Phortaingéil	5 096		
An tAontas	17 065		
TAC	17 445		

Tábla 8

Speiceas:	Gliomach na hIorua <i>Nephrops norvegicus</i>	Limistéar:	3a (NEP/03A.)
An Danmhairg	5 763	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	17		
An tSualainn	2 062		
An tAontas	7 842		
TAC	8 410		

Tábla 9

Speiceas:	Gliomach na hIorua <i>Nephrops norvegicus</i>	Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (NEP/8ABDE.)
An Spáinn	239	TAC anailíseach	
An Fhrainc	3 738		
An tAontas	3 977		
TAC	5 786		

Tábla 10

Speiceas:	Gliomach na hIorua <i>Nephrops norvegicus</i>	Limistéar:	8c, aonad feidhmiúil 25 (NEP/8CU25)
Bliain	2024 agus 2025		
An Spáinn	0	TAC anailíseach	
An Fhrainc	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0		

Tábla 11

Speiceas:	Gliomach na hIorua <i>Nephrops norvegicus</i>	Limistéar:	8c, aonad feidhmiúil 31 (NEP/8CU31)
An Spáinn	12,40	TAC anailíseach	
An Fhrainc	0,00		
An tAontas	12,40		
TAC	12,40		

Tábla 12

Speiceas:	Gliomach na hIorua <i>Nephrops norvegicus</i>	Limistéar:	9 agus 10; uisce an Aontais in CECAF 34.1.1 (NEP/9/3411)
An Spáinn	60 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Phortaingéil	179 ⁽¹⁾		
An tAontas	239 ⁽¹⁾⁽²⁾		
TAC	239 ⁽¹⁾⁽²⁾		

⁽¹⁾ Ní thógfar in aonaid fheidhmiúla 26 ná 27 de roinn 9a.

⁽²⁾ Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an méid a leanas a ghabháil in aonad feidhmiúil 30 de roinn 9a (NEP/*9U30):

32

Tábla 13

Speiceas:	Cloicheáin ‘Penaeus’ <i>Penaeus</i> spp.	Limistéar:	Uisce Ghuáin na Fraince (PEN/FGU.)
An Fhrainc	Le bunú ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An tAontas	Le bunú ⁽¹⁾⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú ⁽¹⁾⁽²⁾		

⁽¹⁾ Toirmiscear séaclaí *Penaeus subtilis* agus *Penaeus brasiliensis* a iascach in uisce atá níos lú ná 30 méadar ar doimhneacht.

⁽²⁾ Socraithe ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Fraince.

Tábla 14

Speiceas:	An leathóg <i>Pleuronectes platessa</i>	Limistéar:	Kattegat (PLE/03AS.)
An Danmhairg	1 116	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	13	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An tSualainn	126		
An tAontas	1 255		
TAC	2 349		

Tábla 15

Speiceas:	An leathóg <i>Pleuronectes platessa</i>	Limistéar:	7b agus 7c (PLE/7BC.)
Bliain	2024, 2025 agus 2026		
An Fhrainc	2	TAC réamhchúraim	
Éire	13		
An tAontas	15		
TAC	15		

Tábla 16

Speiceas:	An leathóg <i>Pleuronectes platessa</i>	Limistéar:	8, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (PLE/8/3411)
Bliain	Gach 2024 agus 2025		
An Spáinn	21	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	82		
An Phortaingéil	21		
An tAontas	124		
TAC	124		

Tábla 17

Speiceas:	An mangach <i>Pollachius pollachius</i>	Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (POL/8ABDE.)
An Spáinn	85 ⁽¹⁾	TAC anaíliseach	
An Fhrainc	415 ⁽¹⁾		
An tAontas	500 ⁽¹⁾		
TAC	500 ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Ní fhéadfár an cóta seo a iascach ach ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

Tábla 18

Speiceas:	An mangach <i>Pollachius pollachius</i>	Limistéar:	8c (POL/08C.)
Bliain	Gach 2024 agus 2025		
An Spáinn	70	TAC anailíseach	
An Fhrainc	8		
An tAontas	78		
TAC	78		

Tábla 19

Speiceas:	An mangach <i>Pollachius pollachius</i>	Limistéar:	9 agus 10; uiscí an Aontais in CEECAF 34.1.1 (POL/9/3411)
Bliain	2024 agus 2025		
An Spáinn	93 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Phortaingéil	3 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	96 ⁽¹⁾		
TAC	96 ⁽²⁾		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfár suas le 100 % de a iascach in 8c (POL/*08C.).

⁽²⁾ Sa bhreis ar an TAC seo, féadfaidh an Phortaingéil cainníochtaí mangach nach rachaidh thar 98 dtona a iascach (POL/93411P).

Tábla 20

Speiceas:	An sól coiteann <i>Solea solea</i>	Limistéar:	3a; uiscí an Aontais i bhForanna 22-24 (SOL/3ABC24)
An Danmhairg	275	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	16 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	26 ⁽¹⁾		
An tSualainn	10		
An tAontas	327		
TAC	327		

⁽¹⁾ Ní fhéadfár an cuóta seo a iascach ach in uiscí an Aontais in 3a agus i bhforanna 22-24.

Tábla 21

Speiceas:	An sól coiteann <i>Solea solea</i>	Limistéar:	7b agus 7c (SOL/7BC.)
Bliain	2024, 2025 agus 2026		
An Fhrainc	1	TAC réamhchúraim	
Éire	14		
An tAontas	15		
TAC	15		

Tábla 22

Speiceas:	An sól coiteann <i>Solea solea</i>	Limistéar:	8a agus 8b (SOL/8AB.)
An Bheilg	30	TAC anailíseach	
An Spáinn	5		
An Fhrainc	2 231		
An Ísiltír	167		
An tAontas	2 433		
TAC	2 489		

Tábla 23

Speiceas:	An sól <i>Solea</i> spp.	Limistéar:	8c, 8d, 8e, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (SOO/8CDE34)
Bliain	Gach 2024 agus 2025		
An Spáinn	204		TAC réamhchúraim
An Phortaingéil	337		
An tAontas	541 ⁽¹⁾		
TAC	541 ⁽¹⁾		
⁽¹⁾	Laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas den sól coiteann (<i>Solea solea</i>) a ghabháil (SOL/8CDE34):		
	209		

Tábla 24

Speiceas:	An bolmán <i>Trachurus</i> spp.	Limistéar:	9 (JAX/09.)
An Spáinn	43 032 ⁽¹⁾		TAC anailiseach
An Phortaingéil	123 295 ⁽¹⁾		Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo
An tAontas	166 327		
TAC	173 873		
⁽¹⁾	Coinníoll speisialta: féadfar suas le 0 % den chuóta seo a iascach in 8c (JAX/*08C.).		

Tábla 25

Speiceas:	An bolmán <i>Trachurus spp.</i>	Limistéar:	10; Uiscí an Aontais in CEEAF(1) (JAX/X34PRT)
An Phortaingéil	Le bunú	TAC réamhchúraim	
An tAontas	Le bunú ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú ⁽²⁾		
(1)	Uiscí atá cóngarach do na hAsóir.		
(2)	Socraithe ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Portaingéile.		

Tábla 26

Speiceas:	An bolmán <i>Trachurus spp.</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais in CEEAF(1) (JAX/341PRT)
An Phortaingéil	Le bunú	TAC réamhchúraim	
An tAontas	Le bunú ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú ⁽²⁾		
(1)	Uiscí atá cóngarach do Mhaidéara.		
(2)	Socraithe ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Portaingéile.		

Tábla 27

Speiceas:	An bolmán <i>Trachurus spp.</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais in CEEAF(1) (JAX/341SPN)
An Spáinn	Le bunú	TAC réamhchúraim	
An tAontas	Le bunú ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo	
TAC	Le bunú ⁽²⁾		
(1)	Uiscí atá cóngarach do na hOileáin Chanáracha.		
(2)	Socraithe ag an gcainníocht chéanna agus atá i gcuóta na Spáinne.		

CUID B
Stoic chomhroinnte

Tábla 1

Speiceas: An spéirlint agus foghabhálacha gaolmhara <i>Ammodytes</i> spp.	Limistéar: uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a	
An Danmhairg	0 ⁽¹⁾	TAC anailíseach
An Ghearmáin	0 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tSualainn	0 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tAontas	0	
An Ríocht Aontaithe	0	
TAC	0	

⁽¹⁾ Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus ronnach (OT1/*2A3A4X). Foghabhálacha faoitíní agus ronnach arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcúótaí sin, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil sna limistéir bhainistíochta seo a leanas le haghaidh spéirlintí, mar a shainítear in Iarscribhinn III:

Limistéar: uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais ina bhfuil limistéir bhainistíochta le haghaidh spéirlintí

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SAN/234_1R) ⁽¹⁾	(SAN/234_2R) ⁽¹⁾	(SAN/234_3R) ⁽¹⁾	(SAN/234_4) ⁽¹⁾	(SAN/234_5R) ⁽¹⁾	(SAN/234_6) ⁽¹⁾	(SAN/234_7R) ⁽¹⁾
An Danmhairg	0	0	0	0	0	0	0
An Ghearmáin	0	0	0	0	0	0	0
An tSualainn	0	0	0	0	0	0	0
An tAontas	0	0	0	0	0	0	0
An Ríocht Aontaithe	0	0	0	0	0	0	0
Iomlán	0	0	0	0	0	0	0

⁽¹⁾ Laistigh den limistéar bainistíochta sin amháin, is féidir suas le 10 % den chuóta sin a thaisceadh agus a úsáid an bhliain dár gcionn.

Tábla 2

Speiceas:	An t-airgintín mór <i>Argentina silus</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2 (ARU/1/2.)
An Ghearmáin	14	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	5		
An Ísiltír	12		
An tAontas	31		
An Ríocht Aontaithe	24		
TAC	55		

Tábla 3

Speiceas:	An t-airgintín mór <i>Argentina silus</i>	Limistéar:	uisce na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí an Aontais in 3a (ARU/3A4-C)
An Danmhairg	662	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	7		
An Fhrainc	5		
Éire	5		
An Ísiltír	31		
AntSualainn	26		
An tAontas	736		
An Ríocht Aontaithe	12		
TAC	748		

Tábla 4

Speiceas:	An t-airgintín mór <i>Argentina silus</i>	Limistéar:	6 agus 7; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5 (ARU/567.)
An Ghearmáin	640	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	13		
Éire	593		
An Ísiltír	6683		
An tAontas	7929		
An Ríocht Aontaithe	469		
TAC	8398		

Tábla 5

Speiceas:	An torsa <i>Brosme brosmé</i>	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2 agus 14 (USK/1214EI)
An Ghearmáin	4,5 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	4,5 ⁽¹⁾		
Eile	2 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	11 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	5 ⁽¹⁾		
TAC	16 ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh spriocdhírthe faoin TAC seo.

⁽²⁾ Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/1214EI_AMS).

Tábla 6

Speiceas:	An torsa	Limistéar:	uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce an Aontais in 4 (USK/04-C.)
	<i>Brosme brosmé</i>		
An Danmhairg	56 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	17 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	39 ⁽¹⁾		
An tSualainn	6 ⁽¹⁾		
Eile	6 ⁽²⁾		
An tAontas	124 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	84 ⁽¹⁾		
TAC	208		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 25 % de a iascach in uisce na Ríochta Aontaithe, uisce an Aontais agus uisce idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58° 30' T (USK/*6AN58).

⁽²⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/04-C_AMS).

Tábla 7

Speiceas:	An torsa <i>Brosme brosmé</i>	Limistéar:	6 agus 7; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5 (USK/567EI.)
An Ghearmáin	95 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Spáinn	334 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	3962 ⁽¹⁾		
Éire	382 ⁽¹⁾		
Eile	95 ⁽²⁾		
An tAontas	4868 ⁽¹⁾		
An Iorua	0 ⁽³⁾⁽⁴⁾⁽⁵⁾		
An Ríocht Aontaithe	2072 ⁽¹⁾		
TAC	6940		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4 (USK/*04-C.).

⁽²⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/567EI_AMS).

⁽³⁾ Coinníoll speisialta: lena n-údaraitear gabháil de thaisme 25 % in aghaidh an tsoithigh de speicis eile, tráth ar bith, in 6 agus 7, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5. Féadfar dul thar an gcéatadán sin, áfach, sna chéad 24 uair an chloig tar éis thús na hiascaireachta ar mheá ar leith. Ní rachaidh an ghabháil de thaisme iomlán de speicis eile in 6 agus 7 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5 thar an méid a thugtar thíos (OTH/*5B67-). Ní fhéadfaidh foghabháil trosc faoin bhforáil seo dul thar 5 % i limistéar 6a.

0

⁽⁴⁾ Lena n-áirítear langaí. Ní dhéanfar na cuótaí seo a leanas le haghaidh na hIorua a iascach ach le spiléir in 6 agus 7 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5:

An langa (LIN/*5B67-)	0
An torsa (USK/*5B67-)	0

⁽⁵⁾ Tá na cuótaí torsaí agus langaí le haghaidh na hIorua idirghalartaithe suas leis an méid seo a leanas:

0

Tábla 8

Speiceas:	An torsa	Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (USK/04-N.)
	<i>Brosme brosme</i>		
An Bheilg	0	TAC réamhchúraim	
An Danmhairg	50	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	0		
An Fhrainc	0		
An Ísiltír	0		
An tAontas	50		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Tábla 9

Speiceas:	An torciasc	Limistéar:	6, 7 agus 8 (BOR/678-)
	<i>Caproidae</i>		
An Danmhairg	6711	TAC réamhchúraim	
Éire	18 899		
An tAontas	25 610		
An Ríocht Aontaithe	1739		
TAC	27 349		

Tábla 10

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	3a (HER/03A.)
An Danmhairg	12 498	⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	TAC anailíseach
An Ghearmáin	200	⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tSualainn	13 073	⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tAontas	25 771	⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An Iorua	3964	⁽²⁾	
TAC	29 735		

⁽¹⁾ Gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil méid a mogaill cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.

⁽²⁾ Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A.) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a:

An Danmhairg	554
An Ghearmáin	8
An tSualainn	407
An tAontas	969
An Iorua	167

⁽³⁾ Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den mhéid sin a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe in 4 (HER/*4-UK), agus féadfar suas le 50 % a iascach in uiscí an Aontais in 4b (HER/*4B-EU):

Tábla 11

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	uisce an Aontais, na Ríochta Aontaithe agus na hIorua in 4 lastuaidh de 53° 30' T (HER/4AB.)
An Danmhairg	77 892	TAC anailiseach	
An Ghearmáin	48 595	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	21 783		
An Ísiltír	56 422		
An tSualainn	4765		
An tAontas	209 457		
Oileáin Fharó	0		
An Iorua	147 994 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	96 736		
TAC	510 323		
(1)	Gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil méid a mogaill cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.		
(2)	Gabhálacha a thógtar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC. Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a leanas a ghabháil in uisce an Aontais in 4b (HER/*04B-C): 2700		
Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcúotáí sin, ní fhéadfaidh an tAontas níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil in uisce na hIorua laisteach de 62°T: uisce na hIorua laisteach de 62° T (HER/*4N-S62)			
An tAontas	2700		

Tábla 12

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	Uisce na hIorua laistea de 62°T (HER/4N-S62)
An tSualainn	1128 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An tAontas	1128	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		
⁽¹⁾	Ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas sin.		

Tábla 13

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	3a (HER/03A-BC)								
An Danmhairg	5692 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	TAC anailíseach									
An Ghearmáin	51 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo									
An tSualainn	916 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾										
An tAontas	6659 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾										
TAC	6659 ⁽²⁾										
⁽¹⁾	Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar mar fhoghabháil in iascaigh a úsáideann líonta ar lú ná 32 mm méid a mogaill.										
⁽²⁾	Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a:										
	<table border="1"> <tr> <td>An Danmhairg</td> <td>554</td> </tr> <tr> <td>An Ghearmáin</td> <td>8</td> </tr> <tr> <td>An tSualainn</td> <td>407</td> </tr> <tr> <td>An tAontas</td> <td>969</td> </tr> </table>			An Danmhairg	554	An Ghearmáin	8	An tSualainn	407	An tAontas	969
An Danmhairg	554										
An Ghearmáin	8										
An tSualainn	407										
An tAontas	969										
⁽³⁾	Coinníoll speisialta: féadfar suas le 100 % den mhéid seo a iascach in uisce an Aontais in 4 (HER/*4-EU-BC).										

Tábla 14

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	4 agus 7d; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (HER/2A47DX)
An Bheilg	38	TAC anailíseach	
An Danmhairg	7388	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	38		
An Fhrainc	38		
An Ísiltír	38		
An tSualainn	36		
An tAontas	7576		
An Ríocht Aontaithe	140		
TAC	7716		
⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar mar fhoghabháil in iascaigh a úsáideann líonta ar lú ná 32 mm méid a mogaill.			

Tábla 15

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	4c agus 7d ⁽²⁾ (HER/4CXB7D)
An Bheilg	9170 ⁽³⁾	TAC anailíseach	
An Danmhairg	1223 ⁽³⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	763 ⁽³⁾		
An Fhrainc	13 741 ⁽³⁾		
An Ísiltír	24 430 ⁽³⁾		
An tAontas	49 327 ⁽³⁾		
An Ríocht Aontaithe	6809 ⁽³⁾		
TAC	510 323		
⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil méid a mogaill cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.			
⁽²⁾ Cé is moite de stoc Blackwater: eadhon stoc na scadán i réigiún muiri inbhear na Tamaise laistigh de limistéar atá teorannaithe le rumlíne a théann ó dheas díreach ó Landguard Point (51° 56' T, 1° 19.1' O) go domhanleithead 51° 33' T agus as sin siar díreach go pointe ar chósta na Ríochta Aontaithe.			
⁽³⁾ Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den chuóta seo a thógáil in 4b (HER/*04B.).			

Tábla 16

Speiceas:	An scadán	Limistéar:	6b agus 6aN; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b ⁽¹⁾
	<i>Clupea harengus</i>		(HER/5B6ANB)
An Ghearmáin	140 ⁽²⁾	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	26 ⁽²⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
Éire	189 ⁽²⁾		
An Ísiltír	140 ⁽²⁾		
An tAontas	495 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	959 ⁽²⁾		
TAC	1454		

⁽¹⁾ Táthar ag tagairt don stoc scadán sa chuid sin de roinn 6a atá lastoir de 7° I agus lastuaidh de 55° T, nó laistiar de 7° I agus lastuaidh de 56° T, cé is moite de Chaolas Chluaidh.

⁽²⁾ Toirmiscfear díriú ar aon scadán sa chuid sin de na ranna faoi réir an TAC seo atá idir 56° T agus 57° 30' T, cé is moite de limistéar sé mhuirmhíle arna thomhas ó bhonnlíne fharraige chríochach na Ríochta Aontaithe.

Tábla 17

Speiceas:	An scadán	Limistéar:	6aS ⁽¹⁾ , 7b, 7c
	<i>Clupea harengus</i>		(HER/6AS7BC)
Éire	2064	TAC réamhchúraim	
An Ísiltír	206	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	2270		
TAC	2270		

⁽¹⁾ Táthar ag tagairt don stoc scadán in 6a laisteas de 56° 00' T agus laistiar de 07° 00' I.

Tábla 18

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	7a ⁽¹⁾ (HER/07A/MM)
Éire	218	TAC anailíseach	
An tAontas	218	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ríocht Aontaithe	7061		
TAC	7279		

- (1) Laghdaítear an limistéar seo tríd an limistéar lena bhfuil na teorainneacha seo a leanas a bhaint:
- domhanleithead 52° 30' T ó thuaidh,
 - domhanleithead 52° 00' T ó dheas,
 - cósta na hÉireann ar an taobh thiar,
 - cósta na Ríochta Aontaithe ar an taobh thoir.

Tábla 19

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	7e agus 7f (HER/7EF.)
An Fhrainc	223	TAC réamhchúraim	
An tAontas	223		
An Ríocht Aontaithe	223		
TAC	446		

Tábla 20

Speiceas:	An scadán	Limistéar:	7a laisteas de 52°30' T; 7g ⁽¹⁾ , 7h ⁽¹⁾ , 7j ⁽¹⁾ agus 7k ⁽¹⁾ (HER/7G-K.)
	<i>Clupea harengus</i>		
An Ghearmáin	10 ⁽²⁾	TAC anailíseach	
An Fhrainc	54 ⁽²⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
Éire	750 ⁽²⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ísiltír	54 ⁽²⁾		
An tAontas	868 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	1 ⁽³⁾		
TAC	869		

⁽¹⁾ Méadaítear an limistéar seo tríd an limistéar lena bhfuil na teorainneacha seo a leanas a chur leis:

- domhanleithead 52° 30' T ó thuaidh,
- domhanleithead 52° 00' T ó dheas,
- cósta na hÉireann ar an taobh thiar,
- cósta na Ríochta Aontaithe ar an taobh thoir.

⁽²⁾ Ní fhéadfar an cuóta seo a chionroinnt ach ar shoithí a bheidh rannpháirteach san iascach faire chun bailiú sonraí iascachbhunaithe a cheadú le haghaidh an stoic seo mar a mheas ICES é. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann ainm nó ainmneacha an tsoithigh nó na soithí in iúl don Choimisiún sula gceadófar aon ghabháil.

⁽³⁾ Ní fhéadfar an cuóta seo a chionroinnt ach ar shoithí a bheidh rannpháirteach san iascach faire chun bailiú sonraí iascachbhunaithe a cheadú le haghaidh an stoic seo mar a mheas ICES é. Cuirfidh riaracháin iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe ainm nó ainmneacha an tsoithigh nó na soithí in iúl don Eagraíocht um Bainistíocht Mhuirí sula gceadófar aon ghabháil.

Tábla 21

Speiceas:	An trosce <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	Skagerrak (COD/03AN.)
An Bheilg	9	TAC anailíseach	
An Danmhairg	2848	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	71	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ísiltír	18		
An tSualainn	498		
An tAontas	3444		
TAC	3559		

Tábla 22

Speiceas:	An trosc <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; an chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat (COD/2A3AX4)
An Bheilg	607 ⁽¹⁾⁽²⁾	TAC anailíseach	
An Danmhairg	3490	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	2212 ⁽²⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Fhrainc	750 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An Ísiltír	1972 ⁽¹⁾		
An tSualainn	23		
An tAontas	9054		
An Iorua	4233 ⁽³⁾		
An Ríocht Aontaithe	11 613 ⁽¹⁾⁽²⁾		
TAC	24 900		
⁽¹⁾	Coinníoll speisialta: a bhféadfár suas le 5 % de a iascach in: 7d (COD/*07D.).		
⁽²⁾	Coinníoll speisialta: a bhféadfár suas le 10 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58° 30' T (COD/*6AN58).		
⁽³⁾	Nach bhféadfár níos mó ná an chainníocht a leanas a ghabháil in uiscí an Aontais (COD/*3AX4-EU): Gabhálacha a thógfár laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.		
	3522		
Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcútaí seo, ní fhéadfár níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil sa limistéar seo a leanas:			
	uiscí na hIorua in 4 (COD/*04N-)		
An tAontas	6551		

Tábla 23

Speiceas:	An trosc <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	uisce na hIorua laisteas de 62°T (COD/4N-S62)
An tSualainn	382 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An tAontas	382	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		
⁽¹⁾	Ní mór foghabhálacha cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas seo.		

Tábla 24

Speiceas:	An trosc <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	6b; uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce idirnáisiúnta in 5b laistiar de 12° 00' 1 agus in 12 agus 14 (COD/5W6-14)
An Bheilg	0 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	1 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	7 ⁽¹⁾		
Éire	12 ⁽¹⁾		
An tAontas	20 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	54 ⁽¹⁾		
TAC	74 ⁽¹⁾		
⁽¹⁾	Go heisiach le haghaidh foghabhálacha trosc in iascach le haghaidh speicis eile. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe ar an trosc faoin gcuóta seo.		

Tábla 25

Speiceas:	An trosc <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	6a; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b lastoir de 12° 00' I (COD/5BE6A)
An Bheilg	1	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	9	Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo	
An Fhrainc	98	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
Éire	185	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	293		
An Ríocht Aontaithe	1099		
TAC	1392		

Tábla 26

Speiceas:	An trosc <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	7a (COD/07A.)
An Bheilg	2 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	6 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
Éire	82 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	1 ⁽¹⁾		
An tAontas	91 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	74 ⁽¹⁾		
TAC	165 ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha trosc in iascach le haghaidh speicis eile. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe ar an trosc faoin gcuóta seo.

Tábla 27

Speiceas:	An trosc	Limistéar:	7b, 7c, 7e-k, 8, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (COD/7XAD34)
	<i>Gadus morhua</i>		
An Bheilg	14 ⁽¹⁾	TAC anailiseach	
An Fhrainc	230 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo	
Éire	335 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ísiltír	0 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	579 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	65 ⁽¹⁾		
TAC	644 ⁽¹⁾		
⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha trosc in iascach le haghaidh speicis eile. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe ar an trosc faoin gcúóta seo.			

Tábla 28

Speiceas:	An trosc	Limistéar:	7d (COD/07D.)
	<i>Gadus morhua</i>		
An Bheilg	62 ⁽¹⁾	TAC anailiseach	
An Fhrainc	1218 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ísiltír	36 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	1316 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	134 ⁽²⁾		
TAC	1450		
⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in 4, sa chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (COD/*2A3X4).			
⁽²⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4, sa chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (COD/*2A3X4).			

Tábla 29

Speiceas:	Leathóg bhán <i>Glyptocephalus cynoglossus</i>	Limistéar:	uisce an Aontais in 3a (WIT/03A-C.)
-----------	---	------------	--

Le bunú ⁽¹⁾

⁽¹⁾ A bhféadfar suas le 100 % de a iascach in uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce an Aontais in 4; uisce na Ríochta Aontaithe in 2a (WIT/*2AC4-C1)

Tábla 30

Speiceas:	An méagram scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar:	uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce an Aontais in 4; uisce na Ríochta Aontaithe in 2a (LEZ/2AC4-C)
-----------	---	------------	---

An Bheilg	9	⁽¹⁾	TAC anailíseach
An Danmhairg	8	⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo
An Ghearmáin	8	⁽¹⁾	
An Fhrainc	48	⁽¹⁾	
An Ísiltír	39	⁽¹⁾	
An tAontas	112	⁽¹⁾	
An Ríocht Aontaithe	2874	⁽¹⁾	
TAC	2986		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 20 % de a iascach in uisce na Ríochta Aontaithe, uisce an Aontais agus uisce idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58°30' T (LEZ/*6AN58).

Tábla 31

Speiceas:	An méagram scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar:	6; uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce idirnáisiúnta in 5b; uisce idirnáisiúnta in 12 agus 14 (LEZ/56-14)
-----------	---	------------	--

An Spáinn	566	⁽¹⁾	TAC anailíseach
An Fhrainc	2207	⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo
Éire	645	⁽¹⁾	
An tAontas	3418	⁽¹⁾	
An Ríocht Aontaithe	2611	⁽¹⁾	
TAC	6029		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 25 % de a iascach in: uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce an Aontais in 2 a agus 4 (LEZ/*2AC4C).

Tábla 32

Speiceas:	An méagram scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar: 7 (LEZ/07.)
An Bheilg	548 ⁽¹⁾	TAC anailiseach
An Spáinn	6090 ⁽²⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo
An Fhrainc	7393 ⁽²⁾	
Éire	3360 ⁽²⁾	
An tAontas	17 391	
An Ríocht Aontaithe	4604 ⁽²⁾	
TAC	21 995	
⁽¹⁾ Féadfar 10 % den chuóta seo a úsáid in 8a, 8b, 8d agus 8e (LEZ/* 8ABDE) le haghaidh foghabhálacha in iascaigh spriocdhírthe le haghaidh an tsóil.		
⁽²⁾ Féadfar 35 % den chuóta seo a iascach in 8a, 8b, 8d agus 8e (LEZ/* 8ABDE).		

Tábla 33

Speiceas:	An méagram scoilteán <i>Lepidorhombus</i> spp.	Limistéar: 8a, 8b, 8d agus 8e (LEZ/8ABDE.)
An Spáinn	1204	TAC anailiseach
An Fhrainc	971	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo
An tAontas	2175	
TAC	2175	

Tábla 34

Speiceas:	An láimhíneach <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (ANF/2AC4-C)
An Bheilg	152	(1)(2)	TAC réamhchúraim
An Danmhairg	337	(1)(2)	
An Ghearmáin	164	(1)(2)	
An Fhrainc	31	(1)(2)	
An Ísiltír	115	(1)(2)	
An tSualainn	4	(1)(2)	
An tAontas	803	(1)(2)	
An Ríocht Aontaithe	6408	(1)(2)	
TAC	7211		
(1)	Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 30 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58° 30' T (ANF/*6AN58).		
(2)	Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe in 6a laistear de 58°30' T; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (ANF/*56-14).		

Tábla 35

Speiceas:	An láimhíneach <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (ANF/04-N.)
An Bheilg	33		TAC réamhchúraim
An Danmhairg	842		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Ghearmáin	13		
An Ísiltír	12		
An tAontas	900		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Tábla 36

Speiceas:	An láimhíneach	Limistéar:	6; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (ANF/56-14)
	<i>Lophiidae</i>		
An Bheilg	120 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	137 ⁽¹⁾		
An Spáinn	128 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	1475 ⁽¹⁾		
Éire	334 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	116 ⁽¹⁾		
An tAontas	2310 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	1772 ⁽¹⁾		
TAC	4082		
⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfár suas le 20 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a agus 4 (ANF/*2AC4C).			

Tábla 37

Speiceas:	An láimhíneach	Limistéar:	7 (ANF/07.)
	<i>Lophiidae</i>		
An Bheilg	4182 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	466 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Spáinn	1662 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	26 837 ⁽¹⁾		
Éire	3430 ⁽¹⁾		
An Ísiltír	542 ⁽¹⁾		
An tAontas	37 119 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	11 056 ⁽¹⁾		
TAC	48 175		
⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfár suas le 10 % de a iascach in 8a, 8b, 8d agus 8e (ANF/*8ABDE).			

Tábla 38

Speiceas:	An láimhíneach <i>Lophiidae</i>	Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (ANF/8ABDE.)
An Spáinn	1966	TAC anailíseach	
An Fhrainc	10 940	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An tAontas	12 906		
TAC	12 906		

Tábla 39

Speiceas:	An chadóg <i>Melanogrammus aeglefinus</i>	Limistéar:	3a (HAD/03A.)
An Bheilg	30	TAC anailíseach	
An Danmhairg	5022	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	319		
An Ísiltír	6		
An tSualainn	594		
An tAontas	5971		
TAC	6233		

Tábla 40

Speiceas:	An chadóg	Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (HAD/2AC4.)
	<i>Melanogrammus aeglefinus</i>		
An Bheilg	601 (1)(2)	TAC anailiseach	
An Danmhairg	4133 (1)(2)	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	2630 (1)(2)		
An Fhrainc	4585 (1)		
An Ísiltír	451 (1)(2)		
An tSualainn	369 (1)(2)		
An tAontas	12 769 (1)		
An Iorua	23 327 (3)		
An Ríocht Aontaithe	65 325		
TAC	101 421		

(1) a bhféadfár suas le 10 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58° 30' T (HAD/*6AN58).

(2) Coinníoll speisialta: a bhféadfár suas le 5 % de a iascach in 3a (HAD/*03A.).

(3) A bhféadfár 19 410 tona de a thógáil in uiscí an Aontais (HAD/*04-EU). Gabhálacha a thógfár laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfár níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

uiscí na hIorua in 4 (HAD/*04N-)

An tAontas	7907
------------	------

Tábla 41

Speiceas:	An chadóg	Limistéar:	Uiscí na hIorua laistias de 62°T (HAD/4N-S62)
	<i>Melanogrammus aeglefinus</i>		
An tSualainn	707 (1)	TAC anailiseach	
An tAontas	707	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

(1) Ní mór foghabhálacha trosc, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas seo.

Tábla 42

Speiceas:	An chadóg	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 6b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (HAD/6B1214)
	<i>Melanogrammus aeglefinus</i>		
An Bheilg	8	TAC anailiseach	
An Ghearmáin	8	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	355		
Éire	255		
An tAontas	626		
An Ríocht Aontaithe	3452		
TAC	4078		

Tábla 43

Speiceas:	An chadóg	Limistéar:	6a; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b (HAD/5BC6A.)
	<i>Melanogrammus aeglefinus</i>		
An Bheilg	18 ⁽¹⁾	TAC anailiseach	
An Ghearmáin	19 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	825 ⁽¹⁾		
Éire	1329 ⁽¹⁾		
An tAontas	2191 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	9110		
TAC	11 301		

⁽¹⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfadh suas le 25 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a agus 4 (HAD/*2AC4).

Tábla 44

Speiceas:	An chadóg <i>Melanogrammus aeglefinus</i>	Limistéar:	7b-k, 8, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CEECAF 34.1.1 (HAD/7X7A34)
An Bheilg	76	TAC anailíseach	
An Fhrainc	4549	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
Éire	1516		
An tAontas	6141		
An Ríocht Aontaithe	1584		
TAC	8252		

Tábla 45

Speiceas:	An chadóg <i>Melanogrammus aeglefinus</i>	Limistéar:	7a (HAD/07A.)
An Bheilg	31	TAC anailíseach	
An Fhrainc	140	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
Éire	839		
An tAontas	1010		
An Ríocht Aontaithe	1253		
TAC	2263		

Tábla 46

Speiceas:	An faoitín <i>Merlangius merlangus</i>	Limistéar:	3a (WHG/03A.)
An Danmhairg	562	TAC réamhchúraim	
An Ísiltír	2		
An tSualainn	60		
An tAontas	624		
TAC	676		

Tábla 47

Speiceas:	An faoitín	Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (WHG/2AC4.)
	<i>Merlangius merlangus</i>		
An Bheilg	1224	TAC anailíseach	
An Danmhairg	5292	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	1377		
An Fhrainc	7953		
An Ísiltír	3059		
An tSualainn	7		
An tAontas	18 912		
An Iorua	7670 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	49 610		
TAC	76 697		

(1) A bhféadfár 6 382 thona de a thógáil in uiscí an Aontais (WHG/*04-EU). Gabhála a thógfár laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfár níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil sa limistéar seo a leanas:

uiscí na hIorua in 4 (WHG/*04N-)

An tAontas	10 953
------------	--------

Tábla 48

Speiceas:	An faoitín	Limistéar:	6; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (WHG/56-14)
	<i>Merlangius merlangus</i>		
An Ghearmáin	8	TAC anailíseach	
An Fhrainc	157	Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo	
Éire	935		
An tAontas	1100		
An Ríocht Aontaithe	2063		
TAC	3163		

Tábla 49

Speiceas:	An faoitín <i>Merlangius merlangus</i>	Limistéar: 7a (WHG/07A.)
An Bheilg	2 ⁽¹⁾	TAC anailíseach
An Fhrainc	21 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo
Éire	262 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Ísiltír	1 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tAontas	286 ⁽¹⁾	
An Ríocht Aontaithe	435 ⁽¹⁾	
TAC	721 ⁽¹⁾	
⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha faoitíní in iascach le haghaidh speicis eile. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe ar an bhfaoitín faoin gcuóta seo.		

Tábla 50

Speiceas:	An faoitín <i>Merlangius merlangus</i>	Limistéar:	7b, 7c, 7d, 7e, 7f, 7g, 7h, 7j agus 7k (WHG/7X7A-C)
An Bheilg	225	TAC anailiseach	
An Fhrainc	13 834		
Éire	6411		
An Phortaingéil	2 452,65		
An tAontas	35 815,90 ⁽¹⁾⁽²⁾		
TAC	47 251		
⁽¹⁾	Is é an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a leanas a dhéanfaidh tuinníní colgacha an Tuaiscirt a iascach mar spriocspeiceas: 1 241.		
⁽²⁾	Coinníoll speisialta: Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a leanas a ghabháil in uisce na Ríochta Aontaithe (ALB/*AN05N-UK): 280.00.		

Tábla 8

Speiceas:	Tuinnín colgach an Deiscirt <i>Thunnus alalunga</i>	Limistéar:	an tAigéan Atlantach, laisteas de 5°T (ALB/AS05N)
An Spáinn	870,12	TAC anailíseach	
An Fhrainc	285,95	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Phortaingéil	608,93	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	1 765,00		
TAC	28 000		

Tábla 9

Speiceas:	Tuinníní colgacha na Meánmhara <i>Thunnus alalunga</i>	Limistéar: An Mheánmhuir (ALB/MED)
An Ghréig	399,12	TAC anailíseach
An Spáinn	103,03	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Fhrainc	14,97	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Chróit	6,98	
An Iodáil	1 168,74	
An Chipir	430,99	
Málta	41,10	
An tAontas	2 164,93 ⁽⁴⁾	
TAC	2 500 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	

(1) Chun colgáin óga a chosaint, beidh feidhm ag tréimhse choiscthe freisin maidir le soithí spiléir a bhíonn ag díriú ar thuinníní colgacha na Meánmhara ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain. Ina theannta sin, ní dhéanfar tuinníní colgacha na Meánmhara, mar spriocspeiceas nó mar fhoghabháil, a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír le linn na dtréimhsí a leanas:

An Ghréig, an Chróit, an Iodáil agus an Chipir: an 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain agus an 1 go dtí an 31 Márta;

An Spáinn, an Fhrainc agus Málta: an 1 Eanáir go dtí an 31 Márta.

(2) Déanfaidh gach Ballstát líon na soithí iascaireachta dá gcuid atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha na Meánmhara a theorannú don líon soithí iascaireachta a bhí údaraithe leis an speiceas sin a iascach in 2017. Féadfaidh na Ballstáit lamháltas 10 % a chur i bhfeidhm ar an teorainn acmhainne sin.

(3) Coinníoll speisialta: ní mór foghabhálacha tuinníní colgacha a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo, ach déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (ALB/MED-BC). Déanfar gabhálacha marbha tuinníní colgacha ó iascaigh spóirt agus áineasa a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo, ach déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (ALB/MED-SR).

(4) Tar éis 75 tona a aistriú ón Tuirc.

Tábla 10

Speiceas:	An tuinnín buí <i>Thunnus albacares</i>	Limistéar:	An tAigéan Atlantach (YFT/ATLANT)
TAC	110 000 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
⁽¹⁾ Déanfar gabhálacha tuinníní buí ag soithí peas-saighne (YFT/*ATLPS) agus gabhálacha ag báid spiléireachta dar fad iomlán 20 méadar (YFT/*ATLLL) nó níos mó a thuairisciú ar leithligh.			

Tábla 11

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach <i>Thunnus obesus</i>	Limistéar:	An tAigéan Atlantach (BET/ATLANT)
An Spáinn	7 438,09 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Fhrainc	3 159,38 ⁽¹⁾		
An Phortaingéil	2 823,84 ⁽¹⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	13 421,31 ⁽¹⁾		
TAC	62 000 ⁽¹⁾		
⁽¹⁾ Déanfar gabhálacha tuinníní mórshúileacha ag soithí peas-saighne (BET/*ATLPS) agus gabhálacha ag báid spiléireachta dar fad iomlán 20 méadar (BET/*ATLLL) nó níos mó a thuairisciú ar leithligh. Ó mhí an Mheithimh i leith, nuair a shroichfidh gabhálacha 80 % den chuóta, beidh sé de cheangal ar na Ballstáit gabhálacha na soithí iascaireachta sin a tharchur ar bhonn seachtainiúil.			

Tábla 12

Speiceas:	An tuinnín gorm		Limistéar:
	<i>Thunnus thynnus</i>		an tAigéan Atlantach, lastoir de 45° I, agus an Mheánmhuir (BFT/AE45WM)
An Chipir	188,09	(4)	TAC anailíseach
An Ghréig	349,61		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Spáinn	6 783,67	(2)(4)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Fhrainc	6 693,70	(2)(3)(4)	
An Chróit	1 057,97	(6)	
An Iodáil	5 283,00	(4)(5)	
Málta	433,43	(4)	
An Phortaingéil	637,88		
Ballstáit eile	75,65	(1)	
An tAontas	21 503,00	(2)(3)(4)(5)	
TAC	40 570	(1)	

(1) Cé is moite den Chipir, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, Málta agus an Phortaingéil, agus mar fhoghabháil amháin. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (BSF/AE45WM_AMS).

(2) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*8301):

An Spáinn	1 027,76
An Fhrainc	477,45
An tAontas	1 505,21

(3) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma nach lú ná 6,4 kg a méachan nó nach lú ná 70 cm a bhfad ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*641):

An Fhrainc	100,00
An tAontas	100,00

- (4) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhála tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*8302):

An Spáinn	135,67
An Fhrainc	133,87
An Iodáil	105,66
An Chipir	3,76
Málta	8,67
An tAontas	387,63

- (5) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhála tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*643):

An Iodáil	105,66
An tAontas	105,66

- (5) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhála tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI chun críoch feirmeoireachta (BFT/*8303F):

An Chróit	952,17
An tAontas	52,17

Tábla 13

Speiceas:	An mácó biorshrónach <i>Isurus oxyrinchus</i>	Limistéar:	an tAigéan Atlantach, laistear de 5°T (SMA/AS05N)
An tAontas	503,00 ⁽¹⁾	TAC anailiseach	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
TAC	1 325 ⁽¹⁾⁽²⁾		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
(1)	Cuóta arna shocrú chun liúntas coinneála de chuid an Aontais a chur chun feidhme maidir leis an stoc seo.		
(2)	Le haghaidh foghabhála amháin.		

Tábla 14

Speiceas:	An colgán		Limistéar:
	<i>Xiphias gladius</i>		An tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T (SWO/AN05N)
An Spáinn	5 525,49	(2)	TAC anailiseach
An Phortaingéil	1 004,27	(2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
Ballstáit eile	147,57	(1)(2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tAontas	6 677,33		
TAC	13 200		
(1)	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/AN05N_AMS).		
(2)	Coinníoll speisialta: féadfar suas le 2,39 % den chainníocht seo a iascach san Aigéan Atlantach, laisteach de 5°T (SWO/*AS05N). Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh choinníoll speisialta an chuóta chomhroinnte, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/*AS05N_AMS).		

Tábla 15

Speiceas:	An colgán		Limistéar:
	<i>Xiphias gladius</i>		an tAigéan Atlantach, laisteach de 5°T (SWO/AS05N)
An Spáinn	4 525,88	(1)	TAC anailiseach
An Phortaingéil	298,12	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tAontas	4 824,00		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
TAC	10 000		
(1)	Coinníoll speisialta: féadfar suas le 3,51 % den chainníocht seo a iascach san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (SWO/*AS05N).		

Tábla 16

Speiceas:	An colgán <i>Xiphias gladius</i>		Limistéar:	An Mheánmhuir (SWO/MED)
An Chróit	13,74	(1)(2)	TAC anailiseach	
An Chipir	50,67	(1)(2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Spáinn	1 565,04	(1)(2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Fhrainc	109,08	(1)(2)		
An Ghréig	1 036,02	(1)(2)		
An Iodáil	3 208,46	(1)(2)		
Málta	380,64	(1)(2)		
An tAontas	6 363,63	(1)(2)		
TAC	9 017			
(1)	Ní fhéadfar an cuóta seo a ghabháil ach ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig.			
(2)	Coinníoll speisialta: tá foghabhálacha colgán Meánmhuirí le comhaireamh in aghaidh an chuóta seo, ach déanfar iad a thuirisciú ar leithligh (SWO/MED-BC). Tá foghabhálacha marbha colgán Meánmhuirí ó iascaigh spóirt agus áineasa le comhaireamh in aghaidh an chuóta seo, ach déanfar iad a thuirisciú ar leithligh (SWO/MED-SR).			

IARSCRÍBHINN IE

AN tAIGÉAN ATLANTACH THOIR-THEAS – LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SEAFO

Ní chionroinntear na TACanna a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ar Pháirtithe Conarthacha SEAFO agus dá bhrí sin, tá cion an Aontais neamhchinntithe. Is í Rúnaíocht SEAFO a dhéanann faireachán ar ghabhálacha agus tabharfaidh sí fógra do Pháirtithe Conarthacha SEAFO nuair a bheidh an iascaireacht le scor toisc gur ídíodh TAC.

Tábla 1

Speiceas:	An t-alfainsín <i>Beryx</i> spp.	Limistéar:	SEAFO (ALF/SEAFO)
TAC	200 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
⁽¹⁾ Ní fhéadfar níos mó ná 132 thona a ghabháil i bhforoinn B1 (ALF/*F47NA).			

Tábla 2

Speiceas:	An portán dearg domhainmhara <i>Chaceon</i> spp.	Limistéar:	Foroinn B1 ⁽¹⁾ SEAFO (GER/F47NAM)
TAC	162 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
⁽¹⁾ Chun críoch an TAC seo, is mar a leanas a shainítear an limistéar atá oscailte don iascach:			
– tá a theorainn thiar ar an domhanfhad 0°O,			
– tá a theorainn thuaidh ar an domhanleithead 20°D,			
– tá a theorainn theas ar an domhanleithead 28°D, agus			
– tá a theorainn thoir ar feadh theorainneacha forimeallacha limistéar eacnamaíoch eisiach na Namaibe.			

Tábla 3

Speiceas:	An portán dearg domhainmhara <i>Chaceon</i> spp.	Limistéar:	SEAFO, cé is moite d'fhoroinn B1 (GER/F47X)
TAC	200	TAC réamhchúraim	

Tábla 4

Speiceas:	An déadiasc Patagónach <i>Dissostichus eleginoides</i>	Limistéar:	Folimistéar D SEAFO (TOP/F47D)
TAC	261	TAC réamhchúraim	

Tábla 5

Speiceas:	An déadiasc Patagónach <i>Dissostichus eleginoides</i>	Limistéar:	SEAFO, cé is moite d'fholimistéar D (TOP/F47-D)
TAC	0	TAC réamhchúraim	

Tábla 6

Speiceas:	An gainneachán flannbhúí <i>Hoplostethus atlanticus</i>	Limistéar:	Foroinn B1 ⁽¹⁾ SEAFO (ORY/F47NAM)
TAC	0 ⁽²⁾	TAC réamhchúraim	

- ⁽¹⁾ Chun críoch na hIarscríbhíne seo, is mar a leanas a shainítear an limistéar atá oscailte don iascach:
- tá a theorainn thiar ar an domhanfhad 0°O,
 - tá a theorainn thuaidh ar an domhanleithead 20°D,
 - tá a theorainn theas ar an domhanleithead 28°D, agus
 - tá a theorainn thoir ar feadh theorainneacha forimeallacha limistéar eacnamaíoch eisiach na Namaibe.

- ⁽²⁾ Ach amháin i gcás liúntas foghabhála 4 thona (ORY/*F47NA).

Tábla 7

Speiceas:	An gainneachán flannbhúí <i>Hoplostethus atlanticus</i>	Limistéar:	SEAFO, cé is moite d'fhoroinn B1 (ORY/F47X)
TAC	50	TAC réamhchúraim	

Tábla 8

Speiceas:	An cruacheann peiligeach <i>Pseudopentaceros</i> spp.	Limistéar:	SEAFO (EDW/SEAFO)
TAC	135	TAC réamhchúraim	

IARSCRÍBHINN IF

AN TUINNÍN GORM DEISCEARTACH – LIMISTÉIR DHÁILEACHÁIN

Speiceas:	An tuinnín gorm deisceartach <i>Thunnus maccoyii</i>	Limistéar:	Gach limistéar dáileacháin (SBF/F41-81)
An tAontas	13 ⁽¹⁾	TAC anailiseach	
TAC	13	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
⁽¹⁾	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriodhíithe faoin gcúta seo.		

IARSCRÍBHINN IG

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

Tábla 1

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach <i>Thunnus obesus</i>	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20° D (BET/F7120S)
An Phortaingéil	Le bunú ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Spáinn	Le bunú ⁽¹⁾		
An tAontas	Le bunú ⁽¹⁾		
TAC	Ní bhaineann le hábhar ⁽¹⁾		
⁽¹⁾ Ní fhéadfaidh ach soithí a úsáideann spiléir an cuóta seo a iascach.			

Tábla 2

Speiceas:	An colgán <i>Xiphias gladius</i>	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20° D (SWO/F7120S)
An tAontas	Le bunú	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

IARSCRÍBHINN IH

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SPRFMO

Tábla 1

Speiceas:	An déadiasc <i>Dissostichus</i> spp.	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (TOT/SPR-RB)
TAC	Le bunú ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
⁽¹⁾	<p>Is le haghaidh iascaigh thaiscéalaocha amháin an TAC bliantúil seo. Beidh an iascaireacht teoranta d'aon turas amháin nach faide ná 60 lá as a chéile agus a d'fhéadfadh tarlú aon am idir an 1 Bealtaine agus an 15 Samhain 2024. Ón 1 go dtí an 15 Samhain 2024, socrófar spiléir san oíche amháin agus cuirfear deireadh leis an iascaireacht uile láithreach má fhaigheann an méid seo a leanas bás:</p> <p>a) aon cheann de na speicis seo a leanas: an t-albatras fáin (<i>Diomedea exulans</i>), an t-albatras ceannliath (<i>Thalassarche chrysostoma</i>), an t-albatras dú-mhalach (<i>Thalassarche melanophris</i>), an guairdeall liath (<i>Procellaria cinerea</i>), an guairdeall clúmhach (<i>Pterodroma mollis</i>); nó</p> <p>b) trí cinn d'aon cheann de na speicis seo a leanas: an t-albatras éadrombhrtach (<i>Phoebetria palpebrata</i>), an guairdeall mór deisceartach (<i>Macronectes giganteus</i>) agus an guairdeall mór tuaisceartach (<i>Macronectes halli</i>).</p> <p>Beidh an iascaireacht teoranta freisin do 5 000 duán ar a mhéad in aghaidh an tacair, agus 120 tacar ar a mhéad. Socrófar spiléir 3 mhuirmhíle ar a laghad seachas a chéile, agus ní shocrófar iad ag suíomhanna spiléir inar socraíodh línte roimhe sin laistigh d'aon bhliain féilire amháin. Scoirfear den iascaireacht nuair a shroichfear an TAC nó má cuireadh agus má tarlaíodh 120 tacar le linn an turais, cibé acu is túisce. Beidh an iascaireacht teoranta do dhóimhneacht idir 600 m agus 2 500 m agus ní dhéanfar í ach laistigh den bhloc taighde seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - TI 50°30' D, 136°O - TO 50°30' D, 140°30' O - O-Fleasc 52°45' D, 140°30' O - O-coirnéal 52°45' D, 145°30' O - DO 54°50' D, 145°30' O - DI 54°50' D, 136°O 		

Tábla 2

Speiceas:	An bolmán Sileach <i>Trachurus murphyi</i>	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (CJM/SPRFMO)
An Ghearmáin	Le bunú	TAC anailíseach	
An Ísiltír	Le bunú	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Liotuáin	Le bunú	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Pholainn	Le bunú		
An tAontas	Le bunú		
TAC	Le bunú		

IARSCRÍBHINN IJ

LIMISTÉAR INNIÚLACHTA IOTC

Tábla 1

Speiceas:	An tuinnín buí <i>Thunnus albacares</i>	Limistéar:	Limistéar Inniúlachta IOTC (YFT/IOTC)
An Fhrainc	27 710	TAC anailiseach	
An Iodáil	2 365	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Spáinn	42 903	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Phortaingéil	100 ⁽¹⁾		
An tAontas	73 078		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

⁽¹⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo.

Tábla 2

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach <i>Thunnus obesus</i>	Limistéar:	Limistéar Inniúlachta IOTC (BET/IOTC)
An Fhrainc	3700	TAC anailiseach	
An Iodáil	410	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Spáinn	12 862	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Phortaingéil	38 ⁽¹⁾		
An tAontas	17 010		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

⁽¹⁾ Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo.

IARSCRÍBHINN IK

LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ SIOFA

Tábla 1

Speiceas:	An fíogach Portaingéalach <i>Centroscymnus coelolepis</i>	Limistéar:	Folimistéar 2 ⁽¹⁾ SIOFA (CYO/F517S2)
TAC	767,6 ⁽²⁾⁽³⁾	TAC réamhchúraim	
⁽¹⁾	Uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 51.7 FAO a theorannaítear ag: - domhanleithead 36°00'D ó dheas, - domhanfhad 49°00' O thoir, - domhanfhad 40°00' O thiar - na limistéir eacnamaíocha eisiacha chónagaracha ó thuaidh.		
⁽²⁾	Ní chionroinntear an liúntas foghabhála a leagtar amach thuas i measc Chomhaltáí SEAFO, agus dá bhrí sin tá cion an Aontais neamhchinntithe.		
⁽³⁾	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin liúntas foghabhála seo. A luaithe a bheidh an liúntas foghabhála ídithe, tabharfaidh Rúnaíocht SIOFA fógra do Pháirtithe Conarthacha SIOFA. Ar an bhfógra sin a fháil go bhfuil an liúntas foghabhála ídithe, áiríteoidh na Ballstáit nach gcoinneoidh a soithí a bhíonn ag iascaireacht i bhfolimistéar 2 SIOFA aon fhíogach Portaingéalach ar feadh an chuid eile den bhliain. Beidh feidhm ag an toirmeasc coinneála sin maidir le haon líne san uisce tar éis fógra a fháil ó Rúnaíocht SIOFA go bhfuil an liúntas foghabhála ídithe. Soithí a bhfuil línte acu san uisce tráth a bhfaightear an fógra, féadfaidh siad fíogaigh Phortaingéalacha atá marbh tráth an tarlaithe a choinneáil agus scaoilfidh siad gach fíogach Portaingéalach beo ar na línte sin.		

Tábla 2

Speiceas:	An déadiasc <i>Dissostichus</i> spp.	Limistéar:	Limistéar Del Cano ⁽¹⁾ (TOT/F517DC)
An tAontas	18,33 ⁽²⁾	TAC réamhchúraim	
TAC	55 ⁽²⁾		

- ⁽¹⁾ Uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 51.7 FAO a theorannaítear ag:
- domhanleithead 44°00'D ó thuaidh agus í laistiar de 44°09'O agus domhanleithead 43°30'D agus í lastoir de 44°09'O,
 - domhanleithead 45°00'D ó dheas,
 - na limistéir eacnamaíocha eisiacha chóngaracha thiar agus thoir.
- ⁽²⁾ Ní fhéadfaidh ach soithí iascaireachta a mbeidh breathnóirí ar bord orthu agus a mbeidh spiléir á n-úsáid acu iascach anseo le linn an tséasúir iascaireachta ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2024. Ní rachaidh spiléir thar 3 000 duán in aghaidh na líne agus socrófar iad ag trí mhuirmhíle ar a laghad óna chéile.
- Ní rachaidh gabhálacha soithí nach ndíríonn ar an speiceas seo thar 0,5 tona de *Dissostichus* spp. in aghaidh an tséasúir iascaireachta. Nuair a shroichfidh soitheach an teorainn sin, ní fhéadfaidh sí iascach i Limistéar Del Cano a thuilleadh.

Tábla 3

Speiceas:	An déadiasc <i>Dissostichus</i> spp.	Limistéar:	Williams Ridge ⁽¹⁾ (TOT/F574WR)
TAC	140 ⁽²⁾	TAC réamhchúraim	

- ⁽¹⁾ An limistéar d'fholimistéar 57.4 FAO a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas:
- | Pointe | Domhanleithead | Domhanfhad |
|--------|----------------|-------------|
| 1 | 52°30'00" D | 80°00'00" O |
| 2 | 55°00'00" D | 80°00'00" O |
| 3 | 55°00'00" D | 85°00'00" O |
| 4 | 52°30'00" D | 85°00'00" O |
- ⁽²⁾ Ní chionroinntear an TAC a leagtar amach thuas idir comhaltaí SEAFO agus dá bhri sin, tá cion an Aontais neamhchinnithe. Ní fhéadfaidh ach soithí iascaireachta a bhfuil breathnóirí ar bord orthu iascach anseo le linn an tséasúir iascaireachta ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2024. Ní shocrófar níos mó ná dhá spiléar nach rachaidh thar 6 250 duán in aghaidh na cille greille arna bunú ag SIOFA agus cuirfear tréimhse 30 lá ar a laghad i bhfeidhm idir turais iascaireachta de réir na gcoinníollacha rochtana arna mbunú ag SIOFA. Ní rachaidh gabhálacha soithí nach ndíríonn ar an speiceas seo thar 0,5 tona de *Dissostichus* spp. in aghaidh an tséasúir iascaireachta. Nuair a bhainfidh soitheach iascaireachta an teorainn sin amach, ní fhéadfaidh sí iascaireacht a dhéanamh in Williams Ridge a thuilleadh.

Limistéir faoi chosaint eatramhach

Atlantis Bank

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	32°00'	57°00'
2	32°50'	57°00'
3	32°50'	58°00'
4	32°00'	58°00'

Coral

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	41°00'	42°00'
2	41°40'	42°00'
3	41°40'	44°00'
4	41°00'	44°00'

Fools Flat

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	31°30'	94°40'
2	31°40'	94°40'
3	31°40'	95°00'
4	31°30'	95°00'

Middle of What

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	37°54'	50°23'
2	37°56'30"	50°23'
3	37°56'30"	50°27'
4	37°54'	50°27'

Walter's Shoal

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	33°00'	43°10'
2	33°20'	43°10'
3	33°20'	44°10'
4	33°00'	44°10'

IARSCRÍBHINN IL

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN IATTC

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach <i>Thunnus obesus</i>	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún IATTC (BET/IATTC)
An tAontas	500 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
TAC	Ni bhaineann le hábhar		
⁽¹⁾	Ni fhéadfaidh ach soithí a úsáideann spiléir an cuóta seo a iascach.		

IARSCRÍBHINN II

IARRACHT IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA
I gCOMHTHÉACS BHAINISTÍOCHT NA STOC SÓL
I MUIR nIOCHT THIAR I ROINN 7e ICES

Caibidil I
Forálacha ginearálta

1. RAON FEIDHME
 - 1.1. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 10 méadar nó níos mó ar a bhfad iomlán agus a bhfuil an méid seo a leanas á n-iompar ar bord acu nó á n-implonú acu: tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná sin a mogallmhéid, chomh maith le líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná sin a mogallmhéid i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/472, agus atá i láthair i roinn 7e ICES.
 - 1.2. Soithí iascaireachta a iascann le líonta éighníomhacha ar cothrom le 120 mm nó ar mó ná sin a mogallmhéid agus a bhfuil cuntais teiste acu is lú ná 300 kg beomheáchan sól in aghaidh na bliana le linn na 3 bliana roimhe sin, de réir a dtairfead iascaireachta, díolmhófar na soithí sin ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
 - (a) is lú ná 300 kg beomheáchan sól a ghabh na soithí iascaireachta sin le linn thréimhse bhainistíochta 2022;

- (b) ní dhéanann na soithí iascaireachta sin trasloingsiú ar aon iasc ar muir chuig soitheach eile;
- (c) faoin 31 Iúil 2024 agus faoin 31 Eanáir 2025, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le taifid na soithí iascaireachta sin ar ghabhálacha sól sna 3 bliana roimhe sin agus ar ghabhálacha sól in 2024.

I gcás aon cheann de na coinníollacha sin gan a bheith á chomhlíonadh, scoirfidh na soithí iascaireachta lena mbaineann de bheith díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhíne seo, le héifeacht láithreach.

2. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhíne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘grúpáil trealaimh’ an ghrúpáil ina bhfuil an dá chatagóir trealaimh seo a leanas:
 - (i) tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná sin a mogallmhéid; agus
 - (ii) líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná sin a mogallmhéid;
- (b) ciallaíonn ‘trealamh rialáilte’ aon cheann den dá chatagóir trealaimh ar leis an ngrúpáil trealaimh iad;
- (c) ciallaíonn ‘an limistéar’ roinn 7e ICES;
- (d) ciallaíonn ‘tréimhse reatha bhainistíochta’ an tréimhse ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025.

3. SRIAN AR GHNÍOMHAÍOCHT

Gan dochar d'Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiríteoidh gach Ballstát maidir le soithí iascaireachta an Aontais a mbeidh a mbratach ar foluain acu agus a bheidh cláraithe san Aontas, agus trealamh rialáilte á iompar ar bord acu, nach bhfuil na soithí sin laistigh den limistéar ar feadh níos mó ná an líon laethanta a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo.

Caibidil II Údaruithe

4. SOITHÍ IASCAIREACHTA ÚDARAITHE

- 4.1. Ní údaróidh Ballstát iascaireacht le trealamh rialáilte sa limistéar arna déanamh ag aon soitheach a mbeidh a bratach ar foluain aici nach mbeidh aon taifead aici ar an ngníomhaíocht iascaireachta sin sa limistéar le linn na tréimhse ó 2002 go 2022, cé is moite de thaifead na ngníomhaíochtaí iascaireachta a d'eascair as aistriú laethanta idir soithí iascaireachta, mura n-áiríteoidh an Ballstát go gcoiscfear ar an acmhainneacht choibhéiseach, arna tomhas ina cileavatanna, iascaireacht a dhéanamh sa limistéar.
- 4.2. Mar sin féin, soitheach a mbeidh cuntas teiste aici maidir le trealamh rialáilte a úsáid, féadfar í a údarú le trealamh iascaireachta eile a úsáid, ar choinníoll gur cothrom an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealaimh iascaireachta eile leis an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealaimh rialáilte nó gur mó ná sin é.

- 4.3. I gcás soitheach iascaireachta a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain aici nach mbeidh aon chuóta aici sa limistéar, ní údarófar í le hiascaireacht a dhéanamh le trealamh rialáilte sa limistéar mura gcionroinnfear cuóta ar an soitheach iascaireachta tar éis aistriú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mura gcionroinnfear laethanta ar muir uirthi i gcomhréir le pointí 10 nó 11 den Iarscríbhinn seo.

Caibidil III

Líon na laethanta laistigh den limistéar a chionroinntear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais

5. AN LÍON UASTA LAETHANTA

Leagtar amach i dTábla I an líon uasta laethanta ar muir le linn na tréimhse reatha bainistíochta a fhéadfaidh Ballstát a údarú do shoitheach, a mbeidh a bhratach ar foluain aici, a bheith laistigh den limistéar agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aici.

Tábla I

An líon uasta laethanta a fhéadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar de réir chatagóir an trealamh rialáilte le linn na tréimhse reatha bainistíochta

Trealamh rialáilte	An líon uasta laethanta	
Tráil bhíoma a bhfuil ≥ 80 mm ina mogallmhéid	An Bheilg	176
	An Fhrainc	188
Líonta éighníomhacha a bhfuil ≤ 220 mm ina mogallmhéid	An Bheilg	176
	An Fhrainc	191

6. CÓRAS CILEAVAT-LAE

- 6.1. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát a chionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavat-lae. Tríd an gcóras sin, féadfaidh an Ballstát aon soitheach iascaireachta a mbaineann aon trealamh rialáilte a leagtar amach i dTábla I léi a údarú le bheith laistigh den limistéar ar feadh líon uasta laethanta nach ionann agus an líon laethanta a leagtar amach sa Tábla sin, ar choinníoll go n-urramaítear iomlán na gcileavat-laethanta a chomhfhreagraíonn don trealamh rialáilte.
- 6.2. Is é méid foriomlán na gcileavat-laethanta sin suim gach iarrachta iascaireachta aonair a chionroinnfear ar na soithí iascaireachta sin a mbeidh bratach an Bhallstáit lena mbaineann ar foluain acu agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealaimh rialáilte. Beidh na hiarrachtaí iascaireachta aonair sin á ríomh ina gcileavat-laethanta trí chumhacht innill gach soithigh iascaireachta a iolrú faoin líon laethanta ar muir a dheonófaí di, de réir Thábla I, dá mba rud é nach gcuirfí pointe 6.1 i bhfeidhm.
- 6.3. I gcás aon Bhallstát ar mian leis leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1, cuirfidh an Ballstát sin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, le haghaidh an trealaimh rialáilte a leagtar amach i dTábla I, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh sonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:
- liosta de na soithí atá údaraithe le bheith ag iascaireacht agus a n-uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais agus cumhacht an innill atá acu;
 - an líon laethanta ar muir a n-údarófaí gach soitheach iascaireachta i dtús báire le hiascaireacht a dhéanamh de réir Thábla I agus an líon laethanta ar muir a mbainfeadh gach soitheach iascaireachta tairbhe as i gcur i bhfeidhm phointe 6.1.

- 6.4. Ar bhonn an iarratais sin, measfaidh an Coimisiún cé acu a bheidh nó nach mbeidh na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe 6 á gcomhlíonadh agus, i gcás ina mbeidh, féadfaidh sé an Ballstát lena mbaineann a údarú le leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1.
7. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH SCOR BUAN GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA
- 7.1. Féadfaidh an Coimisiún líon breise laethanta ar muir a bhféadfaidh Ballstát brataí soitheach iascaireachta dá chuid a údarú le bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aige a chionroinnt ar Bhallstát ar bhonn scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a rinneadh le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nó le Rialachán (CE) Uimh. 744/2008 ón gComhairle². Féadfaidh an Coimisiún scor buan a eascroidh as aon imthosca eile a mheas ar bhonn cás ar chás, tar éis iarratas cuí-réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón mBallstát lena mbaineann. In iarratas mar sin, sainaitheofar na soithí iascaireachta lena mbaineann agus dearbhófar, i gcás gach soithigh acu, nach bhfillfidh siad ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh choíche.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006, (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 744/2008 ón gComhairle an 24 Iúil 2008 lena dtionscnaítear gníomhaíocht shonrach shealadach arb é is aidhm di athstruchtúrú chabhlaigh iascaigh de chuid an Chomhphobail Eorpaigh, a bhfuil difear déanta ag an ngéarchéim eacnamaíoch dóibh, a chur chun cinn (IO L 202, 31.7.2008, lch. 1).

- 7.2. An iarracht in 2003 arna tomhas ina cileavata-laethanta a rinne na soithí iascaireachta aistarraingthe a raibh grúpáil trealaimh ar leith á húsáid acu, déanfar í a roinnt ar an iarracht a rinne gach soitheach iascaireachta in 2003 agus an ghrúpáil trealaimh sin á húsáid acu. Déanfar líon breise na laethanta ar muir a ríomh tríd an gcóimheas a gheofar amhlaidh a iolrú faoin líon laethanta a chionroinnfí de réir Thábla I. Déanfar aon chuid de lá a thiocfadh as an ríomh sin a shlánú go dtí an lá iomlán is gaire.
- 7.3. Ní bheidh feidhm ag pointí 7.1 ná 7.2 i gcás ina ndearnadh soitheach iascaireachta a ionadú i gcomhréir le pointe 4.2, nó i gcás inar baineadh úsáid as an tarraingt siar sin cheana féin sna blianta roimhe sin chun laethanta breise ar muir a fháil.
- 7.4. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 7.1 cuirfidh sé iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 15 Meitheamh 2024, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh, i gcás na grúpála trealaimh mar a leagtar amach í i dTábla I, mionsonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:
- (a) liosta de na soithí iascaireachta aistarraingthe agus a n-uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais agus cumhacht an innill atá acu;
 - (b) an ghníomhaíocht iascaireachta a rinne na soithí iascaireachta sin in 2003 arna ríomh ina laethanta ar muir de réir ghrúpáil an trealamh iascaireachta.

- 7.5. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát aon lá breise ar muir a dheonófar a ath-chionroinnt ar na soithí iascaireachta uile nó ar chuid de na soithí iascaireachta a bheidh fágtha ina chabhlach agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealamh rialáilte.
- 7.6. Nuair a chionroinnfidh an Coimisiún laethanta breise ar muir i ngeall ar scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin, déanfar an líon uasta laethanta in aghaidh an Bhallstáit agus an trealamh a leagtar amach i dTábla I a choigeartú dá réir sin le haghaidh na tréimhse reatha bainistíochta.
8. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE HAGHAIDH CLÚDACH BREATHNÓRA EOLAÍOCH FEABHSAITHE
- 8.1. Féadfaidh an Coimisiún 3 lá breise a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici lena linn a chionroinnt idir an 1 Feabhra 2024 agus an 31 Eanáir 2025 ar Bhallstát ar bhonn clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch i gcomhpháirt le heolaithe agus le tionscal na hiascaireachta. Díreofar i gclár mar sin, go háirithe, ar leibhéal aischuir agus ar chomhdhéanamh gabhála agus rachaidh sé thar na ceanglais maidir le bailiú sonraí, a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ agus ina rialacha cur chun feidhme a bhaineann le cláir náisiúnta.
- 8.2. Beidh breathnóirí eolaíocha neamhspleách ar an úinéir, ar mháistir an tsoithigh iascaireachta agus ar aon chomhalta den chriú.

³ Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

- 8.3. Déanfaidh Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 8.1 tuairisc faoina chlár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena fhorpheas.
- 8.4. Más rud é go ndearna an Coimisiún clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch arna thíolacadh ag Ballstát a fhorpheas roimhe seo, agus gur mian leis an mBallstát lena mbaineann go leanfar den chlár sin a chur i bhfeidhm gan aon athrú, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún go leanfar den chlár sin 4 seachtaine roimh thús na tréimhse lena mbaineann an clár.

Caibidil IV

Bainistíocht

9. OIBLEAGÁID GHINEARÁLTA

Déanfaidh na Ballstáit an iarracht iascaireachta uasta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 26 go 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

10. TRÉIMHSÍ BAINISTÍOCHTA

- 10.1. Féadfaidh Ballstát na laethanta laistigh den limistéar a leagtar amach i dTábla I a roinnt ina dtréimhsí bainistíochta a mhairfidh mí féilire amháin nó níos mó.

- 10.2. Is é an Ballstát lena mbaineann a shocróidh an líon laethanta nó uaireanta an chloig a fhéadfaidh soitheach iascaireachta a bheith laistigh den limistéar le linn tréimhse bhainistíochta.
- 10.3. Más de réir líon áirithe uaireanta an chloig a údaróidh Ballstát do shoithí iascaireachta a mbeidh a bhratach ar foluain acu a bheith laistigh den limistéar, leanfaidh an Ballstát de chaitheamh na laethanta a thomhas mar a shonraítear i bpointe 9. Arna iarraidh sin don Choimisiún, léireoidh an Ballstát lena mbaineann go ndearna sé bearta réamhchúraim chun róchaitheamh laethanta laistigh den limistéar toisc go ndearna soitheach iascaireachta a láithreach sa limistéar a fhoirceannadh sula raibh deireadh le tréimhse 24 uair an chloig a sheachaint.

Caibidil V

Cionranta iarrachta iascaireachta a mhalartú

11. LAETHANTA A AISTRÍÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A bhFUIL BRATACH BHALLSTÁIT AR FOLUAIN ACU
- 11.1. Féadfaidh Ballstát cead a thabhairt d'aon soitheach iascaireachta a mbeidh a bhratach ar foluain aici laethanta laistigh den limistéar a mbeidh údarú faighte aici ina leith a aistriú chuig soitheach iascaireachta eile a mbeidh bratach an Bhallstáit sin ar foluain aici laistigh den limistéar sin, ar choinníoll gur lú toradh líon na laethanta a fuair soitheach iascaireachta agus cumhacht an innill ina cileavatanna (cileavat-laethanta) ná toradh líon na laethanta a d'aistrigh an soitheach deontóra iascaireachta agus cumhacht a hinnill ina cileavatanna, nó gur cothrom lena chéile iad. Is é cumhacht innill na soithí iascaireachta ina cileavatanna an chumhacht sin a thairfeadfar i gcás gach soithigh atá i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.

- 11.2. Ní bheidh an líon iomlán laethanta laistigh den limistéar a aistreofar i gcomhréir le pointe 11.1, arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh iascaireachta deontóra ina cileavatanna, níos airde ná meánlíon bliantúil laethanta chuntas teiste an tsoithigh iascaireachta deontóra sa limistéar mar a fhíoraítear leis an logleabhar iascaireachta sna blianta 2001, 2002, 2003, 2004 agus 2005 arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh iascaireachta sin ina cileavatanna.
- 11.3. Ceadófar an t-aistriú laethanta i gcomhréir le pointe 11.1 idir soithí iascaireachta a oibreoidh le haon trealamh rialáilte agus le linn na tréimhse céanna bainistíochta.
- 11.4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir leis na haistrithe a rinneadh. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear formáidí scarbhileoige chun an fhaisnéis sin a bhailiú agus a tharchur. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 57(2) den Rialachán seo.
12. LAETHANTA A AISTRIÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A bhFUIL BRATACH BHALLSTÁIT AR FOLUAIN ACU

Féadfaidh na Ballstáit aistriú laethanta laistigh den limistéar le haghaidh na tréimhse bainistíochta céanna agus laistigh den limistéar idir aon soithí iascaireachta a mbeidh a mbratach ar foluain acu a cheadú ar choinníoll go mbeidh feidhm ag pointí 4.1, 4.3, 5, 6 agus 10. I gcás ina gcinnfidh Ballstáit aistriú mar sin a údarú, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, sula ndéanfar an t-aistriú, faoi shonraí an aistrithe, lena n-áirítear an líon laethanta atá le haistriú, an iarracht iascaireachta agus, i gcás inarb infheidhme, na cuótaí iascaireachta lena mbaineann.

Caibidil VI

Oibleagáidí maidir le tuairisciú

13. TUARASCÁIL AR IARRACHTAÍ IASCAIREACHTA

Beidh feidhm ag Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le soithí iascaireachta a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhíne seo. Tuigfear gurb é an limistéar geografach dá dtagraítear san Airteagal sin an limistéar a shainítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo.

14. SONRAÍ ÁBHARTHA A BHAILIÚ

Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a bhailiú gach ráithe maidir leis an iarracht iascaireachta iomlán, laistigh den limistéar, a rinne soithí iascaireachta a úsáideann trealamh tarraingthe agus gléas iascaireachta éighníomhach, an iarracht, laistigh den limistéar, a rinne soithí iascaireachta agus cineálacha éagsúla trealaimh á n-úsáid acu, agus cumhacht innill na soithí iascaireachta sin ina laethanta cileavata, ar bhonn na faisnéise a úsáidfear chun laethanta iascaireachta laistigh den limistéar a bhainistiú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

15. SONRAÍ ÁBHARTHA A CHUR IN IÚL

Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit scarbhileog ar fáil don Choimisiún ar a mbeidh sonraí a shonraítear i bpointe 14 agus san fhormáid a shonraítear i dTáblaí II agus III tríd an scarbhileog sin a sheoladh chuig an seoladh bosca ríomhphoist iomchuí, a chuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Choimisiún, faisnéis mhionsonraithe a chur chuig an gCoimisiún maidir leis an iarracht a cionroinneadh agus an iarracht a caitheadh lena gcumhdófar tréimhsí bainistíochta uile 2022 agus 2023 nó codanna díobh, agus úsáid á baint as an bhformáid sonraí a shonraítear i dTáblaí IV agus V.

Tábla II

Formáid an tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

An Ballstát	Trealamh	Tréimhse bhainistíochta	Dearbhú iarrachta carnaí
(1)	(2)	(3)	(4)

Tábla III

Formáid an tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(2) Trealamh	2		Ceann de na cineálacha trealamh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm
(3) Tréimhse bhainistíochta	4		Bliain amháin sa tréimhse ó thréimhse bhainistíochta 2006 go dtí an tréimhse reatha bhainistíochta
(4) Dearbhú iarrachta carnaí	7	D	Méid carnach na hiarrachta iascaireachta arna shloinneadh ina chileavat-laethanta a imscaradh ón 1 Feabhra go dtí an 31 Eanáir den tréimhse bhainistíochta ábhartha
⁽¹⁾ Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhoráidíú aonfhaid.			

Tábla IV

Formáid an tuairiscithe le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

An Ballstát	Uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais	Marcáil sheachtrach	Fad na tréimhse bainistíochta	Trealamh faoinar tugadh fógra				Laethanta incháilithe chun an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra a úsáid				Laethan treala faoi
				Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	Uimh. 1
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(5)	(5)	(5)	(6)	(6)	(6)	(6)	(7)

Tábla V

Formáid sonraí le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach iascaireachta cláraithe

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(2) Uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais	12		Uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais Uimhir aitheantais uathúil soithigh iascaireachta An Ballstát (cód ISO Alpha-3) fara sraith shainaitheantais (naoi gcarachtar) ina dhiaidh. I gcás ina mbeidh níos lú ná naoi gcarachtar sa tsraith, cuirfear nialais bhreise isteach ar thaobh na láimhe clé
(3) Marcáil sheachtrach	14	C	Faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ⁴
(4) Fad na tréimhse bainistíochta	2	C	Fad na tréimhse bainistíochta arna tomhas i míonna
(5) Trealamh faoinar tugadh fógra	2	C	Ceann de na cineálacha trealaimh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm

⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(6) Coinníoll speisialta a bhaineann leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta dá bhfuil an soitheach iascaireachta incháilithe faoi Iarscríbhinn II le haghaidh an trealaimh agus fhad na tréimhse bainistíochta faoinar tugadh fógra ina leith
(7) Laethanta a caitheadh leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta ar lena linn a chaith an soitheach iascaireachta go hiarbhír laistigh den limistéar agus úsáid á baint as trealamh a chomhfhreagraíonn don trealamh faoinar tugadh fógra faoi le linn na tréimhse bainistíochta faoinar tugadh fógra ina leith
(8) Laethanta a aistriú	4	C	I gcás laethanta a aistríodh, cuirtear in iúl an méid seo a leanas ‘– an líon laethanta a aistríodh’ agus i gcás laethanta a fuarthas cuirtear in iúl an méid seo a leanas ‘+ an líon laethanta a aistríodh’
⁽¹⁾ Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhormáidiú aonfhaid.			


*IARSCRÍBHINN III*LIMISTÉIR BHAINISTÍOCHTA LE hAGHAIDH SPÉIRLINTÍ I RANNA 2a AGUS 3a ICES
AGUS I bhFOLIMISTÉAR 4 ICES

Chun críocha bhainistiú na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a shocraítear in Iarscríbhinn IA, déantar na limistéir bhainistíochta ina bhfuil feidhm ag teorainneacha gabhála sonracha mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus san Fhoscríbhinn a ghabhann leo a shainiú:

Limistéar bainistíochta le haghaidh corra gainimh	Dronuilleoga staidrimh ICES
1r	31–33 E9–F4; 33 F5; 34–37 E9–F6; 38–40 F0–F5; 41 F4–F5
2r	35 F7–F8; 36 F7–F9; 37 F7–F8; 38 41 F6–F8; 42 F6–F9; 43 F7–F9; 44 F9–G0; 45 G0–G1; 46 G1
3r	41–46 F1–F3; 42–46 F4–F5; 43–46 F6; 44–46 F7–F8; 45–46 F9; 46–47 G0; 47 G1 agus 48 G0
4	38–40 E7–E9 agus 41–46 E6–F0
5r	47–52 F1–F5
6	41–43 G0–G3; 44 G1
7r	47–52 E6–F0

Foscúbhinn

Limistéir bhainistíochta le haghaidh spéirlintí



IARSCRÍBHINN IV

TRÉIMHSÍ COISCTHE SÉASÚRACHA CHUN TROSC SCEITE A CHOSAINT

Beidh cosc ar iascach sna limistéir a leagtar amach sa tábla thíos do gach trealamh, seachas trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil), le linn na tréimhse sainaitheanta:

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimhir	Ainm an Limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
1	Stanhope ground	60° 10' T - 01° 45' O 60° 10' T - 02° 00' O 60° 25' T - 01° 45' O 60° 25' T - 02° 00' O	An 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán	
2	Long Hole	59°07,35' T – 0°31,04' I 59°03,60' T – 0°22,25' I 58°59,35' T – 0°17,85' I 58°56,00' T – 0°11,01' I 58°56,60' T – 0°08,85' I 58°59,86' T – 0°15,65' I 59°03,50' T – 0°20,00' I 59°08,15' T – 0°29,07' I	An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	
3	Coral edge	58° 51.70' T - 03° 26.70' O 58° 40.66' T - 03° 34.60' O 58° 24.00' T - 03° 12.40' O 58° 24.00' T - 02° 55.00' O 58° 35.65' T - 02° 56.30' O	An 1 Eanáir go dtí an 28 Feabhra	

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimhir	Ainm an Limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
4	Papa Bank	59° 56' T - 03° 08' O 59° 56' T - 02° 45' O 59° 35' T - 03° 15' O 59° 35' T - 03° 35' O	An 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
